Forbraíodh agus seoladh suíomh nua gréasáin na Comhpháirtíochta i rith 2007 agus tá malartú faisnéise idir páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne i bhfad níos éifeachtaí mar thoradh air.

Beidh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ag cur níos mó deiseanna ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas le go mbeidh siad rannpháirteach i spórt agus i siamsaíocht mar thoradh ar mhaoiniú in 2007 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

I gcomhar leis an gCumann Eitpheile, tá eitpheil ar fáil anois i gClár Chlainne Mhuiris agus i mBéal Easa

Chabhraíomhar le líon mór grúpaí in 2007 leis an Scéim Daoine Óga faoi Mhíbhuntáiste, ár Scéim féin agus Maoiniú Caipitil Spóirt. Tá úsáid bainte as ábhair a d'fhorbraíomar chun cabhrú le grúpaí ó thaobh eagrúcháin, pleanála agus beartais ar chóip chrua agus ar an idirlíon.

Seo a leanas achoimre ar phríomhiarmhairtí 2007:

- Bhain 450 oibrithe deonacha leas as cúrsaí de chuid na Comhpháirtíochta Spóirt in 2007. Bhain 130 duine leas as cúrsaí cóitseála spóirt i rith 2007 agus cuireadh iad leis an mbunachar méadaithe oibrithe deonacha spóirt atá 1600 duine ann anois.
- Thug an Chomhpháirtíocht Spóirt cabhair do 60 Tionscnamh Rannpháirtíochta dírithe ar an bpobal ar fad in 2007.
- Thug Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo cúnamh ceardlainne agus comhairle do na 15 chlub/eagraíocht a d'éirigh leo sa scéim deontais chaipitil spóirt.
- Baineadh úsáid níos fearr as an gComhshaol Nádúrtha leis an Tionscadal Siúil *Mayo in Motion* agus 4 thionscnamh rothaíochta ar a laghad don chontae.
- Cuireadh deiseanna gréasáin níos fearr ar bun idir clubanna/eagraíochtaí/grúpaí pobail etc. agus bunachar faisnéise dea-chleachtais/deiseanna maoinithe comhpháirtíochta mar thoradh air sin.
- Tá 548 Oibrí Deonach Spóirt ag tabhairt nósanna imeachta dea-chleachtais d'eagraíochtaí/clubanna spóirt sa chontae anois. Tá beartais cosanta leanaí ag oibrithe deonacha ainmnithe in 45 club agus is oifigigh cháilithe leanaí iad.

- Cuireadh béim ar Obair Dheonach i Spórt. Chuaigh leabhráin earcaíochta thart go 80 club/eagraíocht i gceantar Chlár Chlainne Mhuiris agus beidh siad á gcur ar fud an chontae in 2008.
- Oiliúnadh 770 Múinteoir Bunscoile ó 176 Scoil i gClár Rannpháirtíochta Buntús do Bhunscoileanna.
- Tá 13,000 Dalta Bunscoile ag baint tairbhe as an gClár Spóirt Buntús do Bhunscoileanna. Cuireadh Clár Corpoideachais de chaighdeán níos fearr ar fáil do Bhunscoileanna.
- Dáileadh luach €250,000 fearais spóirt ar Bhunscoileanna i Maigh Eo mar chuid de Chlár Buntús.
- Cruthaíodh feasacht níos fearr ar ghníomhaíochtaí Comhpháirtíochta Spóirt. Tá an chuid is mó de na cúrsaí lán agus tá iarratais le haghaidh oiliúna i roinnt réimsí ar nós garchabhrach agus cosanta leanaí.
- Baineadh níos mó úsáide as an ngréasán le haghaidh rochtain ar chúrsaí.
- Cuireadh béim ar thábhacht gníomhaíocht fhisiciúil agus spóirt ar chláir oibre gníomhaireachtaí áitiúla. Tá níos mó maoinithe le haghaidh spóirt sa chontae mar thoradh air sin.
- Táirgeadh deiseanna rannpháirtíochta do bhreis is 4,000 rannpháirtí ó gach cuid den tsochaí.
- Baineadh níos mó úsáide as áiseanna agus sainaithníodh príomhriachtanais bonneagair spóirt sa chontae. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil do ghníomhaireachtaí áitiúla dá n-úsáid féin.
- Cuireadh saincheist na nDaoine Breacaosta ar chlár oibre ghníomhaireachtaí/grúpaí áitiúla.

Ranganna Tacaíochta Chomhtháthú Saoil ag Ionaid Oiliúna an Lucht Siúil

Thionóil an Coiste Shábháilteachta Uisce Mhaigh Eo cúrsaí go rathúil i dtacaíocht bheatha bhunúsach ag Ionaid Oiliúna Sinsearach an Lucht Siúil i mBaile an Róba agus i gCaisleán an Bharraigh. Is é aidhm na gcúrsaí seo rannpháirtithe a oiliúint i scileanna tarrthála agus deis a chruthú don Lucht Siúil agus an pobal lonnaithe caidrimh a fheabhsú trí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht spóirt le chéile freisin.

Chomhordaigh Gary Smyth, Oifigeach Teagmhála Cóiríochta don Lucht Siúil, Comhairle Contae Mhaigh Eo an tionscnamh agus mhaoinigh an Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo é. Cúimsíodh na míreanna seo a leanas sa chúrsa:

- Conas fanacht sábháilte le linn timpistí,
- Conas glaoch ar sheirbhísí éigeandála,
- Cabhair tarrthála a riar.

Bhí baint ag leanaí rannpháirtithe an chúrsa sa tionscnamh sin chomh maith. Ghlac siad páirt i gcúrsa scileanna sábháilteachta uisce le leanaí an phobail lonnaithe, a spreag comhtháthú sóisialta trí chomhrannpháirtíocht an dá phobal i ngníomhaíocht spóirt.

Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

An Clár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí (NCIP)

Leanann Coiste Chúram Leanaí Mhaigh Eo ar aghaidh ag cur a ról i bhfeidhm maidir leis an NCIP a sheachadadh go háitiúil.

Bhí 2,581 áit cúram leanaí i Maigh Eo agus 158 seirbhís cúram sláinte cláraithe ag deireadh na bliana 2007. Tá 203 deontas faomhaithe do sholáthróirí cúram sláinte, is é sin le rá, €24,000,000 faomhaithe ónar thosaigh na cláir mhaoinithe sa bhliain 2000. Cuimsíonn na deontais sin deontas costais reatha agus deontais chaipitil do ghrúpaí Pobail, agus deontais chaipitil do sholáthróirí príobháideacha cúram sláinte.

I rith 2007, thuairiscigh Coiste Cúram Leanaí Mhaigh Eo go n-osclaíodh 6 Saoráid nua Cúram Leanaí a tógadh le sainchuspóir i Maigh Eo mar thoradh ar mholtaí an Choiste Cúram Leanaí d'Oifig an Aire Leanaí maidir le maoiniú a chur ar fáil. Tá na seirbhísí sin suite i mBaile Chathail, Coillte Mach, Béal an Átha, an Cnoc Mór, Túirín agus Ballyhaene.

Ciallaíonn sin gur faomhadh €2,540,750 do sholáthróirí cúram sláinte i Maigh Eo sa bhliain 2007.

Nuashonrú Gníomhaíochtaí

I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcríoch i rith 2007, bhí 4 chruinniú ag an 7 gceantar gréasáin seirbhísí cúram leanaí ó thart thimpeall an chontae (i.e. 28 cruinniú) agus eagraíodh 4 Fhóram Cúram Leanaí an Chontae

Reáchtáladh imeachtaí oiliúna i rith na bliana agus timpeall an chontae ar fad. Áirítear ar na heachtraí oiliúna sin, oiliúint i gcur chuige 'Reggio Emelia' agus 'High Scope' i leith chúram leanaí, oiliúint Buntus Start (i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo), garchabhair, Síolta (creatlach náisiúnta cúram leanaí), Cothromaíocht agus Éagsúlacht, agus oiliúint cúram leanaí d'aois scoile.

Chuir Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo roinnt mhaith seisiúin faisnéise i láthair maidir le saincheisteanna ar nós 'Centre of Excellence Award' de chuid an Chumainn Náisiúnta Naíolann Leanaí, obair le leanaí le riachtanais speisialta, an 'Scéim Fordheontais Pobail Cúram Leanaí' agus ag dul i ngleic le meiningíteas.

D'fhoilsigh Coiste Cúram Leanaí Mhaigh Eo 3 eagrán dá nuachtlitir i rith 2007.

Chuir an Coiste Cúram Leanaí tacaíocht agus cabhair leanúnach ar fáil do sheirbhísí cúram leanaí sa chontae i rith 2007. D'éagsúlaigh an tacaíocht agus an treoir sin ó faisnéis a sholáthar maidir le cur chuige cúram leanaí go hiarratais fórdheonaithe do Mhórdheontais Chaipitil faoin NCIP.

Ba é buaicphointe na bliana, áfach, an chéad imeacht Aithint Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo a reáchtáladh i mí na Samhna in Óstán Breaffy House. Bhí rath mór leis an imeacht sin agus chuir sé le próifíl Cúram Leanaí sa Chontae agus thug sé aitheantas don obair d'ardchaighdeán a dhéanann na seirbhísí cúram leanaí gach lá ar fud

Chontae Mhaigh Eo. Bhí an imeacht ‘carbhat dubh’ sin i bhfoirm damhsa is dinnéar agus bhí léiriú DVD ag taispeáint obair iontach seirbhísí Cúram Leanaí i Maigh Eo. Úsáideadh an imeacht freisin le Teastas a bhronnadh ar 5 sheirbhís cúram leanaí ó Mhaigh Eo as ucht stádas caighdeáin ‘Effective Early Learning’ a bhaint amach. Ba iadsan na chéad 5 sheirbhís sa chontae a bhain an gradam sin amach. Bhronn an tAire Leanaí, an tUas. Brendan Smith T.D., na teastais orthu agus ba é an t-aoíchainteoir ar an oíche freisin. D’fhreastail ionadaithe áitiúla tofa ar an ócáid chomh maith agus rinne Tommy Martin ó Raidió Mid West cathaoirleacht air.

Bord Fiontair Chontae Mhaigh Eo

Struchtúr

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Bord Fiontair Chontae Mhaigh Eo Teoranta agus is Gníomhaireacht Reachtúil atá ann atá bunaithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1995. Tá an Bord maoinithe ag an Rialtas Náisiúnta agus ag an Aontas Eorpach faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013.

Ba é bunaidhm an Bhoird ná:

- Pacáiste comhtháite cúnaimh a sholáthar d'fhiontair bheaga agus do mhicrifhiontair laistigh den Chontae agus
- Cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar chultúr fiontair.

Tá comhdhéanamh an Bhoird Fiontair Contae ionadaíoch ar chomhpháirtíocht ag leibhéal áitiúil idir ionadaithe tofa, gníomhaireachtaí stáit, na comhpháirtithe sóisialta, gnó áitiúil agus an earnáil dheonach.

Tugann Coiste Meastóireachta cúnamh don Bhord i measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht airgid a dhéanann moltaí ar na cineálacha cúnaimh cuí agus an leibhéal tacaíochta a bheadh ar fáil le haghaidh tionscadail. Áirítear i measc an Choiste daoine le taithí baincéireachta, cuntasaíochta agus saineolais ghnó agus taithí i measúnú a dhéanamh ar mholtaí fhiontair bheaga áitiúla.

Fuair an Bord buiséad iomlán €932,068 i dtreo seachadadh a gcuid seirbhísí in 2007.

Gníomhaíocht an Bhoird

Idirghabháil Airgeadais Roghnach

Ó bunaíodh é i 1993 ghlac Bord Fiontair Chontae Mhaigh Eo le beagán faoi bhun €6.5 milliún i gcúnamh deontais i dtreo 570 micrifhiontair mórthimpeall an Chontae. Go dtí seo d'íoc an Bord amach breis agus €5.7 milliún.

Chabhair an tacaíocht sin le 1,330 post lánaimseartha a chruthú sna micrifhiontair laistigh den chontae, mar a léirítear sa suirbhé bliantúil fostaíochta a rinneadh i mí na Samhna 2007. Tá 130 sa bhreis san fhigiúr sin ar fhigiúir blianta eile.

Le linn 2007 rinneadh faomhadh iomlán € d'acmhainn iontu 59 post lánaimseartha a chruthú.

Project supported by Mayo County Enterprise Board which won the "Best New Business" award and the recent Mayo Business Awards ceremony.

I rith na tréimhse céanna dáileadh íocaíochtaí deontais €349,814 ar 23 tionscadal éagsúil suite ar fud an chontae.

Forbairt Fiontraíochta agus Tógáil Cumais

Ó bunaíodh Bord Fiontair an Chontae i 1993, chuir sé oiliúint gnó agus bainistíochta ar fáil do bhreis is 3,000 duine i gContae Mhaigh Eo.

In 2007 fuair Bord Fiontair Chontae Mhaigh Eo leithdháileadh €285,500 i leith seachadadh an Chláir Bhogthacaíochta. Chiallaigh an leithdháileadh sin go raibh an Bord in ann críoch a chur le roinnt cláir a tosaíodh in 2006 agus, chomh maith leis sin, tabhairt faoi chlár cuimsitheach oiliúna agus tacaíochta in 2007. Ar an iomlán bhain 470 duine páirt áis as an oiliúint bhainistíochta agus tacaíochtaí comhairleacha a sholáthar Bord Fiontair Chontae Mhaigh Eo in 2007.

I measc na príomhthionscnamh bhí:

Clár	***Suíomh***	***Rannpháirtithe***
Clár Oiliúna i Scileanna Gnó	Béal an Átha Caisleán an Bharraigh Cnoc Mhuire Cathair na Mart	8 29 26 27
Clár Oiliúna faoi Bhainistiú Airgeadais	Caisleán an Bharraigh Clár Chlainne Mhuiris Béal an Átha	36 9 31
Fiontraíocht Bhaineann	Pontún, Caisleán an Bharraigh	57
Oiliúint Bainistíochta in Acmhainní Daonna	Caisleán an Bharraigh	26
Clár Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta	Caisleán an Bharraigh/ ar láthair	43
Forbairt Bhainistíochta	Caisleán an Bharraigh/ ar láthair	9
Comhairle Gnó agus Comhairleoireacht Duine-ar-Dhuine	Ar-láthair	10
Margaíocht	Caisleán an Bharraigh	17
Ceardlanna lae faoi ábhair éagsúla gnó	Ar fud an Chontae	**150**

Fiontraíocht Mac Léinn

Thug an Bord faoi roinnt thionscnamh le linn 2007 chun oideachas fiontraíochta a chur chun cinn i scoileanna dara leibhéil sa Chontae. Áiríodh orthu sin turais ar scoileanna, cruinnithe le múinteoirí, Ceardlanna Feasachta Fiontraíochta i mBéal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Coillte Mach agus Cluain Cearbán agus Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn a eagrú ag leibhéal an chontae.

D'fhreastail beagnach 300 dalta ar na ceardlanna feasachta fiontair.

Ghlac breis is 320 dalta in ocht meánscoil páirt sna Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn. Ghlac ocht dtionscadal ó cheithre scoil páirt i gComórtas Ceannais Chontae Mhaigh Eo don seans Contae Mhaigh Eo a ionadú sa Chomórtas Ceannais Náisiúnta. Meánscoil Íosa agus Mhuire, Crois Mhaoilíona, a rinne ionadaíocht orainn sa Chomórtas Ceannais Náisiúnta.

Rannpháirtithe in Oiliúint Acmhainní Daonna a sheachaid
Bord Fiontair Chontae Mhaigh Eo

Seirbhís na nEalaíon

Tá Seirbhís Ealaíon an Chontae ag leanúint leo ag forbairt ar bhonn prionsabail caighdeán, rochtana, cuimsithe agus luach fadtéarmach. Áirítear na réimsí seo a leanas sa tseirbhís: faisnéis, promóisean, comhairle, cláir, pleanáil agus beartas. Clúdaíonn sé gach cineál ealaíon: ceol, ealaíona físe, drámaíocht, damhsa, scannánaíocht, ealaíona pobail, féilte agus ealaín phoiblí. Déantar éifeachtúlacht na seirbhíse a uasmhéadú trí líonrú agus comhpháirtíochta straitéiseacha, le béim ar chomhtháthú na n-ealaíon sa ghnáthshaol laethúil.

Faisnéis, Cur chun Cinn agus Comhairle Ealaíon

Baineann breis is 230 grúpa pobail, ealaíontóir agus eagraíocht ealaíon úsáid as an tseirbhís chomhairleach agus lorgaíonn siad comhairle go rialta maidir le himeachtaí ealaíon agus foinsí maoinithe dá dtionscadail agus dá gcláir imeachtaí. Sa bhreis ar sin, tugann an oifig Ealaíon comhairle maidir le deontais an Achta Ealaíon atá ar fáil ar bhonn bliantúil d'aon phobal nó d'aon ghrúpa ar mian leo a n-imeacht ealaínbhunaithe a reáchtáil. Riarann Rúnaí an Chontae na deontais sin.

Clár Ealaíon 2007

Clár Cónaitheachta:

Cuireadh mórán oibre i gcrích tríd an gclár cónaitheachta in 2007

- Lean an ealaíontóir físiúil Deirdre Walsh lena sárobair i suíomhanna cúram sláinte.
- Bhí an scríbhneoir Paddy Bush ina scríbhneoir cónaitheach d'Fhéile Scríbhneoirí Force 12.
- Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht do chláir chónaitheacha d'Fhéile Sonas, d'Fhéile Taispeántas Oscailte Chlár Chlainne Mhuris agus Scoil Acla.
- Bhí *Bread & Puppet Theatre* Conpany ina n-ealaíontóirí cónaitheacha i rith Bealtaine, agus bhí siad ag obair le Scuad Ealaíon Mhaigh Eo (féach Scuad Ealaíon Mhaigh Eo thíos).

Scuad Ealaíon Mhaigh Eo:

Ó bunaíodh é i 1997, tá Scuad Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag soláthar sároiliúna i scileanna ealaíon pobail do chúig rannpháirtí dhéag ar bhonn bliantúil.

In 2007, bhí an *Bread & Puppet Theatre Company* cáiliúil ina nEalaíontóirí Cónaitheacha Bealtaine, ag obair leis an Scuad Ealaíon ar mhórthionscadal. I rith mí Bealtaine, cuireadh siorcas iontach i láthair a chuaigh ar chamchuairt chuig trí shuíomh sa chontae: Caisleán an Bharraigh, Béal an Easa agus Béal an Mhuirthead.

Clár Ealaíon in Oideachas:

- In 2007, d'eagraigh an oifig ealaíon 20 clár ealaíon comh-mhaoinithe sé seachtaine i scoileanna ar fud an chontae.
- I gcomhar le hIonad Oideachais Mhaigh Eo leanadh leis an gclár Uirlisí Ceoil do Leanaí agus do Scéimeanna Iar-bhunscoile in 2007 agus d'éirigh go maith leo, le tacaíocht ó cheardlanna a bhí á dtairiscint ag an oifig ealaíon. Bhain breis is 80 scoil tairbhe as na hacmhainní seo.

Clár Taipeántais Scoile Chomhairle Contae Mhaigh Eo:

- Tá dhá thaispeántas ó bhailiúchán Chomhairle Contae Mhaigh Eo a cuireadh le chéile go speisialta le haghaidh bunscoileanna. Bíonn deis ag ceithre scoil gach blian saothar ealaíne a fháil ar iasacht agus é a chur ar thaispeáint do leas a ndaltaí. Cuirtear ceardlanna tacaíochta ar fáil chomh maith tríd an oifig ealaíon le healaíontóirí a chuimsítear sna taispeántais.
- I mbliana, cuireadh pacáistí Oideachais ar fáil le cabhrú le múinteoirí agus daltaí an acmhainn taispeántais a úsáid níos éifeachtaí. Seoladh na pacáistí i mí Mheán Fómhair in Ionad Oideachais Mhaigh Eo.

Force 12:

- Eagraíodh an deireadh seachtaine bliantúil do scríbhneoirí i mBéal an Mhuirthead faoi stiúr Chris Agee agus d'fhreastail breis is 80 scríbhneoir ar an imeacht. Cláir léitheoireachtaí a dhéanann aoíscríbhneoirí gairmiúla agus grúpaí scríbhneoirí atá i gceist sa deireadh seachtaine. Áiríodh ar an liosta iontach Paddy Bushe, Michael Coady, Deirdre Madden, Francis Harvey, Claire Keegan, Harry Clifton, Michael Longley agus Patricia Craig.
- Rinneadh forbairt ar chlár scríbhneora cónaithe de chuid Force 12 nuair a d'oibrigh an scríbhneoir Paddy Bushe sa réigiún ag tabhairt ceardlanna agus léitheoireachtaí i scoileanna, leabharlanna agus suíomhanna cúram, chomh maith le bheith ag obair le grúpaí scríbhneoirí mórthimpeall an chontae.

Ealaíona do Dhaoine Breacaosta:

Bealtaine: Reáchtálann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo clár leathan do dhaoine breacaosta mórthimpeall an Chontae le linn mí na Bealtaine le haitheantas a thabhairt don fhéile bhliantúil a dhéanann ceiliúradh ar chruthaitheacht i ndaoine níos sine. Áiríodh ar na ceardlanna in 2007 dráma, rince, scéaltóireacht, scríbhneoireacht chruthaíoch, grianghrafadóireacht, ceol agus ealaíona físe. Áirítear taispeántais scannáin, ceolchoirmeacha, léitheoireachtaí filíochta agus léacht idirghníomhach le Ted Courtney ar imeachtaí Bealtaine 2007 chomh maith. Eagraíodh imeachtaí i mbreis is ocht mbaile dhéag agus d'fhreastail níos mó ná 1,000 duine orthu. Buaicphointe amháin de Bealtaine 07 cónaitheacht *Bread & Puppet Theater* (féach Scuad Ealaín Mhaigh Eo).

Bealtaine, *May, 2007: Launch in the Welcome Inn.*

Clár Comhairleachta agus Líonrú Ealaíontóirí: D'oibrigh cúigear ealaíontóir físiúil i gCathair na Mart, Acaill, Béal an Átha, Béal Átha na Muice agus Clár Chlainne Mhuiris faoi mheantóireacht an ealaíontóra Deirdre Walsh. Cuireadh dhá thaispeántas a tháinig ón gclár meantóireachta ar thaispeáint i mí na Bealtaine mar chuid den Chlár Meantóireachta. Tháinig saothar ón gcúig shuíomh cúraim le chéile in 'Between Colours' i gCaifé na hIarsmalainne, Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann – Saol na Tuaithe. Bhí ealaín le feiceáil ar shráideanna Chaisleán an Bharraigh le 'Reflecting Colours' le póstaeirí i bhfuinneoga siopaí agus gnólachtaí eile.

Ealaín Phoiblí agus Ealaín Fhísiúil:

2.6.1: % don Ealaín

Áirítear ar shaothar nua críochnaithe/seolta in 2007:

1. *Na hOileánaigh*, le Eamonn O'Doherty, Inis Toirc.
2. *The Wader,* by John Rowlands, Crois Mhaoilíona
3. *Scáile,* le Lucy Hill, Cé an Fhóid Dhuibh
4. *this time, this place*, le Jim Vaughan, Cliara.(foilseachán)
5. *Eye Witness*, le Remco de Fouw, N26 Béal an Átha
6. *Fire Eye*, le Lucy Hill, Stáisiún Dóiteáin Chathair na Mart.
7. *Point of View*, le Remco de Fouw, Béal Átha hAmhnais

Coimisiúnaithe Pobail:

9. Glenhest, Allie Kay
10. Cuslough, Allie Kay

Comórtais a seoladh agus ealaíontóirí a roghnaíodh:

8. Knockthomas Phase 2, Rory Breslin
9. Achill Fire Station, Paul Mosse
10. Ballinrobe, Michael Fortune

Bailiúchán Chomhairle Contae Mhaigh Eo:

Cuireadh le bailiúchán Chomhairle Contae Mhaigh Eo le ceannach na saothar ealaíne seo a leanas:

1. *'Cúl a'chnoic',* le Anne Finnegan
2. *'Soft Day',* le Jim Houston
3. *'Spider Series',* le Eveleen Kenny
4. *'Untitled',* le Mary O'Grady
5. *'Teapot'* le David Creedon
6. *'Sweepstakes Tickets',* le David Creedon
7. *'Green Kitchen',* le David Creedon
8. *'Red Bedroom'*, le David Creedon
9. *'Untitled'*, Fabrizio Simeoni

Taispeántais an Bhailiúcháin:

- 'Out of the Blue' Aicseam Déanaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Áras Inis Gluaire (Ionad Ealaíon Bhéal an Mhuirthead), Feabhra – Meitheamh
- 'Aspects', Saothar ó bhailiúchán Chomhairle Contae Mhaigh Eo**,** Ionad Ealaíona Bhéal an Átha, Meán Fómhair.
- Saothair ó bhailiúchán Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Samahin – Nollaig

Amharclann:

Amharclann na nÓg Mhaigh Eo: Trí chur chun cinn agus trí thacaíocht d'amharclannaíocht den scoth don óige, soláthraíonn MYT rochtain ar dhrámaíocht dóibh siúd idir 14 agus 22 bliain d'aois. Tá breis agus ceithre scór ball anois mórthimpeall an chontae. Tháinig borradh briese ar amharclann na n-óg in 2007 le ceardlanna seachtainiúla i ngach suíomh, iad curtha ar fáil ag éascaitheoirí oilte. Bhí léirithe ar leith ag MYT Chaileán an Bharraigh agus Bhéal an Átha in 2007.

Ceol:

Sraith Cheoil an tSamhraidh: Bhí sraith chuimsitheach imeachtaí ceoil ar fud an chontae a thug ceol den scoth chuig Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh, Baile Chathail, Béal Átha hAmhnais, Cill Eala, Inis Toirc agus Béal an Mhuirthead. Bhí gach cineál ceoil ann: ceol tíre, rac, traidisiúnta, domhanda agus claisiceach. Bhí

tinreamh iontach ann agus formhór na n-imeachtaí lán go doras. Áirítear ar cheardlanna na sraithe amhránaíocht chruthnóta do chóir sa chontae (le *Turtle Dove)* agus cnagadh do bhannaí ceoil samba áitiúla/náisiúnta (le *Monobloco).*

Whistleblast Quartet: Chomhlíon an tionscadal comhpháirtíochta sin (a mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon, an Ceoláras Náisiúnta agus Comhairle Contae Mhaigh Eo), seacht gclár idirghníomhacha ceoil i Maigh Eo i mbliana. Shroich gach clár buaic le léiriú beo don phobal i gcoitinne, na leanaí a bhí bainteach leis san áireamh. Ina theannta sin, bhí camchuairt trí lá ag an ngrúpa sa chontae ag cur léirithe ar siúl in 14 scoil éagsúla i gClár Chlainne Mhuiris, Béal an Mhuirthead agus Acaill (tuairim is 900 leanbh).

The National Chamber Choir, St. Michael's Church, Ballina.

Tionscadal Ceoil Pobail: Tosaíodh an tionscnamh ceoil pobail in 2004, le maoiniú ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus CGO Mhaigh Eo. Spreagann an tionscadal daoine d'aois ar bith a bheith páirteach sa cheol, agus go minic úsáideann siad uirlisí a bhí ina luí gan úsáid ina n-áiléirí acu. Bhí an-rath ar fad ar an tionscadal a bhí áisithe ag an gceoltóir John Hoban, agus bhí sé ag feidhmiú sna pobail seo a leanas in 2007: An Caonach, Derrada, Acaill and Cathair na Mart. Déantar meantóireacht freisin sa chlár ar ábhar áisitheoirí/oiliúnaithe i ngach pobal. Tá sraith de thaifeadtaí agus de sheónna raidió tagtha as an obair sin freisin.

Clár Ealaíon na nÓg:

Capoeria Workshop with Mayo Youth Theatre, *Ballina*

Reáchtáladh an cúigiú Clár Ealaíon EXCEL don Óige, ag díriú ar riachtanais daoine idir 13 – 20, i mí na Samhna 2007. Eagraíodh clár cuimsitheach ceardlanna agus máistir-ranganna le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí a bhí ann cheana féin agus a fhreastalaíonn ar dhaoine óga. Áiríodh i measc na n-imeachtaí rince, ullmhúchán cumhdaigh ealaíontóra, ceol (claisceadail, ceolfhoirneach, cnagadh, rap) amharclann (gluaiseacht agus rince don amharclann). Bhí tionscadal déantóireacht scannáin ann do dhéagóirí freisin i gCill Cheallaigh agus Túirín (i gcomhar le IRD Choillte Mach).

Foilseacháin:

- Public Art 2005 – 2007, Comhairle Contae Mhaigh Eo.
- Clár Taipeántais Scoile Chomhairle Contae Mhaigh Eo: Pacáistí Múinteoirí agus Daltaí.

Deontais Ealaíon

Soláthraíonn an Oifig Ealaíon raon leathan deontais do dhaoine gairmiúla agus daoine amaitéireacha i ngach gné de na healaíona: Deontais an Achta Ealaíon, Dámhachtainí Ealaíona Físe, Dámhachtainí Tyrone Guthrie Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Dámahchtain Dráma Amaitéireach, Guarantees Against Loss, Dámhachtain Cúnaimh Taifeadta Ceoil, Scéim Ceadail Ceoil, Sparánachtaí Ealaíontóirí, Dámhachtain Ealaíontóirí Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Liam Walsh.

Líonrú agus Comhpháirtíochtaí

Tionscadail Chomhpháirtíochta: Faigheann roinnt eagraíochtaí maoiniú bliantúil ar bhonn comhpháirtíochta le Comhairle Contae Mhaigh Eo. Aithníonn Comhairle Contae Mhaigh Eo cion gairmiúil na n-eagraíochtaí seo i leith fhorbairt straitéiseach na n-ealaíon sa chontae agus tacaíonn sí leo: Ionad Ealaíne an Linenhall (Caisleán an Bharraigh), Tigín Heinrich Boll (Acaill), Cumann Amharclannaíochta Yew Tree (Béal an Átha), Imeachtaí Ealaíon Bhéal an Átha (Béal an Átha), Stiúdiónna Theach an Chustaim (Cathair na Mart), Féile Iorrais, Féile Idirnáisiúnta Ealaíon Tíre (Béal an Mhuirthead), Fondúireacht Ealaíon Ballinglen (Baile an Chaisil) agus Áras Inse Gluaire a bhfuair maoiniú don chéad uair i mbliana.

Comhpháirtíochtaí Eile: Tá comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí ríthábhachtach má táthar le leanúint ar aghaidh go rathúil leis an bhfor-rochtain. Tá comhpháirtíochtaí maithe oibre forbartha ag an tSeirbís Ealaíon le: Cumann Cúraim an Iarthair, FÁS, Bord Sláinte an Iarthair, Aois agus Deiseanna, An Chomhairle Ealaíon, Ionad Oideachais Mhaigh Eo agus na scoileanna, Ospidéal an Chroí Rónaofa, Tionscadail Forbartha Pobail, Údarás na Gaeltachta, Ionad Scríbhneoirí Éireann, Cumann Cearta Ceoil na hÉireann, Tionscadail Comharsanachta don Óige.

Achoimre

Leanfaidh an tSeirbhís Ealaíon ag tacú le healaíontóirí agus lucht cleachtais ealaíne a chónaíonn agus a oibríonn i Maigh Eo d'fhonn an rud is fearr a fháil as a gcumas. Tá an tacaíocht dóibh siúd a dhéanann ealaín agus atá páirteach sna healaíona, ag gach leibhéal, i gcroílár seirbhíse atá forásach freagrach.

Leabharlann Chontae Mhaigh Eo

MISEAN

Caighdeán an tsaoil a fheabhsú do chách trí acmhainní éagsúla cultúrtha, oideachasúla, siamsaíochta agus faisnéise a sholáthar ar bhealach cairdiúil, cuimsitheach agus gairmiúil.

Tionscadail Chaipitil

CC Leabharlann Chaisleán an Bharraigh

D'oscail an CC leabharlann nua i gCaisleán an Bharraigh i mí Iúil 2007. Tá oifigí, áiseanna oiliúna, an tSeirbhís Leabharlann Scoile agus siopa leabhair ann. Chomh maith leis sin, cuireadh síneadh le Leabharlann Chaisleán an Bharraigh Ionad Foghlamtha IT le 20 ríomhaire .

An Cnoc Mór

Chuir Leabharlann Contae Mhaigh Eo leabhair agus ríomhairí ar fáil don ionad nua pobail sa Chnoc Mór chun seirbhís leabharlainne a chur ar fáil don tsaoráid uathúil phobail seo.

Baile an Chaisil

D'oscail an leabharlann bheag seo atá suite i sean-bhunscoil Bhaile an Chaisil i mí Bealtaine 2007. Aistreoidh sí go dtí an sean-mheánscoil nuair a bheidh sí ar fáil.

Plean Forbartha

Tá Plean Forbartha na Seirbhíse Leabharlainne 2006 go 2010 á chur i bhfeidhm go leanúnach. Ba é príomhbhéim 2007 rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar fhoirgnimh leabharlainne agus ar an tseirbhís a mhargú. Bronnadh Dámhachtain Údarás Náisiúnta Míchumais ar Leabharlann Bhéal an Átha i gcomhair rochtana in 2007 agus ba chuid lárnach í an leabharlann d'éachta na Comhairle i ndámhachtain inniúlachta O2. D'fhreastail grúpaí ó *Rehab* ar ranganna ríomhaireachta go leabharlanna i gCaisleán an Bharraigh go seachtainiúil i rith na bliana. Bhí cuairteanna ó Chumann Chathaoireacha Rothaí na hÉireann ar leabahrlanna Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha i rith na bliana chomh maith. Tá an tseirbhís leabharlainne ag cur cathaoireacha rothaí ar fáil ina craobhacha móra freisin.

Chomh maith leis sin, tá margaíocht na seirbhíse méadaithe go mór de bharr an chláir leanúnaigh fógraíochta agus cuairteanna ar scoileanna agus eagraíochtaí eile. Tá clár cultúrtha na leabharlainne ag leathnú go tapa agus reáchtáladh breis is 300 imeacht in 2007 lena n-áirítear Féile Leabhar na Leanaí, Féile Bealtaine, Seachtain Náisiúnta Oidhreachta, Seachtain na Gaeilge agus EDGE 07.

Leabharlann Ceoil

Osclaíodh leabharlann ceoil i gCaisleán an Bharraigh i mí na Samhna 2007 ina bhfuil

dlúthdhioscaí, DVDanna agus leabhair faoi cheol traidisiúnta, gormacha, snag, tíre agus clasaiceach. D'oscail Mick Flavin, amhránaí tíre, an leabharlann.

Clár Cultúir

Reáchtálann Leabharlann Mhaigh Eo clár fairsing cultúir gach bliain. In 2007, eagraíodh 150 imeacht i leabharlanna Bhéal an Átha agus Chaisleán an Bharraigh amháin. Áiríodh ar na buaicphointí:

Seachtain Náisiúnta na Leabharlann

Ba i mí an Mhárta a bhí Seachtain Náisiúnta na Leabharlann. Ba é aidhm na seachtaine leabhair agus léitheoireacht a chur chun cinn. Tionóladh roinnt imeachtaí i leabharlanna Mhaigh Eo lena n-áirítear:

"Ireland's Biggest Book Quiz" winners with quiz master Brendan Balfe.

Seoladh oifigiúil na seachtaine ag **John Connolly**, údar scéinséirí, i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh agus labhair sé faoina cheirdréim scríbhneoireachta;
"Blow It or Bank It" – óráid ó Colm Rapple, údar agus saineolaí neamhsplea
The Importance of Books and Readi
do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí eagraithe ag Bunscoil Coolleat, Béal an Átha
Ireland's Biggest Book Quiz – tionólta in Óstán Traveller's Friend, Caisleán an Bharraigh agus curtha i láthair ag Brendan Balfe de chuid RTÉ;
Ceardlanna Scileanna Sorcais tionólta i leabharlanna Bhaile an Róba agus Chlár Chlainne Mhuiris.

Féile Bealtaine

Is ceiliúradh míosa é Bealtaine ar son cruthaíocht i ndaoine níos sine. Tionóladh roinnt imeachtaí i leabharlanna sa chontae ar a n-áirítear:
Intrigue of the Miniature' Réamhra ar chriadóireacht, péintéireacht, tithe caibinéid Dúitseach, uibheacha Fabergé, tithe bábóga, leabhair miondeilbhe i Leabharlann Choillte Mach;
Jennifer Johnston, léigh an t-údar i Leabharlann Bhéal an Átha;

Colour in the Garden throughout the Year', caint ag Lorna McMahhon, R.H.S.I. i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Seodraí Seanda leis an saineolaí seandálaíochta, Phyllis McNamara, i Leabharlann Bhaile an Róba;
John Quinn: "A Letter to Olive", caint i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
The Lost Art of Letter Writing, clár le daoine a spreagadh chun litreacha a scríobh. Foilsítear an méid is fearr agus léitear iad ar an raidió;
"Letters through Time" - i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh – Taispeántas de chuid de na litreacha is maoithní agus is corraithí a scríobhadh abhaile agus samplaí de litreacha stairiúla grá ;
"Emigrant Letters". Leabharlann Bhéal an Átha – taispeántas faoi eisimirce go Meiriceá tríd na litreacha a sheol eisimircigh abhaile;

Féile Eolaíochta agus Teicneolaíocht Mhaigh Eo

Tionóladh roinnt imeachtaí i leabharlanna Mhaigh Eo i gcomhair Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhaigh Eo i mí na Samhna. Bhí taispeántas tástálacha eolaíochta i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh. **Reáchtáladh ceardlann chothaithe eolaíochta i Leabharlann Bhéal an Átha do dhaltaí bunscoile faoi chúram REMEDI. Bhí tóir mhór ar an dá imeacht. Bhí seastán ag an leabharlann ag an taispeántas eolaíochta ag an Óstán TF Royal chomh maith.**

EDGE07: On the Road – Remembering Jack Kerouac

Féile sheachtaine scríbhneoireachta agus léitheoireachta a bhí in *Edge 07* le roinnt Údair Éireannacha a tionóladh i gcomhar le hIonad Éalaíon Bhéal an Átha i mí Mheán Fómhair. Bhí léitheoireachtaí agus ceardlanna ag Cathal Ó Searcaigh, Emer Martin, Terry McDonagh agus Mike McCormack sa leabharlann agus sna scoileanna áitiúla.

Taispeántais agus Imeachtaí Cultúrtha

If I was a Blackbird, taispeántas ceiliúrtha beatha Delia Murphy, amhránaí, ar siúl i leabharlanna Chlár Chlainne Mhuiris agus Chaisleán an Bharraigh;
RTÉ Big Science Debate taifeadta i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Ghlac an leabharlann páirt i **Healthy Ageing Day** Acaill i mí Aibreáin;
Seoladh Leabhair i Leabharlann Acla le Breda O'Malley;
*Cuairt ón **Boston Genealogy Society** chun bailiúchán staidéir áitiúil na leabharlainne a fheiceáil;*
Taispeántas Scoileanna Iontaobhas Cathartha Chathair na Mart – Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas Ealaíne Margaret Meaney – Leabharlann Chathair na Mart;
Léitheoireacht dhúbailte i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh ag scríbhneoirí na hAirgintíne **Gerardo Gambolini agus Jorge Fondebrider,** laoich iad beirt de litríocht Mheiriceá Theas;
Taispeántas Grianghrafadóireachta na hAimsire RTÉ i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Taispeántas Béaloidis Mhaigh Eo, Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas meáin mheasctha Choláiste na Ceathrún Bige Leabharlann Chathair na Mart;

Taispeántas ealaíne **saothar ealaíontóirí áitiúla** i Leabharlann Acla;
Seoladh **Daoine na Bliana Mhaigh Eo** i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Taispeántas Masc – Journeys; a chruthaigh Scuad Ealaíon Mhaigh Eo i Leabharlann Bhéal an Átha;
Taispeántas ar **Thránna Brait Ghoirm Mhaigh Eo** – i Leabharlann Bhéal an Átha;
"Tír na nÓg" taispeántas réamhscoile ealaíne. Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas Ealaíne John Kilcoyne. Leabharlann Chathair na Mart;
Buaileann **Claremorris Film Society** le chéile gach mí i Leabharlann Chlár Chlainne Mhuiris;
Buaileann **Ballina Gramophone Club** le cheile gach mí sa leabharlann áitiúil;
Taispeántas ar Athrú Aeráide i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Taispeántas Ealaíne Club Vario – Leabharlann Bhéal an Átha;
Taispeántas Grianghrafadóireachta Covie Leabharlann Chathair na Mart;
Oíche Léitheoireachta Filíochta Noreen Gannon. Leabharlann Chathair na Mart;
Cúrsaí Scríbhneoireachta Cruthaíoch ag an údar Helen Falconer i Leabharlann Bhéal an Átha;
Cruinnithe grúpa scríbhneoirí Chaisleán an Bharraigh sa leabharlann áitiúil;
'Abbeylara: The Tragic Shooting of John Carthy' le Regina Hennelly – seoladh leabhair i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Gníomhaíochtaí meantóireachta Deartháir Mór – Deirfiúr Mhór – Leabharlann Bhéal an Átha;
Léitheoireacht Filíochta le Ger Reidy, Sean Lysaght agus Noreen Gannon ar son Chumann Cúraim an Iarthair – i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Comórtas Óráidíochta Scoile – Leabharlann Bhéal an Átha
Taispeántas Grianghrafadóireachta Action Ireland Burma. - i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Seoladh **Mystical Manoeuvres Pampering Day** ar son Chomhpháirtíocht SEIF na hAfraice i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Tionscadal Ealaíne Cúram Cónaitheach Naomh Agaistín – Leabharlann Bhéal an Átha;
Léitheoireacht **Pascal Khoo Thwe's** i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh;
Taispeántas **Ghrúpa Ealaíne Bhan Bhaile an Chaisleán** – Leabharlann Bhéal an Átha;
Comórtas Grianghrafadóireachta ón "Notice Nature Campaign". Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas Ealaíne Teach Custaim. Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas Oireachtais. Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas ealaíne agus ceirde Bunscoil na Dromainne – Leabharlann Chathair na Mart;
Taispeántas ealaíne agus ceirde Chónaitheoirí Lae McBride Home – Leabharlann Chathair na Mart;

Eachtraí Cultúrtha

Le haghaidh Chumainn Merriman Scoil Geimhridh bhí seoladh leabhar agus léamh filíochta i gCathair na Mart.

Le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta, eagraíodh eachtraí éagsúla trí mheán na Gaeilge i leabharlanna tríd an chontae.

Le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta, eagraíodh eachtraí éagsúla trí mheán na Gaeilge i leabharlanna ar fud an chontae.

Tacaíonn an leabharlann le féilte agus tionscnaimh chultúrtha sa chontae lena n-áirítear:

Cumann Béaloidis Mhaigh Eo
Féile Ealaíon Chathair na Mart
Tionscadal Admiral Browne
Féile Sogroo Bhaile Chathail
Féile Sonas Chluain Cearbán
Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo
Tearmann do Mhná Mhaigh Eo
Féile Raifteirí Choillte Mach

Clár na Leanaí

Eagraíonn an leabharlann réimse leathan imeachtaí do leanaí i rith na bliana, le huaireanta scéalaíochta, comórtais agus cuairteanna agus ceardlanna le húdair. Ba é Féile míosa Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair buaicphointe na bliana, le 75 imeacht ar ar fhreastail os cionn 3,000 leanbh.

I measc buaicphointí na bliana bhí oíche Harry Potter a tharraing os cionn 600 duine chuig Leabharlann Chaisleán an Bharraigh ag meánoíche i gcomhair sheoladh an leabhair Harry Potter deireanach. Fuair an imeacht, a chuimsigh péinteáil aghaidhe, comórtais agus imeachtaí spraíúla poiblíocht náisiúnta ar 2FM, TG4 agus The Irish Independent.

I meacs na n-imeachtaí eile bhí:
Scéaltóireacht le Niall de Burca i Leabharlann Chrois Mhaoilíona;
Péinteáil Aghaidhe agus scéaltóireacht i mBéal Átha na Muice mar chuid den Fhéile Sogroo;
Ceardlann Scileanna Sorcais i Leabharlanna Bhaile an Róba agus Chlár Chlainne Mhuiris;
Shocraigh Edith Geraghty Leabharlanna Bhaile Chathail agus Bhéal Átha na Muice le haghaidh Sogroo –
Turais leabharlainne do dhaltaí scoile reáchtaithe i bhformhór na gcraobhacha;
Bhuail Comhairle na nÓg le foireann na leabharlann Bhéal an Átha agus Chaisleán an Bharraigh chun a dtuairimí faoin tseirbhís a phlé.

Tionscnaimh TFC

Caomhnaíodh, digitíodh agus cuireadh Léarscáil Mhaol Mhaigh Eo ó na 1830í ar fáil ar líne i gcomhair na Seachtaine Oidhreachta. Meastar gurb é an sampla is fearr de chartagrafaíocht na hÉireann ón tréimhse roimh an Léirscáilíocht Ordanáis. Cuireadh bunléirscáileacha eastáit Blosse-Lynch, a chuimsigh ó Balla go Loch Measca agus ó Loch Ceara go Clár Chlainne Mhuiris, ar fáil ar líne freisin. Ceapadh le fada go raibh na léirscáileacha sin caillte.

WIFI

Cuirfear Wifi ar fáil i gcúig chraobh leabharlainne in 2007. Ligeann an áis sin don phobal a ríomhairí glúine a úsáid don idirlíon sna leabharlanna. Tá an-tóir ar an tseirbhís iasachta ar líne BorrowBooks, a ligeann do léitheoirí Mhaigh Eo leabhair a fháil ar iasacht ó áit ar bith in Éirinn don chéad uair.

ríomhCholáiste FÁS

Is comhpháirtí é Leabharlann Mhaigh Eo i dtreoirscéim chun cúrsaí FÁS a sholáthar ar líne ar ríomhCholáiste. Beidh úsáideoirí na leabharlainne in ann teacht ar ríomhCholáiste trí Ríomhairí Idirlín rochtana poiblí sa leabharlann agus via ríomhairí glúine a sholáthróidh an tionscadal go húsáideoirí leabharlainne ar iasacht.

Ríomhairí do Dhaoine Scothaosta

Eagraíodh sraith ranganna Ríomhaireachta Bunús i leabharlanna Chaisleán an Bharraigh, Bhéal an Átha, Chlár Clainne Mhuiris, Bhaile Chathail, Choillte Mach, Acla, Bhéal Átha na Muice agus Chathair na Mart mar chuid d'fhéile na Bealtaine. Úsáideann Grúpaí Foghlama do Dhaoine Fásta na leabharlanna i gCaisleán an Bharraigh, Béal an Mhuirthead agus Clár Chlainne Mhuiris chun scileanna bunúsacha a fhoghlaim.

Ríomhairiú

Rinneadh ríomhairiú ar leabharlanna Béal an Easa agus Cluain Cearbán in 2007. Cuireadh an stoc leabhair agus an bhallraíocht isteach i mbunachar sonraí a chiallaíonn go bhfuil rochtain ag daoine sna bailte sin ar chatalóg iomlán leabharlainne an chontae agus is féidir leo leabhair a ordú agus a athnuachan ar líne.

Tionscadail Oidhreachta

Ginealach Mhaigh Eo ar Líne

In 2007, chuir leabharlann Chontae Mhaigh Eo, i gcomhar le hionad staire clainne Mhaigh Eo Theas agus Thuaidh, tús le seirbhís ghinealach ar shuíomh gréasáin na leabharlainne. Bíonn fáil ar na milliúin taifid chlainne ar bhunachair shonraí an ionaid d'úsáideoirí leabharlainne tríd an áis seo.

Tionscadal Taifead na Gaeltachta

Chuir Leabharlann Mhaigh Eo tús le tionscadal chun béaloideas, cuimhní agus stair Ghaeilgeoirí Ghaeltacht Mhaigh Eo a thaifead ar DVD in 2006. Tá níos mó ná 30 uair agallaimh curtha i gcrích anois. Cuirfidh an leabharlann CD ROM faoi gnáthaimh phósta agus bháis ar fáil roimh dheireadh na bliana. Déanann clár *Cultúr 2000* an AE maoiniú ar an tionscadal seo.

Irish Times Ar Líne

Chuir an leabharlann, mar aon le gach leabharlann phoiblí in Éirinn, an ceartlann iomlán den *Irish Times* ar fáil ar líne. Is atáirgeadh díreach lán-inchuardaithe ar gach eagrán ó 1859 i leith é an *Irish Times Digital Archive*.

Reáchtáil an leabharlann taispeántas de léirscáileacha seanda i rith na Seachtaine Oidhreachta, cuid acu ón 16ú haois.

Bronntanais

The Great book of Irish Genealogies (i sé imleabhar) a bhronn an díoltóir leabhair Eamonn De Burca, an Charraig Dhubh, Contae Átha Cliath;
Bailiúchán DVDanna, dlúthdhioscaí, físteipeanna, téipeanna agus cúrsaí teanga – a bhronn Fionán O'Reilly, nach maireann, ar Leabharlann Bhéal an Átha;
Facsimiles of the Baptismal Registers of the Methodist Church – a bhronn an tOirmheannach Cathal Duffy, Cumann Críostaí Chaisleán an Bharraigh;
Localised Pasts and Presents: Critical viewpoints on the making of County Mayo's commemorative heritages. Tráchtas M. A. le Michael Quinn 2006. Bhronn an t-údar;
Album of 24 sketches, dátaithe 1848 le Sandham Symes. Lena n-áirítear Cathair na Mart, Béal an Átha, Gaol Chaisleán an Bharraigh agus Mainistir na Maighne;
Resident Magistrate John C. Milling le Donal Buckley. Alt ar mharú Ghiúistís Cónaitheach i gCathair na Mart i 1919 lena n-áirítear facshamhail cháipéisí gaolmhara. Bronnta ag an údar;
Carrowbeg Parish of Kilcolman – Some Local History le Martin Duggan, bronnta ag an údar;
Bhronn an tAmbasadóir Liotuánach ábhair ar Leabharlann Bhaile an Róba;
The expansion of the O'Donel estate Newport, County Mayo 1785 – 1852. Tráchtas M.A. 2002 bronnta ag an údar, Peter Mullowney, Baile Uí Fhiacháin;

Statements relating to the War of Independence bronnta ag James Reddiough, Graffy, Béal an Átha: Patrick Hegarty, Eadargúil; Richard Walsh, Thomas Howley, Balla; Patrick Cassidy, Bealach an Doirín; Thomas Hevey, Stephen Donnelly, George Hewson, William J. O'Hora, Patrick Coleman, John Moran, Béal an Átha; Patrick Lyons, Béal Átha Bhearaigh; Sean Walsh, Both Chomhla; John Timony, Crois Mhaoilíona; P.J. Cannon, Oileán Éadaí; Michael Kilroy, Baile Uí Fhiacháin; Edward Moane, Sean Gibbons, Thomas Ketterick, P. J. Kelly, Cathair na Mart; Martin Mooney, Coillte Mach.

Sealbhuithe

Cheannaigh an leabharlann os cionn 20,000 leabhar in 2007 lena n-áirítear:

Minute book of Ballina Town Commissioners 18 October 1879 to 5th September 1892;
***Norah,The Letters of "Norah" on her tour through Ireland*, sraith litreacha go 'Witness' Mhontréal mar Chomhfhreagraí Speisialta go hÉirinn. 1882;**
David and Goliah or the complete victory of a Mayo Hedge-School pupil over Sir Thomas Drosss a souper Knight le Hugh Joseph O'Donnell Esq., Buirís Umhaill 1853;
Ireland: It's evils traced to their source leis an Oirmhinneach James R. Page, a chónaigh i mBaile Uí Fhiacháin agus Caisleán an Bharraigh 1836;
An authentic report of the discussion which took place in the Roman Catholic Chapel at Easkey in the County Sligo between three Roman Catholic priests and four Protestant ministers on the indiscriminate reading of the Bible, on the right of private judgement in it's interpretation and on making it the sole rule of faith 1825;

Copy of settlement on the marriage of the Right Honourable the Earl of Arran and Miss Elizabeth Marianne Napier, dátaithe 26ú Feabhra 1838;
General list of Jurors in Baronies of Claremorris and Swinford, Iúil 1877;

Bhailigh Leabharlann Chontae Mhaigh Eo litríocht gach iarratasóir Ollthoghcháin 2007 chomh maith le taifead stairiúil a choinneáil do ghlúine amach anseo.

Clubanna Leabhair

Ritheann leabharlann Mhaigh Eo clubanna leabhair i seacht gcinn dá gcuid leabharlainne - Caisleán an Bharraigh, Baile an Róba, Coillte Mach, Béal an Átha, Béal an Mhuirthead agus Cathair na Mart. Tugann na clubanna sin deis do dhaoine teacht le chéile go neamhfhoirmiúil chun leabhair agus cultúr a phlé.

Seirbhís Leabharlainne Scoile

Seachadaíonn an Leabharlann Scoile seirbhís ar 180 bunscoileanna lena n-áirítear 82 scoileanna faoi mhíbhuntáiste. De bharr sin, chomh maith le ceist líon méadaithe na leanaí le náisiúntachtaí difriúla a fhreastalaíonn ar scoileanna Mhaigh Eo, tugadh tús áite do tháirgeadh seirbhísí saineolaithe do mhúinteoirí Teanga agus Tacaíochta Foghlama in 2007.

Cuimsíonn an Bailiúchán Múinteoirí Acmhainne réimse leathnaithe toipicí anois a bhfuil sé mar chuspóir aige riachtanais ghairmiúla na ngnáthmhúinteoirí, mar aon le múinteoirí riachtanais speisialta, a shásamh. Cuireadh catalóg ar líne i bhfeidhm den bhailiúchán speisialta sin i mí Iúil 2007 ar shuíomh gréasáin Leabharlann Mhaigh Eo.

Tionscadal Forbartha Léimh

Sheol an tSeirbhís Leabharlainne Scoile Tionscadal uathúil Forbartha Léimh chun leibhéil léitheoireachta na ndaltaí ag a bhfuil deacrachtaí sainiúla teanga agus léitheoireachta, agus a bhfuil aois léitheoireachta íseal acu, a fheabhsú. Reáchtáiltear an tionscadal seo i gcomhar leis an Roinn Teiripe Urlabhra agus Teanga FSS i gCaisleán an Bharraigh. Tugadh faoi dearadh i rith treoirchéime na comhpháirtíochta sin go ndearna an chuid is mó, nó gach duine, de na daltaí a cuireadh ag an Teiripeach Urlabhra agus Teanga chuig an Leabharlann Scoile le haghaidh chúnamh speisialta léitheoireachta dul chun cinn suntasach ina léibhéil litearthachta agus léitheoireachta. Mheas an dá sheirbhís go gcabhródh sé dá ndéanfaí comhthacú fíorasach ar dhul chun cinn na leanaí sin.

Mar thoradh air sin, cuireadh tús leis an gcéad chéim den tionscadal nuálach léitheoireachta agus teanga i mí Mheán Fómhair 2007, a dhéanfaidh taifeadadh agus doiciméadú ar aon athruithe i leibhéil litearthachta na leanaí a ghlacann páirt sa tionscadal. Measadh leibhéal léitheoireachta na leanaí ag tús an tionscadail agus déanfar measúnú air arís sna céimeanna deiridh den chlár naoi mí sin nuair a dhéanfar aon dul chun cinn i leibhéil litearthachta a scrúdú agus a thaifeadadh. Táthar ag súil do ndéanfaí athruithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na leanaí i leith léitheoireachta, leabhar agus leabharlann go ginearálta a mheas.

Sparánacht James Daly

In 2007, d'eagraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo sparánacht in onór James Daly, bunbhall an Chonraidh Talún agus iriseoir. Bhí ar iarrthóirí láithriú cumarsáide a chumadh ar ábhar ar bith ar a bheadh spéis ag James Daly dá mbeadh sé beo anois, agus bhí se oscailte do gach mac léinn tríú leibhéil. Fógrófar an toradh roimh dheireadh na bliana 2007.

Leabharlann Jackie Clarke

Leanadh le hanailísiú agus catalógú Leabharlann Jackie Clarke i rith na bliana. Is bailiúchán uathúil é d'ábhair sheanda ar luach níos mó ná €10 milliún a deonadh ar an gComhairle sa bhliain 2006. Tharla sé go raibh ar an gComhairle an t-iarfhoirgneamh bainc a cheannach ar Shráid Pharnell, Béal an Átha, in 2007 mar go bhfuil an bailiúchán chomh fairsing sin.

Oidhreacht

I measc phríomhchúraim an Oifigigh Oidhreachta tá suim, oideachas, eolas agus bród in oidhreacht Mhaigh Eo a chur chun cinn; bailiú eolais; teagmháil le comhlachtaí eile in oidhreacht a chur chun cinn; straitéisí, beartais agus tionscadail a fhoirmliú, agus *Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo 2006-2011* a chur i bhfeidhm. Chuathas i mbun an Chláir Forfheidhmithe Bliain 2 den Phlean Oidhreachta in 2007 agus áirítear ar na tionscadail:

Suirbhé Rosfháil Chontae Mhaigh Eo

Is gnéithe nádúrtha oidhreachta iad fálta agus baineann mórthábhacht leo i soláthar gnáthóige agus conaire chun éagsúlacht fiadhúlra a chothabháil. Chomh maith leis sin, is ceantair luachmhara foinsí síl, bacainní stoic agus slogaidí cothaitheach iad, agus tá ról acu i gcosc tuile agus cosaint ó chreimeadh ithreach. Rinneadh an Suirbhé Rosfháil Chontae Mhaigh Eo in 2007 chun buneolais maidir le méid, nádúr agus cuma na rosfhálta sa chontae a fháil, chun imscrúdú a dhéanamh ar chomhthéacs ginearálta comhshaoil agus staire na rosfhálta sa chontae agus chun na sonraí a bhailítear a mheas agus moltaí a chur ar aghaidh le caomhnú na háise sin a chur chun cinn sa todhchaí.

Iniúchadh ar Thacar Sonraí Bitheolaíocha

Tá Maigh Eo i measc na contaetha is éagsúla sa tír ó thaobh oidhreachta nádúrtha de, le réimse leathan speiceas agus cineálacha gnáthóige. Meastar i gcomhthéacs Eorpach mar aon le comhthéacs Éireannach go bhfuil cuid mhaith díobh sin tábhachtach agus tá breis is 27% den chontae sainithe i gcomhair chaomhnú an dúlra. Ba é aidhm an tionscadail sin eolas a bhailiú maidir le tacair shonraí oidhreacht nádúrtha, foinsí agus suíomhanna na sonraí cuí don chontae a liostú, bearnaí san eolas bitheolaíochta a shainaithint agus moltaí i gcomhair taighde sa todhchaí a dhéanamh. Tá bunachar sonraí curtha le chéile anois le beagnach 850 cuntas a bhaineann le oidhreacht nádúrtha Mhaigh Eo. Áiríodh ar leabharliosta thacair shonraí oidhreachta nádúrtha leabhair, tuarascálacha agus irisleabhair eolaíochta foisithe, chomh maith le foinsí neamhfhoilsithe ar nós ráiteas tiochar comhshaoil, tráchtais céimithe agus iarchéimithe, tuarascálacha agus tacair shonraí na n-eagraíochtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtais, institiúid oideachais agus daoine aonair a rinne taifead.

Fardal de Struchtúir Díonta Tuí

Ní dhearnadh fardal riamh roimhe seo ar struchtúir díonta tuí sa chontae. Fuarthas níos mó ná 70 struchtúir díonta tuí le linn na suirbhé. Cuireann struchtúir díonta tuí go mór leis an tsainiúlacht áitiúil agus soláthraíonn an fardal seo sonraí na teachíní díonta tuí i Maigh Eo, sainaithníonn sé tréithe áitiúla agus déanann sé cur síos ar riocht na bhfoirgneamh díonta tuí sa chontae. Úsáidfear an t-eolas a bailíodh chun anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le todhchaí díonta tuí i gCo. Mhaigh Eo.

Pacáiste Faisnéise Struchtúr Cosanta

Tá breis is 200 struchtúr ar liosta na Struchtúr Cosanta i Maigh Eo, agus tá níos mó ná 70 eile beartaithe freisin. Cuirtear an pacáiste faisnéise sin i láthair i bhfoirm tharraingteach agus inrochtana go héasca. Tá sé dírithe ar úinéirí, áititheoirí agus ailtirí araon agus soláthraíonn sé faisnéis struchtúrtha faoi gach gné de Struchtúir Chosanta, lena n-áirítear nósanna imeachta le haghaidh struchtúir a liostú, an fáth gur gá na struchtúir sin a chosaint, dualgais úinéirí agus áititheoirí, an cúnamh deontais atá ar fáil, an chaoi a chomhlíontar iarratas deontais, faisnéis faoi scileanna speisialta atá ar fáil agus an áit le dul le haghaidh tuilleadh eolais. Beidh tuiscint, ómós, agus dá bharr sin, caomhnú níos fearr ann dár n-oidhreacht tógtha mar thoradh ar an bpacáiste sin.

Suirbhé Oileáin Inis Gé

Roimh thabhairt faoin bPlean Caomhnaithe agus Bainistithe d'Oileáin Inis Gé, tá sé ríthábhachtach bunstaidéir a dhéanamh agus na rudaí atá ar na hOileáin faoi láthair a thaifeadadh, lena n-áirítear líníochtaí tomhaiste agsu suirbhéanna coinníollacha d'fhoirgnimh dhúchais an dá shráidbhaile. Is é aidhm shuirbhé na bhfoirgneamh dúchais ar Oileáin Inis Gé staid na suíomhanna faoi láthair a thaifeadadh go sonrach agus moltaí a dhéanamh le haghaidh cúram amach anseo.

Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

Leagann an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta creatlach amach maidir le caomhnú agus úsáid inchothaithe bithéagsúlachta thar thréimhse cúig bliana. Éilíonn an Plean go n-ullmhódh gach údarás áitiúil Plean Áitiúil Bithéagsúlachta. Is éard atá i gceist le Plean Áitiúil Bithéagsúlachta plean cúig bliana a chuireann creatlach ar fáil le haghaidh caomhnaithe bithéagsúlachta ag leibhéal áitiúil. Ullmhaíodh dréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Mhaigh Eo i gcomhairle le Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Mhaigh Eo i rith 2007. Samhlaítear go nglacfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an bplean deiridh in 2008.

Seimineár Bithéagsúlachta Mhaigh Eo

Reáchtáladh Ceardlann Áitiúil Bithéagsúlachta i gCaisleán an Bharraigh i mí an Mheithimh 2007 a bhí dírithe ar rannpháirtithe Chomórtais na mBailte Slachtmhara agus an Mhíle Órga. Bhí béim an tseimineáir ar chomhairle agus treoir a sholáthar faoi ghnáthóga fiadhúlra áitiúla a bhainistiú. Bhí ceardlann faoi bhainistiú rosfháil san áireamh leis an seimineár chomh maith. Reáchtáladh an t-imeacht sin i gcomhar le Feachtas *Notice Nature* de chuid na Ranna Comhashaoil. D'fhreastail níos mó ná 60 toscaire ar an gceardlann rathúil sin.

Comórtas Mhíle Órga

Seoladh an Comórtas Mhíle Órga sa bhliain 2006 agus reáchtáladh é arís in 2007 sa Chontae chun feasacht daoine a chónaíonn ar bhóithre tuaithe a spreagadh i dtaobh na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha ar a mbóithre agus, nuair is gá, gníomhaíocht chuí a dhéanamh an acmhainn sin a chaomhnú agus a chothabháil. Rinneadh breitheamh ar an gcomórtas i mí Mheán Fómhair agus bronnadh dámhachtainí don bhuaiteoir, don dara agus don tríú háit. Bhí caighdeán na n-iontrálacha réasúnta ard agus táthar ag súil go reáchtálfar an comórtas ar bhonn bliantúil anois.

Rialú Gunnera tinctoria ar Acaill

Tá an gunnaire, nó *Gunnera Tinctoria*, bunaithe ar fud na hÉireann anois, go háirithe ar an gcósta thiar, agus plandaí dúchasacha á n-aschur aige go mear. Bagraíonn leathnú *Gunnera tinctoria* sláinte roinnt mhaith pobail phlanda, laghdaíonn sé an bhithéagsúlacht áitiúil, méadaíonn sé seans chreimeadh cósta agus tá drochthionchar aeisteitiúil aige. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo Coiste Oibre i bhfeidhm sa bhliain 2006 chun imscrúdú a dhéanamh ar *Gunnera tinctoria* a chuimsigh ionadaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an tSeirbhís Pháirc Náisiúnta agus Fiadhúlra, Bord Iascaigh agus Teagasc. Mar thoradh ar bhreithniúcháin an choiste cuireadh tús le tionscadal taighde, a thacaigh an Ciste Bithéagsúlachta leis, chun bearta a fhorbairt le *Gunnera* a smachtú. Lean an tionscadal sin ar aghaidh in 2007. Táirgeadh leabhrán faisnéise maidir le rialú *Gunnera* d'úinéirí talún bunaithe ar thorthaí an taighde.

Taispeántas Grianghrafadóireachta Harry Clarke

Forbraíodh taispeántas de shaothair Harry Clarke agus Stiúideónna Clarke sa chontae tar éis chonair Fuinneoga Daite Harry Clarke timpeall an chontae agus féilire Harry Clarke 2007 fíor-rathúil. Cuimsítear priontaí sileacain dírshuite lambda de 15 fhuinneog Clarke sa chontae, a léiríonn na grianghraif go héifeachtach. Seoladh an taispeántas fíor-rathúil sin i rith na Seachtaine Oidhreachta. Thug Nicola Gordaon Browne, beathaisnéisí Harry Clarke, óráid ar a shaol agus a shaothar ag an seoladh a d'fhreastail thart ar 100 duine ar. Beidh an taispeántas suite go buan san fhoirgneamh nua leabharlainne i gCaisleán an Bharraigh.

Soláthar Uisce agus Séarachais (Seirbhísí Uisce)

Is é beartas Chomhairle Contae Mhaigh Eo feabhas a chur agus síneadh a dhéanamh ar Sheirbhísí Uisce sa Chontae. Éilíonn reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht Náisiúnta a leag síos caighdeáin le haghaidh Uisce Óil agus na Rialacháin Uirbeacha ar Chóireáil Fuíolluisce go mbeadh oibreacha cóireála séarachais i bhfearas i ngach mórbhaile atá againn faoi 2005.

Aithníonn an Plean Náisiúnta Forbartha (2007-2013) an gá atá ann dul i ngleic leis an easnamh sa bhonneagar maidir leis an earnáil seirbhísí uisce agus tá leibhéal ardaithe maoinithe ar fáil anois a chuirfidh dlús leis an gClár Seirbhísí Séarachais d'Oibreacha Caipitil sna blianta beaga atá le teacht.

Tá gá le leathnú agus feabhsú a dhéanamh ar na seirbhísí sin le forbairt thionsclaíoch agus tráchtála a chur chun cinn sa Chontae. Aidhm lárnach atá ag Comhairle Contae Mhaigh Eo an chothromaíocht a choinneáil idir cosaint agus feabhsú ár gcomhshaoil agus forbairt eacnamaíochta agus inbhuanaithe.

Críochnaíodh roinnt Scéimeanna Caipitil Séarachais le linn 2007 agus bhí roinnt scéimeanna eile i mbun tógála. Sa bhreis ar sin, leantar le pleanáil breis agus tríocha mórscéim uisce agus séarachais ar chostas €205m.

Is iad seo leanas na scéimeanna uisce:-

- Scéimeanna i mbun tógála in 2007
- Scéimeanna le tosú in 2008
- Scéimeanna ag Céim Tairisceana
- Scéimeanna ag Céim an Cháipéis Conartha
- Scéimeanna i mbun Pleanála

Scéimeanna i mbun tógála in 2007

Castlebar Environs Sewerage Scheme – Construction of Sewage Pumping Station at Milebush

1. **Scéim Séarachais Chomharsanacht Chaisleán an Bharraigh**
2. Príomhdhraenáil Bhéal an Átha
3. **RWSS Bhéal an Átha – Céim 4A – síneadh go Crois Mhaoilíona**
4. Síneadh Sholáthar Réigiúnach Uisce Thuama go Sruthair
5. **Tionscadal Caomhnaithe Uisce ar fud an Chontae**
6. Tionscadal Méadraithe Uisce Gnó

Scéimeanna le tosú in 2008

1. **Scéim Séarachais Ghob an Choire**

2. **DBO Chaisleán an Bharraigh (cuid de Scéim Chomharsanacht Chaisleán an Bharraigh)**
3. **Scéim Soláthar Uisce Chluain Cearbán (Síneadh Loch Measc ó Chathair na Mart)**
4. **Scéim Séarachais Choillte Mach**
5. **Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Loch Measca – Uasghrádú Ionaid Chóireála – síneadh ón tSraith go Cathair na Mart.**
6. **Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Bhéal an Átha, Céim 3 - Scéim Dáilte agus Stóráilte Bhaile Bhéal an Átha**
7. **Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Loch Measca – síneadh go Coillte Mach**

Scéimeanna le dul chun tairisceana in 2008

1. **Scéim Séarachais Chill Ala**
2. **Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Loch Measca – síneadh go Coill Mheáin**

Scéimeanna i mbun Pleanála

1. **Scéim Séarachais Bhaile Uí Fhiacháin**
2. **Scéim Séarachais Bhéal an Mhuirthead**
3. **Scéim Séarachais Bhéal Easa**
4. **Scéim Séarachais Bhaile Chathail/Bhaile Eachaigh**
5. **Bainistíocht Sloda Mhaigh Eo**

Scéimeanna le dul tríd an bpleanáil

(Clár Infheistithe Seirbhísí Uisce 2007-2009)

1. **Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Bhéal an Átha (Uasghrádú Ionaid Chóiréala)**
2. **Staidéar Straitéiseach Soláthar Uisce Chonga**
3. **Loch Con – Staidéar Féidearthachta Réigiúnach Soláthar Uisce Oirthear Mhaigh Eo (Béal Átha na Muice san áireamh)**

Scéimeanna Tionscnaimh Talamh Feidhmithe

Tá na scéimeanna seo a leanas curtha faoi bhráid na Ranna Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhair maoinithe faoi Scéimeanna Tionscnaimh Talamh Feidhmithe:

1. Uasghrádú Ionaid Chóireála Fuíolluisce Chlár Chlainne Mhuiris/Scéim Séarachais Chrois Bhaoithín
2. Scéim Séarachais Bhéal Átha hÉin

Scéimeanna Beaga/Scéimeanna CLÁR

Scéimeanna a Críochnaíodh in 2007

1. Scéim Séarachais Chill Mobhí
2. Scéim Séarachais Achadh Ghobhair
3. Scéim Séarachais Maolla Céim 2

Suiteáil Ionaid Chóireála Séarachais le haghaidh Scéim Séarachais Chill Mobhí

Scéimeanna i mbun tógála in 2007/2008

1. Scéim Séarachais Dhumha Goirt (Trá Órga) Céim 2
2. Scéim Séarachais Mhaigh Gamhna
3. **Scéim Séarachais Roundfort**

Scéimeanna le tosú in 2008

1. Scéim Séarachais Chrois
2. Scéim Séarachais an Éill
3. Braitheann na cláir atá á moladh don bhliain 2008 ar mhaoiniú ón Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil agus ó CLÁR.

Scéimeanna i mbun Pleanála (inmheánach)

1. Scéim Séarachais Mhainistir Mhaigh Eo
2. Scéim Séarachais an Chnoic Mhóir

Grúpscéimeanna Uisce

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as feidhmeanna a rinne an Roinn Comhshaoil roimhe seo maidir le bunú agus riarú na nGrúpscéimeanna timpeall an chontae. Tugann sin deis don Chomhairle coimhdeacht a chur ar aghaidh níos mó, ag obair i gcomhar le pobail áitiúla an tseirbhís is bunúsaí sin a chur ar fáil agus a chothabháil – soláthar uisce inólta.

1. Plean Straitéiseach Uisce Tuaithe

Is treoirphlean é an Plean Straitéiseach Uisce Tuaithe le haghaidh forbairt na soláthairtí uisce i gContae Mhaigh Eo amach anseo agus éascaíonn sé infheistiú a dhéanamh ar na réimsí is mó gá. Cuirfear an Plean le chéile go hiomlán leis na páirtithe leasmhara ar fad. Cuirfear an bhéim ar dtús ar dhul i ngleic le drochchaighdeán an uisce sna scéimeanna le foinsí príobháideacha. Tá faillí ar thart ar 90 dóibh sin. D'fhéadfaí maoiniú a dhíriú ansin ar phíbobair, taiscumair etc. a uasghrádú.

2. Grúpscéimeanna Nua/Uasghrádú ar Scéimeanna atá ann cheana.

Tá roinnt scéimeanna curtha trí na céimeanna pleanála éagsúla ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá na scéimeanna sin i mbun tógála agus tógfar cuid acu sa todhchaí ag brath ar fhaomhadh dearaidh agus ranníocaíochtaí áitiúla a bheith ar fáil má fhaightear na leithdháilte riachtanacha. Tá obair ag dul ar aghaidh ar scéimeanna eile trí chéimeanna éagsúla pleanála. Tá uasghrádú á dhéanamh ar roinnt scéimeanna chun naisc le príomhlíonra poiblí a éascú.

Bhí leithdháileadh €1,500,000 ann in 2007 do Ghrúpscéimeanna Uisce/Uasghrádú Scéimeanna atá ann cheana, agus bhí €2,500,000 dáilte le haghaidh naisc Scéimeanna den Phríomhlíonra Poiblí.

3. Táthcheangal Grúpscéimeanna/Feabhsaithe Riachtanacha

Tá fiosruithe maidir le táthcheangal Scéimeanna faighte ó bhreis is 50 Grúpa. Measófar na hiarratais sin ar bhonn chaighdeán reatha an uisce agus iontaofacht an tsoláthair i measc critéir eile. Rinne an Chomhairle gearrliosta de Scéimeanna a moladh le haghaidh táthcheangail.

Deonadh leithdháileadh €2.5 milliún ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhair tháthcheangal Ghrúpscéimeanna Uisce in 2007.

4. Fóirdheontas i leith Costais Feidhmiúcháin Grúpscéimeanna Soláthar Uisce

Ligeann an scéim sin don Chomhairle fóirdheontas bliantúil a íoc i dtaobh costas Grúpscéimeanna Uisce a sholáthraíonn uisce i gcomhair úsáid baile. Tá sé mar chuspóir ag an scéim soláthar uisce tuaithe a fheabhsú agus na tairbhí a bhaineann le cealú na dtáillí uisce Rialtais Áitiúil a shíneadh do theaghlaigh a dhéanann na Grúpscéimeanna freastal orthu. Tá sé tábhachtach go n-úsáideann gach Grúpscéim a dteidil fóirdheontais. Molann Comhairle Contae Mhaigh Eo go gcuirfeadh gach Scéim isteach ar íocaíochta chun cabhrú le dea-fheidhmiú a soláthar uisce.

5. Deontais le haghaidh Soláthar nó Feabhsú Riachtanach ar Sholáthar Aonar Uisce chuig Teach

Tugadh an Scéim seo isteach le cúnamh a thabhairt do theaghlaigh atá ag brath ar sholáthairtí aonair uisce atá ag dul faoi chaiteachas caipitil chun:

- Soláthar uisce cuislithe a chur ar fáil i gcomhair úsáid teaghlaigh den chéad uair, nó
- Réiteach a fháil ar easnaimh mhóra sa soláthar uisce teaghlaigh atá ann cheana féin.

Ní bhaineann an scéim sin le tithe a bhfuil soláthar á fháil acu ó Ghrúpscéim Uisce nó ó Scéim Uisce Poiblí, nó a bhfuil in ann iad sin a fháil. Tá 330 iarratas faighte go dtí seo.

6. Dearadh/ Tógáil/ Oibriú (D.B.O.)

Beart Uimh. 1:
Tá an chéad bheart Scéimeanna atá ag úsáid an phróisis D.B.O. le háiseanna cóireála uisce a fheabhsú beagnach críochnaithe.

Killeen Treatment Plant

D'aontaigh aon scéim déag go n-úsáidfidís an próiseas D.B.O., is iad sin, Baile Chruaich, an Baile Glas/Carnacon, Breach-chluain/An Spadach, an Dromainn, Glencorrib, Gleann Oistín, Cillín, Cill Mhíona, Cill Mobhí, Loch Measca/An Chraobhach, Lachta.

D'aontaigh dhá scéim eile, Both Chomhla agus Beal Deirg, go bhfaighidis praghsanna le haghaidh feidhmiú agus cothabháil a suiteálacha táirgthe ar feadh thréimhse 20 bliain.

Tá coimisiúnú déanta ar na hIonaid Séarachais seo a leanas:

- GWS an Bhaile Ghlais/Carnacon
- GWS na Dromainne
- GWS Chill Mhíona
- GWS Lachta
- GWS Bhreach-chluain/An Spadaigh
- GWS Ghleann Hoiste
- GWS Chill Mobhí/Urlár
- GWS Loch Measca/Na Craobhaí

Ionad séarachais na Dromainne

Cuimsítear malgamú An Fhaiche-Cill Mhic Laisre/Drummindoo i mbeart 1 de DBO Mhaigh Eo agus tá Réamhchonradh Oibriúcháin i gcomhair Athsholáthar Príomhlíonra Criticiúla agus Méadrú Tomhaltóra críochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh an Ionad Cóireála coimisiúnaithe go luath in 2008.

Beart Uimh. 2:
Tá Beart eile curtha le chéile anois a chuimsíonn na scéimeanna seo a leanas:

○ GWS Bhaile Átha Bhearaigh ○ GWS Bhoth Faonáin ○ GWS Burrishule ○ GWS an Chalaidh ○ GWS Chluain Mór/Rooskey ○ GWS na Coille Móire ○ GWS Curramore ○ GWS Derryhillagh ○ GWS Eskeragh ○ GWS Keelogues	○ GWS Lahardane ○ GWS Mhíleac ○ GWS Prizon/Lisnolan ○ GWS Pulladohey ○ GWS na Sraithíní (Béal Easa) ○ GWS na Sráide ○ GWS na Páirce

Tá Réamhchonradh Oibriúcháin le haghaidh athsholáthar príomhlíonra criticiúla agus suiteáil boscaí buacairí i mbun tógála.

Tá an príomhchonradh DBO tugtha do Treatment System Services Limited. Tá cuid 8 den Phróiseas Pleanála ag dul ar aghaidh faoi láthair agus táthar ag súil go dtosófar tógáil ar na hIonaid Chóireála i lár 2008.

In 2007, bhí dáileadh €11,500,000 ag an DBO don mhéid seo a leanas:

1. Cuid Deartha, Tógála - €3.5 milliún
2. Réamhoibreacha/oibreacha cumasaithe DBO - €8 milliún

7. Scéimeanna Nua/Uasghrádú ar Scéimeanna atá ann cheana

Tógáil Críochnaithe	
Carras	Tobar Pádraig
Cluain Gaoithe	Na Bánóga
Cortún	Na Sraithíní
Cois Locha	Baile na Cora
Cloch an Iarla Theas	

Tógáil ar Siúl	
Carranara	Leacan Thuaidh
Duibhlios/Eadargúil	Woodfield/Ballure
Caonach	

Céim Thairisceana	
Mainistir Mhaigh Eo	Killalturley
Cúl an Trá	An Mhóin Ard
Currykirwan	An Gort Crom
Ayle	Ceara
Cushin	

Scéimeanna Tógtha i gCúram	
An Mhaighean/An Mhíleac	An Cnoc Mór
Tiernaur	Kilcon
Cill Chuimín	Goulboy
An Tuairín/Fótais	Cultrasna
Ráth Tóma/Ballymachola	

Iompar, Bóithre agus Sábháilteacht

Réamhrá

Cuireann córas éifeachtach iompair bóithre an bonneagar riachtanach ar fáil le tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiúin. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo orthu ag glacadh ról i gcothabháil agus i bhfeabhsú an ghréasáin bhóithre sa Chontae agus, mar thoradh air sin, ag tacú le geilleagar an Chontae.

Tá 6,508.4 km de bhóithre faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus in 2007 caitheadh €83.5m ar chothabháil agus ar fheabhsú an líonra.

Rangú agus Airgeadas Bóithre

Déantar Bóithre sa Chontae a rangú mar Phríomhbhóithre Náisiúnta; Bóithre Náisiúnta den Dara Grád; Bóithre Réigiúnacha agus Bóithre Áitiúla.

Is mar seo a leanas atá faid na mbóithre de chatagóirí éagsúla i gContae Mhaigh Eo:

• Príomhbhóithre Náisiúnta	135.8km
• Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	271.3km
• Bóithre Réigiúnacha	655.8km
• Bóithre Áitiúla	5,443.7km
Iomlán	6,508.4km

Fuarthas maoiniú €43.9m ó Údarás um Bóithre Náisiúnta i gcomhair líonra na mBóithre Náisiúnta agus €31.6m ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil i gcomhair bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, chomh maith le €2.8m eile ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta doi gcomhair bóithre i limistéir Gaeltachta agus i limistéir CLÁR.

Chuir an Chomhairle féin €5.2m ar fáil don líonra Bóithre i rith na bliana.

Príomhbhóithre Náisiúnta:

Seo a leanas miondealú ar na deontais le haghaidh **Phríomhbhóithre Náisiúnta** 2007:

NP Mórphleanáil agus Dearadh:

N5 Seachbhóthar Bhaile Chathail	€ 30,000,000
N5 Béal Átha Bhearaigh go Both Chomhla	€ 10,000
N5 Cathair na Mart – Caisleán an Bharraigh (Pleanáil agus Dearadh)	€ 200,000
N5 Bóthar Faoisimh Chathair na Mart Thuaidh	€ 100,000
N5 Bóthar Faoisimh Chaisleán an Bharraigh (Pleanáil agus Dearadh)	€ 100,000

N17 An Cnoc go Tobercurry	€ 100,000
N17 Céim 2 Chnoc Mhuire - Clár Chlainne Mhuiris	€ 50,000
N26 Béal an Átha - Both Chomhla Céim 1 – Ceathrú an Traighle	€ 348,000
N26 Céim 2 Béal an Átha – Both Chomhla (Pleanáil agus Dearadh)	€ 600,000

Bearta Sábháilteachta:

N17 RSRM Barnacarroll	€ 15,000
N26 RSRM Páirc na gCloch	€ 10,000
N26 RSRM Achomal Lagcurragh	€ 5,000
Innealtóir Sábháilteachta Bóithre Réigiúnach	€ 165,000

Cosáin agus Mionfheabhsúcháin:

N5 Forleagan Biotúmanach Dhoire Liath	€ 400,000
N7 Baile an Daighin – Teorainn an Chontae	€ 600,000
N17 Forleagan Bhaile Chathail – Chill Cheallaigh	€ 600,000
N26 Neartú Cosáin Cloongullane	€ 700,000

Seo leanas miondealú ar an deontas €1,176,199 **Chothabháil Phríomh Bhóithre Náisiúnta**:

Cothabháil Geimhridh	€ 197,000
Cothabháil ar Dhroichid	€ 45,000
Cóiriú Dromchla	€ 319,596
Gnáthchothabháil	€ 495,603
Soilsiú Bealaí	€ 119,000

Achoimre ar staid na príomhscéimeanna **Bóithre Náisiúnta** i gContae Mhaigh Eo:

- **Scéimeanna ag an gCéim Tógála:**

➢ ***N5 Seachbhóthar Bhaile Chathail*** *{18.2 km}*

Tá an scéim sin beagnach críochnaithe agus d'oscail an tAire Iompair í go hoifigiúil ar 2 Samhain 2007. Tá roinnt oibreacha cónaitheacha fós le críochnú agus beidh tréimhse cothabhála an chonraitheora ar feadh 12 mhí.

- **Scéimeanna Ag Céim Pleanála:**

➢ ***N25 Béal an Átha, Both Chomhla, Céim 2*** *{18.4 km}*

D'fhoilsigh an Chomhairle an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) agus an Ráiteas Tionchar Comhshaoil (EIS) don scéim sin i mí Dheireadh Fómhair 2007. Ba é an dáta deiridh d'agóidí an 28 Samhain 2007 agus táthar ag súil go reáchtálfaidh an

Bord Pleanála an éisteacht riachtanach go luath in 2008. Ba chóir go ndéanfaidh an Bord Pleanála an cinneadh faoin CPO/EIS i mí na Bealtaine nó mí an Mheithimh 2008. Ní chuirfidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an tairiscint nó tógáil ar fáil go dtí go mbeidh an próiseas CPO/EIS críochnaithe.

- ***Tionscadail N.5 Chaisleán an Bharraigh – Chathair na Mart***
  {40 km}

Go dtí deireadh na bliana 2006, bhí an scéim sin ag dul ar aghaidh mar cheithre thionscadal aonar agus bhí na clocha míle seo a leanas bainte amach:

(i) Caisleán an Bharraigh – Cathair na Mart

Chuaigh an scéim sin tríd an gcéim Roghnaithe Bealaí/Dearadh Sonrach go caighdeán débhealaí. Ní raibh, áfach, an dearadh faofa ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus, mar sin, ní raibh sé in ann dul ar aghaidh go dtí an chéim CPO/EIS.

(ii) Seachród Chaisleán an Bharraigh

Bhí an scéim imithe ar aghaidh go dtí an chéim Bealaí Roghnaithe mar charrbhealach singil agus bhí sé faofa ag baill Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

(iii) Bóthar Faoisimh Tuaisceart Chathair na Mart

Bhí an scéim seo forbartha go dtí an chéim Dearaidh Shonraigh ach níor fhaomh an NRA é.

(iv) Baile Átha Bhearaigh go Both Chomhla

Bhí an chuid seo den bhóthar curtha ar aghaidh go dtí an Chéim Bealaí Roghnaithe.

Ag tús na bliana 2007, aontaíodh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta go gceapfaí comhairleoirí chun scrúdú a dhéanamh ar na tionscadail thuas ar fad ionas go rachadh na scéimeanna ar fad, nó cuid acu, ar aghaidh go dtí an Chéim CPO/EIS iomlán. Nuair a rinne an NRA athbhreithniú ar an mionteagasc sin, cinneadh go mba chóir é a leathnú le go gcuimseofar cuid den N5 idir Caisleán an Bharraigh agus Both Chomhla.

Deir an NRA chomh maith go mba chóir don athbhreithniú dearaidh sin a bheith ar bhonn débhealach a sholáthar don chuid sin den bhóthar. Chiallódh sin go nascfadh an débhealach na bailte Béal an Átha agus Caisleán an Bharraigh agus go mbeadh débhealach freisin ó Chaisleán an Bharraigh go Cathair na Mart.

Tá na comhairleoirí don scéim nua roghnaithe anois agus tosóidh siad a gcuid oibre go luath in 2008.

- ***N17 Seachród Bhaile Chathail***

Tá an scéim sin leathnaithe anois, le comhaontú ó Chomhairle Contae Shligigh agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, le dul ón gCoraidh i gCo. Shligigh go dtí an

t-acomhal ag Aerfort Chnoc Mhuire Iarthar na hÉireann. Tá roinnt réamhoibreacha déanta anois ar an scéim leathnaithe agus táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal ar aghaidh go Céim na mBealaí Roghnaithe in 2008.

- ***N17 Clár Chlainne Mhuiris go Tuaim***

  Tá comhairleoirí ceaptha ag Oifig Réigiúnach Deartha na Gaillimhe chun an chuid sin den N17 a chur ar aghaidh go dtí an chéim CPO/EIS.

- ***N26/N59 Cuarbhealach Bhéal an Átha***

  Tá an bealach is fearr aitheanta don scéim sin agus faofa ag baill Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

- ***N59 Bealach Bhéal an Átha - Chrois Mhaoilíona***

  Táthar ag súil go ndéanfar sainaithint ar an mBealach is fearr don scéim seo agus go gcuirfear os comhair Chomhairle Contae Mhaigh Eo é le haghaidh faofa go luath in 2008.

- ***N59 Bóthar Faoisimh Chathair na Mart Theas***

  Cuirfear an scéim seo ar aghaidh go céim Bhealaí Roghnaithe in 2008.

- *N60 Caisleán an Bharraigh – Clár Chlainne Mhuiris*

  D'fhaomhaigh an Chomhairle seo an bealach roghnaithe le haghaidh na scéime seo agus tá tús curtha le roinnt dearaí sonracha agus obair EIS ach scoir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta de dheontais le haghaidh na scéime. Áiríodh sa Phlean Forbartha Contae uasghrádú ar an mbealach go stádas Príomhnáisiúnta mar chuspóir.

- *N84 Seachród Bhaile an Róba*

  Cuireadh na roghanna bealaí don seachród seo ar thaispeáint phoiblí i mí na Samhna 2007 agus táthar ag súil go mbeidh Bealach Is Fearr sainaitheanta agus curtha faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo go luath in 2008.

- ***N60/N83 Seachród Bhéal Átha hAmhnais***

  Tá an scéim seo fós ag an gCéim roghanna bealaigh agus táthar ag súil go mbeidh an bealach is fearr sainaitheanta faoi dheireadh 2008.

Bóithre Náisiúnta den Dara Grád:

Ba le haghaidh oibreacha cosáin ar an Líonra de Bhóithre den Dara Grád a bhí an **Deontas Feabhsúcháin do Bhóithre den Dara Grád** €7,420,500 in 2007 agus tugadh faoi oibreacha ag na suíomhanna seo leanas: -

Bearta Sábháilteachta:

N59 TC Gurteens	€ 350,000
N59 Feabhsaithe Acomhal RT	€ 180,000
N59 RSRM Dooyeaghny	€ 20,000
N59 RSRM Acomhal Leitreach	€ 5,000
N59 RSRM Droichead Iorrais	€ 5,000
N59 RSRM Srath Greadaithe	€ 20,000
N59 RSRM an Chnappaigh	€ 5,000
N60 RSRM Golden Mile	€ 10,500
N60 HCRM Leathnú Réigiún Balla	€ 220,000
N83 RSRM an Leathbhaile Rua	€ 5,000
N84 RSRM Cahermaculick	€ 10,000
N83 RSRM an Lochán Buí	€ 15,000
N84 HCRM Ballintubber	€ 90,000

Droichid:

Deisiúcháin Saoirseachta Mhaigh Eo	€ 480,000

Móroibreacha NS :

N59 Bóthar Faoisimh Chathair na Mart (Pleanáil agus Dearadh)	€ 10,000
N59 Bóthar Faoisimh Bhéal an Átha (Pleanáil agus Dearadh)	
N59 Crois Mhaoilíona go Béal an Átha	€ 100,000
N60 Caisleán an Bharraigh – Clár Chlainne Mhuiris	€ 10,000
N83 Bóthar Dáileacháin Seachtrach Bhéal Átha hAmhnais	
N84 Bóthar Faoisimh Bhaile an Róba (Pleanáil agus Dearadh)	€ 60,000

Cosáin agus Mionfheabhsúcháin:

NS Tuarascálacha Meastóireachta Cosán agus Bealaí	€ 50,000
N59 Dearadh Corthaí na Ceathrún Móire le haghaidh athailínithe	€ 200,000
N59 Athneartú Cosán Dhumha Liag	€ 450,000
N59 Neartú Cosán Oireamh	€ 350,000
N59 Athailíniú Moylaw	€ 2,000,000
N59 Neartú Cosán Srahnamaragh	€ 350,000
N59 Dréacht Sráideanna Bhéal an Átha	€ 400,000
N60 Dearadh Corthaí Maigh Nulla le haghaidh Athailínithe	€ 200,000
N60 Forleagan Biotúmanach Bhaile Átha Gabhann	€ 350,000
N60 Clár Chlainne Mhuiris go Béal Átha hAmhnais	€ 500,000
N83 Athneartú Cosán Chill Mhannain	€ 180,000
N84 Partraí - Droichead an Chaoil	€ 600,000
2006 Coimeádaithe	€ 20,000

Ba é €1,819,311 an Deontas 2007 le haghaidh **Chothabháil Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád** - miondealaithe mar seo leanas:

Cothabháil Geimhridh	€ 240,000
Cothabháil ar Dhroichid	€ 80,000
Cóiriú Dromchla	€ 607,180

Gnáthchothabháil	€ 789,131
Soilsiú Bealaí	€ 103,000

N59 Moylaw

Bóithre Neamhnáisiúnta, Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla, Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha:

Leithdháileadh Deontais Shainiúla Feabhsúcháin ar na scéimeanna seo a leanas:

Cnoc an tSrutháin, Clár Chlainne Mhuiris	€ 300,000.00
An Chrois go hÁth Cinn	€ 300,000.00
Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin, Caisleán an Bharraigh	€ 800,000.00
Barna Dearg, Béal an Átha	€ 750,000.00
Bóthar Chaisleán an Bharraigh, Baile Uí Fhiacháin ag Doire an Iomaire	€ 700,000.00
Droichead Ghob an Choire	€ 500,000.00
Both Chomhla go Coillte Mach	€ 500,000.00
Kilbroney, Cill Ala	€ 450,000.00
Bóthar Ceangail – Timpeallán McDonald go Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin.	€ 300,000.00

Thosaigh tógail Droichid Ghob an Choire i mí Mheán Fómhair 2007 agus tá sé in ainm is a bheith críochnaithe go luath sa samhradh 2008. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag maoiniú 50% den scéim agus tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag maoiniú an 50% eile. Tá deontas €2,000,000 ceadaithe ag an Roinn Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhair Dhroichead Ghob an Choire.

Osclaíodh an chuid easbhóthair den bhóthar Bhaile Uí Fhiacháin/Chaisleán an Bharraigh don trácht i mí na Samhna agus tá an scéim beagnach críochnaithe anois. Táthar ag súil go mbeidh deontas dearaidh ar fáil faoi cheannteideal Bóithre Straitéiseacha Neamhnáisiúnta don bhóthar R312 (Doire an Chuais/Bellacorrick) in 2008.

CLÁR (Bóithre)

Sheol an Rialtas an clár CLÁR sa bhliain 2000. Téann an clár i ngleic go sainiúil le ceantair tuaithe faoi mhíbhuntáiste ar leith. Tá beagnach gach áit i gContae Mhaigh Eo i gceantair CLÁR ach amháin an trí mhórcheantar Uirbeacha. Tá leas bainte ag an gContae as an gclár CLÁR ón tráth a thosaigh sé agus táthar ag súil go mbeidh an tairbhe chéanna le feiceáil in 2008.

Leithdháileadh deontas bóithre CLÁR ar luach €693,800 in 2007 le haghaidh bóithre náisiúnta den dara agus an tríú grád. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú 50% den mhéid sin agus thug an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta an leath eile.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla (L.I.S.)

B'fhiú €4,006,500 ar an iomlán an deontas le haghaidh scéimeanna L.I.S. in 2007. Rinneadh na scéimeanna sin ar fad de réir bheartas L.I.S. ar glacadh leo ag leibhéal SPC agus Comhairle.

Cheadaigh an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta deontas forlíonach €500,000 i gcomhair tionscadail LIS i gceantair CLÁR sa chontae.

Comharthaíocht Bóithre Réigiúnacha

Fuarthas leithdháileadh €250,000 in 2007 i gcomhair clár comharthaíochta ar an ngréasán réigiúnach bóithre. Beidh an clár san airdeall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le háiteanna Gaeltachta.

Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais

Déanfar athbhreithniú críochnúil ar luasteorannacha sa chontae in 2008. Tá luasteorannacha athbhreithnithe comhaontaithe ag an gcuid is mó de na Coistí Ceantair agus cuirfear scéim an chontae ar fad os comhair na Comhairle in 2008.

Baineann aon athbhreithniú ar theorainneacha luais le comhairliúchán poiblí, comhoibriú leis na Gardaí Síochána agus ceadú an Údaráis um Bóithre Náisiúnta de réir teorainneacha luais ar Bhóithre Náisiúnta.

Soilsiú Poiblí

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo thart ar 8,000 soilse poiblí i bhfeidhm agus cothaíonn siad iad mórthimpeall an chontae.

Maoinítear sin ag deontas NRA €222,000 agus an chuid eile, €900,000, ó Bhuiséad 2008 Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Beidh laghdú measartha i gcostais fuinnimh in 2008 ach beidh méadú measartha i gcostais cothabhála soilsiú poiblí.

Úsáideann Comhairle Contae Mhaigh Eo Soláthar Custaiméirí an BSL chun an fuinneamh a sholáthar dár soilsiú poiblí. Níl aon soláthróirí neamhspleácha i Margadh na hÉireann faoi láthair sásta fuinneamh a sholáthair i gcomhair soilsithe poiblí. Bhí comórtas le haghaidh soláthar fuinnimh in 2007 agus faraor, ní raibh aon fhreagairtí.

Tá conartha sínithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo go dtí deireadh 2008 le conartha BSL le cothabháil soilsithe poiblí agus seirbhísí eile a sholáthar. Táimid ag déanamh suirbhé tosca dár sócmhainní soilsithe poiblí faoi láthair ionas go mbeimid in ann an chothabháil sin a thairiscint in 2008 agus soláthróir a cheapadh nuair a théann an comhaontú reatha cothabhála as feidhm.

Ar mhaithe le sábháilteacht agus le caothúlacht feabhsaithe, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo struchtúr tuarascála lochta i bhfeidhm le déanaí le go mbeidh an pobal in ann lochtanna soilsithe poiblí a thuairisciú. Is féidir lochtanna a thuairisciú ar an gcaoi sin le híosghlao, téacsteachtaireacht, ríomhphost nó litir. Tá na sonraí teagmhála á bhfógairt sna páipéirí áitiúla.

Tá tús curtha le treoirthionscadal le haghaidh Soilsiú Éirimiúil Bóithre agus Sráide san Eoraip (E-Sráid) ar an gcuid N5 de sheachród Bhaile Chathail a oslaíodh le déanaí. Is iad seo a leanas tairbhí soilsithe éirimiúil atá tíosach ar fhuinneamh:

- Costais fuinnimh a laghdú
- Tionchar ar an gcomhshaol a laghdú
- Costais chothabhála a laghdú
- Aschur agus saol lampa a bharrfheabhsú

Shocraigh an Coimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER) an Dualgas Seirbhíse Poiblí (PSO) ag náid le haghaidh 2008.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Sheol an Cathaoirleach an Straitéis Sábháilteachta Bóithre seo againne 2007 – 2011 i gcomhar leis na Gardaí Síochána, FSS an Iarthair agus Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Cuireann an Chomhairle Contae, i gcomhar leis an gComhairle Sábháilteachta Náisiúnta, clár oideachais agus feasachta i bhfeidhm maidir le Sábháilteacht Bóithre. Baineann sin le riachtanas cúraim agus feasachta a chur chun cinn faoin mbaol ar na bóithre i Maigh Eo. Áirítear sa Chlár cuairteanna ar scoileanna ón Oifigeach Sábháilteachta Bóithre agus Maor Sóisearach agus Scéimeanna Oiliúna Rothaíochta a chur chun cinn le scoileanna. Déanann na scéimeanna sin an-difríocht do Shábháilteacht Bóithre i gcomhoibriú le múinteoirí, na Gardaí agus tuismitheoirí. Beidh an tOifigeach Sábháilteachta Bóithre ag obair leis an gCoiste Sábháilteacht Bóithre le Chéile sa Chontae, ar a chuimsítear an Chomhairle Contae, FSS an Iarthair, na Gardaí agus ionadaithe áitiúla pobail ina bhallraíocht, i dtaobh an Straitéis Sábháilteachta Bóithre a fhorfheidhmiú.

Céanna agus Calaí

Tá an Chomhairle críochnaithe leis an obair ar na céanna seo a leanas sa chontae:

Tionscadail críochnaithe:

1. Cé Chliara ar chostas €9.5 milliún
2. Cé an Fhóid Dhuibh ar chostas €2.5 milliún
3. Cé Inis Toirc ar chostas €2 milliún

Scéimeanna Ag Céim an Deartha:

1. Cé Rinn Rua

Tograí Eile:

1. Darby's Point (An Chloich Mhóir) Acaill
2. Cé Chill Ala
3. Cé Phort Durlainne
4. Cé Purteen, Acaill
5. Roonagh – foirgnimh nua críochfoirt

Bhí é seo a leanas i gceist leis an gClár Muirí 2007

Tionscadail:			Maoinithe ag:		
Suíomh	**Oibreacha**	**Costas Iomlán**	**DCMNR**	**DCRGA**	**CCME**
		€	**€**	**€**	**€**
Bundooracha	Fánán nua agus feabhsúcháin cé	200,000	75,000	75,000	50,000
Bundooracha	Fánán nua agus feabhsúcháin cé	200,000	75,000	75,000	50,000
Cloghans	Fánán nua	200,000	75,000	75,000	50,000
Cill Chuimín	Fánán nua	200,000	75,000	75,000	50,000
Lecanvey	Oibreacha deisiúcháin do bhalla an ché	100,000	37,500	37,500	25,000
An Mhala Raithní	Oibreacha deisiúcháin do bhalla an ché	100,000	37,500	37,500	25,000
Baile Uí Fhiacháin	Feabhsúcháin	50,000	18,750	18,750	12,500
Roigh	Fánán nua agus páirceáil	200,000	75,000	75,000	50,000
Accony, Cluain Cearbán	Balla farraige	51,667	38,750		12,917
Iomlán		1,101,667	432,500	393,750	275,417

Is iad na foinsí maoinithe:

- An Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR) - €432,500
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (DCRGA) - €393,750
- Chomhairle Contae Mhaigh Eo - €275,417

Clárchosán i gCrois Mhaoilíona

Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo Carrchlós riachtanach ar fáil i mbaile Chrois Mhaoilíona in 2005 le 30 spás páirceála. Tá an tsaoráid suite ar chúl na háitribh tráchtála ar Shráid an Droichid agus tá rochtain air via An Bóithrín, Crois Mhaoilíona.

Spreag an gá lár an bhaile a nascadh leis an gcarrchlós nós clárchosáin a bhain úsáid as an mbruach nádúrtha abhann a bhí ann cheana; agus d'oscail sé an conláiste sin nár baineadh úsáid cheart as roimhe sin i lár an bhaile. Tá dea-radharc ón gclárchosán chomh maith de Dhealbh John Rowland 'The Wader', a choimisiúnaigh an Chomhairle agus atá curtha ar thaobh eile bhruach abhann.

Cuireadh an clárchosán ar fáil ar chostas €300,000 agus rinne *Coiste Sóisialta agus Eacnamaíochta* Chomhairle Contae Mhaigh Eo maoiniú air. Dearadh an tionscadal go hinmheánamh i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus thóg foireann oibre na Comhairle é. Rinne MF Hopkins Engineering, Caisleán an Bharraigh, an déantúsaíocht cruach.

Osclaíodh an clárchosán go hoifigiúil ar 6 Meitheamh 2007 ag an gClr. Gerry Coyle, Cathaoirleach, Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Léiríonn an grianghraf Oscailt Oifigiúil an iarchathaoirligh Gerry Coyle, i gcuideachta Dara Calleary, T.D., Baill Choiste Toghcheantair Bhéal an Átha; baill foirne Oifig Ealaíona CCME agus foireann lasmuigh Bhéal an Átha, an tOirmhinneach Michael Conway SP agus Michael Reilly, Bainistíocht Oifigí Cathartha Bhéal an Átha, an tUas. Seamus Granahan san áireamh, DOS; Paul Benson, SEO, Paul Dolan, SEE, agus Mary Gordon, SSO, chomh maith leis an Dr Michael Loftus, Comhairle Pobail Chrois Mhaoilíona. As láthair ón ngrianghraf tá an tUas. Noel Burke, Innealtóir Sinsearach, a shamhlaigh an bunchoincheap agus a chur an tionscadal i gcrích.

Comhshaol

Ba bhliain gnóthach ar leith é 2007 don Rannóg Comhshaoil de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus bhí roinnt buaicphointí suntasacha bainte amach faoi dheireadh na bliana. Ina measc:

- méadú ollmhór in athchúrsáil baile mar thoradh ar phríobháidiú na seirbhíse bailiúcháin bruscair.
- Glacadh leis an bPlean Bainistithe Bruscair 2007 – 2010
- Glacadh leis na Fodhlíthe maidir le Dramhaíl a chur amach le Bailiú sa Bhaile don Chontae.
- Tionscnamh Córas Bainistithe Glao chun láimhsiú gearán a éascú don Chomhairle.
- Méadú ar líon na Bratacha Glasa a bronnadh.
- Rath leanúnach Scéim na Trá Bhrait Ghoirm.
- Líon méadaithe na n-iniúchtaí, forfheidhmithe, rátaí ag oifigigh forfheidhmithe na Comhairle.

Plean Bainistithe Bruscair

Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo go foirmiúil le Plean Bainistithe Bruscair le haghaidh na tréimhse 2007 – 2010 tar éis comhairliúcháin le grúpaí éagsúla leasmhara agus an pobal i gcoitinne. Leagann an plean cuspóirí na Comhairle amach i gcomhair thréimhse an phlean faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Feasacht phoiblí agus bearta comhairleacha
2. Bearta Oideachais Óige
3. Bearta Comhoibrithe Pobail agus Grúpa Deonach
4. Bearta/Pleanáil Comhpháirtíochta agus Comhairliúcháin
5. Bearta Forfheidhmithe
6. Bearta Rialaithe Gníomhaigh
7. Bearta Ilghnéitheacha

Is ábhar athbhreithnithe ginearálta é an plean chun dul chun cinn a mheas maidir leis na tograí ar glacadh leo.

Rialú Bruscair

De réir Cuid 10(3) d'Achtanna Truaillithe Bruscair 1997 go 2003 tá dualgas ar an gComhairle tuairisciú a dhéanamh ar a dul chun cinn faoin reachtaíocht sin.

Chomh maith le glacadh leis an bPlean Bainistithe Bruscair, atá sé de dhualgas orthu faoin reachtaíocht, cuirtear na cuspóirí agus na dualgais i gcrích trí thionscnaimh agus trí chláir éagsúla.

D'eisigh na Maoir Bhruscair, Oifigigh Forfheidhmithe, 190 fíneáil bruscair ó thaobh forfheidhmithe de in 2007.

Trí na hoifigí feasachta, tá faisnéis forfheidhmithe agus cur i láthair tugtha do ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail faoi ghnéithe uile feasachta comhshaoil, feasacht agus cosc bruscair san áireamh. Fuarthas cabhair margaíochta trí leithdháileadh deontais.

Deontais Feasachta Frith-Bhruscair 2007

In 2007 tugadh maoiniú do na heagraíochtaí seo a leanas faoi na Deontais Feasachta Frith-Bhruscair.

Comhairle Baile Bhéal an Átha	Feachtas Feasachta Bruscair Scoile/Crann Nollag le maisiúcháin athchúrsáilte.
Tionscadal Litearthachta ECP "Story of the Universe"	Curtha i láthair trí cheol, rince agus feistis. Múintear do leanaí cé chomh tábhachtach is atá sé an comhshaol a chosaint ó éifeachtaí gránna inbhaolacha bruscair agus dramhaíola.
Cumann Tráchtála Bhaile Chathail – Bhaile Eachaigh	Tionscadal Feasachta Frithbhruscair sa Bhaile.
Grúpa Feabhsúcháin Bhéal Átha an Bhearaigh	Tionscnamh Athchúrsála, Athúsáide agus Bruscair
Community Radio Chaisleán an Bharraigh	Tionscadal 'A Cleaner Community'
Bailte Slachtmhara an Mhala Raithní	Nuachtlitir Feasachta Bruscair
Muintir Pholl Raithní	Tionscadal Feasachta Bruscair, Poll Raithní
Cumann Cónaitheoirí Blackrock, Béal an Átha	Keep Blackrock Beautiful
Coláiste Naomh Tiernan, Crois Mhaoilíona.	Feachtas Feasachta ar Bhruscair
Coláiste Naomh Breandán, Béal an Mhuirthead.	Comórtas Póstaeir Fhrithbhruscair
Comhairle Pobail na Faiche	Deireadh Seachtaine Feasachta Comhshaoil agus Bruscair
Corrán Millview, Bunree, Béal an Átha.	**"**Be a Resident – be litter aware!"
Tionscadal Forbartha Oirthear Mhaigh Eo Cosgallen.	Tionscadal Forbartha Pobail "Know Your Litter"
1ú Gasóga, Caisleán an Bharraigh	Feachtas Feasachta Gasóga ar Bhruscar
Bailte Slachtmhara Chathair na Mart	Feachtas Feasachta ar Bhruscar
Tionscadal Óige Club Vario	Tionscadal Bruscair "The Next Generation"
Cumann Cónaitheoirí Fairways, Caisleán an Bharraigh	Tionscadal Feasachta ar Bhruscar

Faoi bhráid an Fheachtais Pobail níos Glaine – Tionscadal Comhshaoil Ceantair Áitiúil, Eastáit Slachtmhar Tithíochta, Míle saor ó Bhruscar agus comórtais don Scoil is Slachtmhara.

Thug an Chomhairle tús áite i gcónaí do ghníomhaíochtaí le grúpaí pobail agus scoileanna agus leathnófar a dtionscnaimh mar a léirítear sa Phlean Bainistithe Bruscair.

Conradh Gníomhaíochta Bruscair

Cuireadh Cumann Gníomhaíochta Bruscair os comhair an phobail den chéad uair in 2002 agus leanadh ar aghaidh leis in 2007. Tá an comórtas oscailte do Choistí Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Pobail i ngach baile mór agus beag i gContae Mhaigh Eo, seachas Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Cuireadh tús leis an gcomórtas i mí Aibreáin 2007 agus lean sé ar aghaidh go mí Dheireadh Fómhair 2007. Reáchtáiltear ar bhonn sraithchomórtais é .i. tá gach baile san iomaíocht lena chéile ina ngrúpa mí i ndiaidh míosa.

Is í aidhm an bheartais seo Chomhairlí Pobail áitiúla agus Coistí na mBailte Slachtmhara a spreagadh chun níos mó baint a bheith acu i ndíothú bruscair sna bailte móra agus beaga i gContae Mhaigh Eo. Spreagann an comórtas feasacht ar thionchar leitheadach bruscair ar phobail áitiúla le gradaim á mbronnadh ar bhuaiteoirí agus ar dhreamanna a thagann sa dara háit. Rinneadh rangú mar seo leanas ar na catagóirí.

Cumann Gníomhaíochta Bruscair – Torthaí.

GRÚPA A	**Bailte Móra (daonra os cionn 1,000)**
Mórbhuaiteoir:	Béal Átha hAmhnais - **€2,000** agus cuimhneachán.
Sa dara háit:	Baile Chathail - **€1,000**
Sa tríú háit:	Baile Uí Fhiacháin agus Béal an Mhuirthead - **€500 an ceann**
GRÚPA B	**Bailte Níos Lú/Sráidbhailte Móra (daonra níos lú ná 500)**
Mórbhuaiteoir:	Béal an Mhuirthead - **€1000** móide cuimhneachán agus duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach
Sa dara háit:	Belcarra - **€700**
Sa tríú háit:	Mulranny **€250** móide duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach agus Baile an Chaisil **€250**
GRÚPA C	**Sráidbhailte/Pobail níos lú**
Mórbhuaiteoir:	Poll Raithní - **€1000** móide cuimhneachán agus duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach
Sa dara háit:	Achadh Ghobhair - **€600** móide cuimhneachán duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach
Sa tríú háit:	Na Caológa **€200** móide duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach agus Geesala **€200**
Grúpa C2	
Mórbhuaiteoir:	Partraí - **€1000** móide cuimhneachán agus duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach
Sa dara háit:	An Éill - **€600** móide duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach
Sa tríú háit:	Cill Chiaráin - **€200** móide duais airgid **€200** as Stádas Saor Ó Bhruscar a bhaint amach agus Oileán Éadaí **€200** agus duais airgid **€200** as Stádas Saor ó Bhruscar a bhaint amach.

Bainistíocht Dramhaíola

Tar éis dianmachnamh a dhéanamh faoina stádas ar bhailiúchán bruscair, tharraing Comhairle Contae Mhaigh Eo siar ón tseirbhís i mí Aibreáin 2007. Lean roinnt mhaith oibrithe príobháideacha ar aghaidh leis an tseirbhís a bhí á sholáthar ag an gComhairle agus cuireann siad córas dhá bhosca bruscair ar fáil le laghdú suntasach ar an méid bruscair a théann go láithreáin líonta talún, agus méadú mór athchúrsála ar ábhair tithe, mar thoradh air sin.

Láithreáin Líonta Talún

Tá dhá láithreán ceadúnaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo lonnaithe ag Doire an Iomaire agus Ráth Ruaidhín. Tá ceadúnas ag an dá láithreán líonta talún ón GCC agus tá luach €30m oibreacha caiptitil déanta ar an dá láithreán líonta talún. Déantar gníomhaíochtaí ag na láithreáin líonta talún a mhonatóiriú ar bhonn leanúnach agus feidhmíonn an dá láithreán líonta talún go hardchaighdeán mar thoradh air sin. Níor tháinig athrú ar an táille reatha €150/tona (tobhach Rialtais san áireamh) in 2007.

Tháinig iomlán 41,000 tona isteach i láithreáin líonta talún Chontae Mhaigh Eo in 2007. Tá ceadúnas 85,000 tona in aghaidh na bliana ag na saoráidí.

Conláiste Pobail

Leanann na hIonaid Conláiste Cathrach i nDoire an Iomaire agus i Ráth Ruaidhín de bheith ag tairiscint an deis le hathchúrsáil a dhéanamh ar raon leathan dramhaíola. Sa bhreis ar sin bíonn siad oscailte ó Luan go Satharn le freastal ar an bpobal.

Is d'úsáid teaghlaigh na háiseanna athchúrsála agus tá siad comhdhéanta de bhoscaí lipéadaithe agus de bhainc mar ar féidir ábhair le haghaidh athchúrsáil a fhágáil. Déanann Comhairle Contae Mhaigh Eo burláil ar roinnt ábhair athchúrsála agus tógann bailitheoirí dramhaíola ceadúnaithe na hábhair seo go dtí na hionad ina dtarlaíonn an próiseas athchúrsala féin. Tá láthair sna hionad athchúrsala le haghaidh bailiúchán ar dramhaíol ghuaiseach teaghlaigh. Cuirtear an dramhaíl ar aghaidh le haghaidh athchúrsála nó diúscairt shábháilte.

Tá táille €2-€7 le haghaidh athchúrsáil bonn rothaí. Glactar gach dramhaíl eile le haghaidh athchúrsála saor in aisce.

Tá an-tóir ar na hionaid athchúrsála ag Ráth Ruaidhín agus Doire an Iomaire ag an bpobal agus tugann 150,000 duine cuairt air gach bliain le meán 3,000 gach seachtain. Eagraíodh 38 cuairt faisnéise ó scoileanna go dtí na hionaid i rith na bliana chun na saoráidí agus seirbhísí atá ar fáil a fheiceáil.

Ábhair a ghlactar le haghaidh athchúrsála

- Prócaí agus buidéil Glé/Donn/Glas
- Cannaí alúmanam dí cosúil le cannaí deochanna boga
- Cannaí bia cruaiche ar nós cannaí bia do mhadraí

- Éadaí inchaite glan do dhaoine fásta agus leanaí
- Éadaí leapa glan, rugaí agus cuirtíní
- Bróga glana inchaite agus iad i bpéirí
- Buidéil phlaisteacha Cineál 1, ar a dtugtar PET/PETE msh buidéil mhianraí nó uisce
- Buidéil phlaisteacha de Chineál 2 ar a dtugtar HDPE/PE, soithigh bainne
- Buidéil Tetra Pak bainne agus sú.
- Paipéar tirim agus glan lena n-áirítear nuachtáin agus irisí
- Cairtchlár tirim agus glan lena n-áirítear boscaí le haghaidh arbhar bricfeasta.
- Leabhair lena n-úsáid arís ag Oxfam
- Dlúthdhioscaí ceoil agus cluichí lena n-úsáid arís ag Oxfam
- Gloine fuinneoige, scáthán agus dí
- Dramhaíl miotail
- Dramhaíl adhmaid soladach ach gan aon MDF ná murláin miotail dorais ná hinsí dorais
- Boinn ach gan imill rotha
- Sorcóirí gáis
- Gach earra teaghlaigh leictreach agus leictreonach
- Dramhola cócaireachta
- Dramhola mótair

Dramhaíl ghuaiseach teaghlaigh ar féidir a thabhairt le haghaidh diúscairt sábháilte

Glacfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo le gach ábhar guaiseach teaghlaigh chomh fada is go bhfuil lipéad soiléir ar na coimeádáin agus go ndéantar an dramhaíl a stóráil sna soithigh inar ceannaíodh iad. Tá na príomhchineálacha dramhaíola guaiseacha teaghlaigh liostáilte thíos:

- Creimnigh Teaghlaigh m.sh ábhair glantacháin tí
- Dramhlotnaidicídí m.sh. fialnimheanna
- Cógaisí Dramhaíola
- Cogaisí tréidliachta dramhaíola
- Ceallairí gluaisteáin agus teaghlaigh
- Fuíollach péinte
- Soilse fluaraiseacha
- Bolgáin solais - coigilt fuinnimh agus gnáthbholgáin
- Cannaí aerasóil

Athchúrsáil/Bainc Beir Chuige

Aithníodh sa Phlean Bainistithe Bruscair nach mór dúinn éirí as an spleáchas atá againn ar láithreáin líonta talún. Ní mór dúinn rátaí athchúrsála a mhéadú tríd an nGréasán Bainc Beir Chuige a leathnú agus a uasghrádú i gceantair tuaithe, agus ba chóir go mbeadh fáil ar bhainc sna bailte agus sna sráidbhailte le daonra os cionn 500 duine. Déileálann na hionaid sin le hathchúrsáil gloine glé, glas agus donn agus cannaí alúmanaim. Athchúrsáladh 79 tona cannaí alúmanaim in 2007 agus 2253 tona gloine.

Faoi láthair tá 93 láthair mórthimpeall an chontae. Tá maoiniú ar fáil faoi láthair ón gciste comhshaoil chun cabhrú le costais feidhmiúcháin na suíomhanna saoráidí cathartha agus bainc buidéil.

Múiríniú

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo múiríneoirí ar fáil do theaghlaigh le ceannach ar phraghas laghdaithe de €25. Is féidir iad seo a cheannach sna hOifigí Ceantair, ag na láithreáin líonta talúin agus ag Clós Innealra Chomhairle Contae Mhaigh Eo, sa Mhóinín. Déantar iad a thairiscint saor in aisce do gach scoil. Dhíol Comhairle Contae Mhaigh Eo níos mó ná 550 múiríneoir tí sa bhliain 2007.

Ceadúnuithe Bailithe Dramhaíola

Rinne na Rialacháin Bainistíochta Dramhaíola (ceadúcháin bailiúcháin) 2001 foráil ar son chóras ceadúnaithe do na hÚdaráis Áitiúla maidir le gníomhaíochtaí dramhaíola tráchtála. Faoi na Rialuithe, bhí ar na hÚdaráis Áitiúla a rinne Plean Bainistithe Bruscair le chéile ceann de na hÚdaráis a ainmniú chun an fheidhm ceadúnais a dhéanamh don Réigiún i gceist. Ainmníodh Comhairle Contae Mhaigh Eo le haghaidh Réigiún Chonnachta.

Fuarthas 560 iarratas ar Cheadanna Bailiúcháin Bruscair go dtí deireadh na bliana 2007. Le cead a bhronnadh caithfidh go mbeidh an Chomhairle sásta go bhfuil an ghníomhaíocht bailiú dramhaíola atá faoi chaibidil ag feidhmiú de réir conníollacha a bheadh ag dul leis an gcead agus nach gcruthódh sé truailliú comhshaoil agus go bhfuil an cead á thabhairt de réir na bhforálacha atá i bPlean na nÚdarás maidir le Bainistiú Dramhaíola agus Plean Bainistíochta Dramhaíola Guaiseach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Caithfidh athbhreithniú a dhéanamh ar na ceadúnais uair amháin, ar a laghad, gach dara bhliain. Caithfidh gach Sealbhóir Ceadúnais Bhailiúcháin Dramhaíola Tuarascáil Bhliantúil Comhashaoil (AER) a chur chuig an Údarás Áitiúil faoi 28 Feabhra.

Ceadanna Saoráid Dramhaíola

Is é an dara cineál cead ná Cead Saoráid Dramhaíola. Ní mór Cead Dramhaíola a bheith ag duine chun dramhaíl a dhiúscairt nó a athghabháil. Feidhmíonn na ceadanna seo lena chinntiú go dtugtar faoi gach gníomhaíocht mar is ceart agus nach dtarlaíonn aon truailliú comhshaoil de bharr na ngníomhaíochtaí seo. Déantar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí na ndaoine go bhfuil Ceadanna Dramhaíola acu agus coimeádtar gach taifead le géilliúlacht le reachtaíocht comhshaoil a chinntiú. Le linn 2007, fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo 32 iarratas ar Cheadanna Dramhaíola.

Caomhnú Comhshaoil

Feachtas um Phobail Ghlana

Gach bliain mar chuid dá Chlár Feasachta Comhshaoil, eagraíonn an Chomhairle Feachtas um Phobail Glana. Bíonn baint ag an bhfeachtas seo le Grúpaí Pobail, Scoileanna, Coistí na mBailte Slachtmhara etc. agus tá sé dírithe ar mhórtas comhshaoil an phobail áitiúil a chur chun cinn.

Reachtáladh comórtas comhshaoil le cúig chatagóir mar seo leanas:-

Tionscadal Comhshaoil don Cheantar áitiúil
Eastáit Tithíochta Glan
An Scoil is Slachtmhaire
Míle gan Bruscar
Reiligí Slachtmhara

Ba é 2006 an séú bliain déag a reachtáladh Gradam na bhFeachtas Pobail Ghlana agus ba mhaith le Comhairle Contae Mhaigh Eo comhghairdeas a dhéanamh le gach duine a ghlac páirt i gcothabháil agus feabhas a chur ar an gcomhshaol ina gceantair áitiúla. Ba iad seo a leanas buaiteoirí gach catagóir:

Tionscadal Comhshaoil don Cheantar áitiúil

1. Cumann Áitritheoirí Phartraí
2. Scéim Shóisialta Tuaithe Bailte Slachtmhara, Cluain Cearbán
3. Bailte Slachtmhara Bhéal an Átha

Eastáit Tithíochta Glan

1. Cúirt Blackrock, Bóthar na Cé, Béal an Átha
2. The Spires, Bóthar an tSéipéil, Béal an Átha
3. Clós Cloonmonad, Cathair na Mart

Míle gan Bruscar

1. Bailte Slachtmhara Inis Bigil
2. Cumann Cónaitheoirí Chill Chiaráin
3. Coiste Cultúr, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh

An Scoil is Slachtmhaire

1. Bunscoile Naomh Pól, Cloggernagh, Oileán Éadaí, Caisleán an Bharraigh
2. Scoil Náisiúnta Ghort Mhic Shiúrdáin, Cill Mheáin, Clár Chlainne Mhuiris
3. Scoil Náisiúnta Naomh Aidan, Coillte Mach

Reiligí Slachtmhara

1. Reilig Leigue, Rathkip, Béal an Átha
2. Reilig Bonnifinglas, Carrowkerribla, Áth Tí an Mheasaigh
3. Reilig Ballinahaglish, Rathnaconeen, Rehins, Béal an Átha

Tránna Brait Ghoirm

Is é ceann de na réigiúin is neamhthruaillithe é Maigh Eo ó thaobh comhshaoil de agus ba é an chéad chontae 13 Trá Brait Ghoirm a fháil. Is dámhachtain é an Brat Gorm a thugtar do phobail a dhéanann iarracht faoi leith a thránna a bhainistiú ar chaoi íogair

don chomhshaol, a fhaigheann archaighdeán glaineachta i gcónaí agus a chuireann feachtais oideachasúla agus feasachta ar bun faoin gcomhshaol muirí.

Tá ceithre ghné bainistíochta i gCritéir na mBratacha Gorma:

- Oideachas agus Faisnéis Comhshaoil
- Bainistíocht agus Áiseanna Comhshaoil
- Caighdeán Uisce
- Sábháilteacht agus Seirbhísí

Is foinse faisnéise í an Feachtas Brat Gorm maidir le comhshaoil ghlana, sábháilte agus taitneamhacha le haghaidh siamsaíochta san uisce. Féadfaidh cuairteoirí ar Thránna Brait Ghoirm i Maigh Eo a bheith ag súil le Cód Cleachtais agus Faisnéise ar Láithreacha agus Speiceas Cosanta sa chomharsanacht a fheiceáil. Is iad na tránna i Maigh Eo a bhain stádas Brait Ghoirm amach in 2007 ná

Cuan Oiligh	An Trá Órga	Oileán Cliara
Ross	Dumha Goirt	An Mhala Raithní
Bertra	Old Head	Dumha Éige
An Caol	Trá na Coime	Trá na Ceathrún Móire
Mullach Rua		

Thíos tá dhá phictiúir ó Chomórtas Grianghrafadóireachta Trá Brait Ghoirm 2007

Truailliú Uisce

Faoi Achtanna an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 tá bunfhreagracht ag Comhairlí Contae a chinntiú go bhfuil caomhnú, cosaint agus feabhsú á dhéanamh ar chaighdeán uisce.

Tá cumhachtaí substaintiúla ag Comhairlí Contae chun na hAchtanna Truaillithe Uisce a fhorfheidhmiú. Chomh maith le ciontóirí a thabhairt os comhair na gCúirteanna tá i dteideal na gComhairlí Fógraí a sheirbheáil ar lucht truailithe ag cur iachall orthu stop a chur leis an truailliú. Freisin, tá an Chomhairle i dteideal iarratas a dhéanamh ar na Cúirteanna le haghaidh Ordú a chuirfidh iachall ar dhuine a thruaillíonn an truailliú a chur ina cheart.

Tá 54 ceadúnas uisce eisithe ag an gComhairle agus 17 ceandúnas séarachais san iomlán go dtí deireadh na bliana 2007. Tógadh ceadúnas uisce amháin ar ais i rith na bliana. Fuarthas 111 gearán ón bpobal maidir le heachtraí truaillithe uisce agus réitíodh 97 díobh faoi dheireadh na bliana. Eisíodh 25 litir rabhaidh agus riaradh 10 fógra a d'éiligh beart sainiúil faoi Chuid 12 den Acht.

Caighdeán Uisce

Is leis an údarás áitiúil a luíonn freagracht reachtúil le haghaidh bainistithe uisce agus cosaint ar uisce. Is iad na príomhionstraim reachtúla maidir leis sin ná Achtanna na Rialtas Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus na rialacháin a rinneadh dá réir sin lena n-áirítear Rialacháin an Aontais Eorpaigh. Déanann Saotharlann Réigiúnach an EPA monatóireacht ar thránna, aibhneacha, lochanna, scaoileadh dramhaíola uirbeach agus uisce dromchla a úsáidtear le haistarraingt ar mhaithe le Comhairle Contae Mhaigh Eo, i ngéilliúntas do na Rialacháin ghaolmhara.

Déanann Feidhmeannacht Sláinte an Iarthair monatóireacht shainordúil agus fhorlíontach ar uisce óil i scéimeana poiblí agus príobháideacha faoi na Rialacháin Uisce Óil, 2000. Tá saotharlann phríobháideach ar conradh chomh maith ar bhonn bhliantúil chun monatóireacht níos cuimsithí a dhéanamh ar scéimeanna ar leith.

Éilítear ceadúnais ar ghníomhaíochtaí áirithe tráchtála a scaoileann uisce amach go séarachas nó uiscí poiblí faoi na hAchtanna Truaillithe Uisce. Déanann saotharlann phríobháideach ar chonradh monatóireacht ar na ceadúnais seo do Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Togra Rialaithe do Dhúilicín Riabhach (Dreissena polymorpha) an Iarthair

Cuireadh an togra seo ar bun i mí an Mheithimh 2004 chun an dúilicín riabhach a chosc ó scaipeadh trí lochanna an iarthair. Tá na coistí bainteacha comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis áitiúla an réigiúin, na Boird Iascaigh Réigiúnacha, Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uiscebhealaí Éireann agus grúpaí éagsúla slatiascaireachta agus bádóireachta. Tá oifigeach oideachais fostaithe ag an gcoiste agus feachtais éagsúla feasachta bunaithe.

Plean Bainistithe Caighdeán Uisce

Dearadh Plean Bainistithe Caighdeáin Uisce Mhaigh de réir Achtanna Um Thruailliú Uisce 1977 agus 1990. Ghlac Comhairlí Contae Mhaigh Eo agus Shligigh leis sa bhliain 1987. Bunaíodh stáisiúin mhonatóireachta ar fud cheantair na Maighe mar thoradh ar an bplean agus chinntigh sin go bhfuil uisce d'ardchaighdeán fós ag an abhainn. Is é an EPA is mó a dhéanann monatóireacht ar an dobharcheantar.

Pleananna Bainistithe Dobharcheantar

Tá Pleananna Bainistithe Dobharcheantar bunaithe ag Boird Iascaigh Réigiúnacha an Iarthuaiscirt agus an Iarthair do dhobharcheantair Abhainn Dhubh, Abhainn Mhór agus an Róba. Bhí an-pháirtíocht ag Comhairle Contae Mhaigh Eo sna Tionscadail Bainistithe Dobharcheantar seo ó thaobh tacaíocht airgeadais agus theicniúil.

Ceantar Abhantrach an Iarthair

Bunaíodh Ceantar Abhantrach an Iarthair de réir Rialuithe (Beartas Uisce) an AE, 2003. Tá páirtithe leasmhara ó gach earnáil ag glacadh páirt sa tionscadal, lena n-áirítear cúig údarás áitiúla, Maigh Eo san áireamh, an Ghníomhaireacht um Chothú Comhshaoil, Boird Iascach an Iarthuascairt agus an Iarthair, Cumann Feirmeoirí na hÉireann agus gníomhaireachtaí eile rialtasacha agus neamhrialtasacha. Is é aidhm fhoriomlán an tionscadail stádas maith éiceolaíoch a chothabháil nó a fheabhsú faoi 2015. Is í Comhairle Contae na Gaillimhe an t-údarás ceannais atá freagrach as an tionscadal uile a chomhordú. Tá Tuarascáil Charachtrachta curtha faoi bhráid an AE faoin am seo a thugann tuairisc mhion faoi Cheantar Abhantrach an Iarthair. Bunófar an dréachtchlár monatóireachta go luath. Bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo rannpháirteach cheana féin i réamhanailís fhiosraitheach ar shrutháin bheaga áirithe ar mhaithe lena stádas éiceolaíoch a chinntiú agus leanfar ar aghaidh leis an rannpháirtíocht i ngach gné den tionscadal.

Creat-Threoir Uisce an Aontais Eorpaigh

Beidh an obair ar fad thuasluaite clúdaithe ag Creat-Threoir Uisce an Aontais Eorpaigh - ceann de na píosaí reachtaíochta Eorpacha uisce is tábhachtaí riamh. Creat atá ann a leagann síos aidhmeanna soiléire lena chinntiú go mbainfear amach stádas maith d'uiscí na hEorpa faoi 2015. Baineann an reachtaíocht seo le haibhneacha, locha, inbhir, uiscí cósta agus uiscí talaimh agus tá cur chuige nua ann maidir le comhoibriú trasteorainn idir tíortha agus laistigh de thíortha lena chinntiú nach dtagann stop le bainistiú uisce ag teorainneacha. I gcás na hÉireann ciallaíonn sé go dtrasnaítear teorainneacha contae agus áitiúla agus trasna na teorann laistigh de Thuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, tá Éire roinnte in ocht gCeantar Abhantraí.

Is cuid d'iarracht forfheidhmiúchán na hÉireann í an Abhantrach Cheantair Uisce agus áirítear leis codanna de chontae an Chláir, na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe, Liatroma, Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Shligigh.

Clúdaíonn an ceantar thar 12,000 ciliméadar cearnach agus breis agus dhá mhíle loch, abhainn agus ceantar fairsing mara agus inbhearach. Tá oidhreacht shaibhir sa cheantar abhantraí le haibhneacha, locha agus farraige atá níos mó ná díreach ina thábhacht socheacnamaíochta don réigiún ach sainmhíníonn sé oidhreacht chultúrtha an reigiúin, a shuaithinseacht agus a áilleacht. Mar a leagadh síos i gCreat-Threoir Uisce, caithfidh Éire plean bainistithe Abhantraí a bhunú dá ceantair abhantraí, lena n-áirítear Ceantar Abhantraí an Iarthair.

Leagann an Treoir treoirlínte agus tréimhse ama amach le haghaidh forbairt an phlean bainistíochta. Tá tuairisc charachtrachta á réiteach le léiriú a dhéanamh ar staid reatha

chaighdeán an uisce i gCeantar Abhantraí an Iarthar. Déanfaidh sé cur síos ar uisce sa Cheantar i dtéarmaí

- Caighdeán
- An Brú orthu
- Na gníomhaíochtaí gur dócha go gcruthóidh siad fadhbanna.
- Cad a chaithfear a dhéanamh chun iad a chosaint

I ndiaidh na Tuarascála ar Ghnéithe beidh clár ama agus cláracha oibre in 2006 le Plean Bainistíochta ar an Abhantrach a ullmhú. Beidh comhairliúchán mór leis an bpobal i gceist i réiteach an phlean sin agus beidh an dréachtphlean ar fáil ag deireadh na bliana 2008. Cuirfear an plean bainistíochta i bhfeidhm in 2009 leis an aidhm chaighdeán an uisce a chosaint agus a fheabhsú sa WRBD dóibh siúd a bhraitheann air dá gcaighdeán maireachtála agus slí beatha.

Cinnteoidh sin go ndéanfar cosaint ar gach uisce dromchla agus inbhearach sa Chontae don todhchaí.

Truailliú Aeir

Reachtaíodh an tAcht um Thruailliú Aeir 1987 le creat cuimsitheach a chur ar fáil le rialú a dhéanamh ar fhormhór na gcineálacha truaillithe aeir. Is iad na Comhairlí Contae a riarann an t-acht. Cuireann an tAcht de dhualgas ar áititheoirí aon áitribh, seachas teach príobháideach, an cleachtas is fearr a úsáid le heisiúint truaillithe aer ón láthair a chosc. Is coir d'áititheoir aon áitribh lena n-áirítear teach príobháideach astú a chruthú nó a cheadú ón áitreabh i méid agus ar bhealach go mbeadh se ina núis. Is é an t-uasfhíneáil ar choir ná €12,697.38 móide €1,269.74 le haghaidh gach lá a leantar leis an gcoir agus/nó dhá bhliain sa phríosún. Luíonn forfheidhmiú den chuid is mó leis na húdaráis áitiúla.

Forfheidhmiú Comhshaoil

Cé go bhfuil an-dul chun cinn déanta maidir le feasacht faoi cheisteanna comhshaoil agus go bhfuil ag éirí go sármhaith le cur chuige comhpháirtíochta leis an bpobal tá an-ghá ann an reachtaíocht a fhorfheidhmiú nuair a bhraitear nach bhfuiltear géilliúil don reachtaíocht. Tá triúr oifigeach forfheidhmiúcháin fostaithe ag an gcomhairle don Chontae go léir.

Fuarthas 1,300 gearán san oifig fhorfheidhmiúcháin in 2007, mar seo a leanas:

Bruscar	530
Dramhaíl	508
Uisce	111
Truailliú Aeir	122
Torann	31

Fiosraíodh 1,250 de na gearáin sin agus socraíodh 1,100 díobh trí chomhaontú nó fógra rabhaidh.

Chomh maith le gearáin, déanann na hoifigigh gnáthchigireacht le géilliúntas don phunann reachtaíochta chomhshaoil atá ag síormhéadú a chinntiú.

Córas Bainistithe Glao

Tionscnaíodh córas bainistithe glao i mí Aibreáin 2007 i gcomhair gearáin comhshaoil. Leagfaidh sin gnáthaimh amach le gearáin a láimhsiú agus gníomhaíocht a thuairisciú.

Seo a leanas achoimre gearr ar na gearáin a dhéileáil an fhoireann forfheidhmithe leo.

	Líon	**Iniúchta**	**Réitithe**
Dramhaílbhunaithe	590	560	540
Bruscarbhunaithe	448	438	410
Uisce/Fuíolluisce	111	111	97
Truailliú Aeir	122	110	100
Truailliú Torainn	31	31	25

Áirítear na hinúchtaí seo a leanas ar na gnáthghlaonna a rinne an fhoireann forfheidhmithe:

Daoine le ceadanna bailiúcháin/saoráidí	294
Asraon boinn rotha	90
Asraon WEEE	39
Feithiclí ag deireadh a Saoil	90
Plaisteacha Feirme	1
Asraon tobhach málaí plaisteacha	140
Rialuithe Pacáistíochta	240

Cé go bhfuil srian ar méid uaireanta oibre na ranna seo, chuir an Chomhairle le gearáin na foirne lánaimseartha le huasbhealaí héileacoptair i gcomhair gníomhaíochta mídhlíthiúla agus imscrúdaitheoir le haghaidh suirbhéireachta.

Láithreáin Tréigthe

De réir Achta na Láithreán Tréigthe 1990, sainmhínítear láithreán tréigthe mar thalamh a thógann ó chonláiste, carachtair nó radharc na talún ar chaoi ábharthach mar

(a) go bhfuil struchtúir éagruthacha, maola nó baolacha ar an talamh i gceist nó
(b) go bhfuil an talamh féin nó aon struchtúr ar an talamh faillithe, míshlachtmhar nó conspóideach.

Coinníonn an Chomhairle clár de na suíomhanna ar fad atá tréigthe ar fud an Chontae. Ag deireadh na bliana 2007 bhí an uimhir sin titithe go 79.

Feasacht Chomhshaoil i Maigh Eo

Leanann Comhairle Contae Mhaigh Eo ag cur feasacht chomhshaoil chun cinn ar cheisteanna bruscair, laghdú dramhaíola, athchúrsála, múirínithe, caomhnaithe fuinnimh agus uisce agus truaillithe.

Thug Oifigeach Feasachta Comhshaoil Chomhairle Contae Mhaigh Eo cuairt ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna le linn 2007. Tairgtear múiríneoirí saor in aisce do scoileanna. Spreagtar scoileanna chun áis a bhaint as turais chuig na hionaid athchúrsála agus láithreáin líonta talún.

Reachtáladh roinnt tionscadal eile le bunscoileanna in 2007 le feasacht chomhshaoil a mhéadú agus ghlac breis is 60 scoil i gceardlanna comhshaoil/léirithe a d'eagraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo. Ina measc bhí ceardlanna fuinnimh, seónna amharclainne, draíochta agus rince ar aidhm leo feasacht a mhéadú maidir le ceisteanna comhshaoil i measc leanaí bunscoile.

Clár na Scoileanna Glasa

Is clár Eorpach é Clár na Scoileanna Glasa a eagraíonn An Taisce in Éirinn agus a reáchtáiltear i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla. Caithfidh scoileanna cláraithe seacht gcéim a bhaint amach ar aidhm leo an méid bruscair agus dramhaíola sa scoil a laghdú, mar aon le feasacht comhshaoil a chur chun cinn sa scoil agus i measc an phobail.

Nuair a chríochnaíonn an scoil na céimeanna sa Chlár bronntar Brat Glas orthu. Nuair a bhaineann scoileanna stádas na Scoileanna Glasa amach caithfidh siad téamaí nua a fheidhmiú i gcomhshaol na scoile lena n-áirítear téamaí fuinnimh agus uisce.

Moltar do gach bunscoil agus meánscoil páirt a ghlacadh i gClár na Scoileanna Glasa. Chláraigh 20 scoil eile leis an gclár in 2007.

Faoi láthair tá 136 scoil cláraithe le Clár na Scoileanna Glasa i Maigh Eo agus tá stádas brat glas bainte amach ag 76 scoil.

Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar leis an Taisce, ceithre seimineár faisnéise Scoileanna Glasa fíor-rathúla i láthair do mhúinteoirí agus d'ionadaithe pobail in 2007.

Clár na nGrúpaí Pobail

Cuireadh eolas ar fáil do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí pobail in 2007. Ina measc bhí cur i láthair ar Phlean Bainistithe Dramhaíola Chonnachta le béim ar leith ar fheasacht bhruscair, siopadóireacht ar son an chomhshaoil, athúsáid, athchúrsáil, an dainséar a bhaineann le dó ábhair i ngarraithe tí agus diúscairt shábháilte ar dhramhaíl ghuaiseach. Scaipeadh leabhráin faisnéise agus rinneadh teagmháil maidir le soláthar suíomhanna nua athchúrsála.

In 2007, fuair Cumann Forbartha Phartraí an teideal don phobal leis an 'Suíomh Beir Chuige is Fearr' i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. D'urraigh Repak an dámhachtain sin agus bhuaigh pobal Phartraí an dámhachtain náisiúnta agus réigiúnach.

Reáchtáladh cruinnithe le baill na ngrúpaí pobail agus Coistí na mBailte Slachtmhara mar iarracht cúnamh a thabhairt dóibh méadú a dhéanamh ar athchúrsáil agus múiríniú ina gceantair féin. In 2007, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo seastán i láthair ag Baxter Health Care mar chuid dá sheachtain Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta a chuir faisnéis ar fáil don fhoireann ar réimse seirbhísí comhshaoil.

Feasacht Bruscair Tráchtála

Leanann Comhairle Contae Mhaigh Eo de bheith ag obair le craobhacha de na Cumainn Lucht Tráchtála maidir le bainistiú níos fearr dramhaíola a chur chun cinn. In 2007, rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo urraíocht ar an Rannóg Comhshaoil de Ghradaim Chumann Lucht Tráchtála Mhaigh Eo a bhuaigh Westport Woods Hotel in 2007.

Faisnéis Múirínithe

I gcomhar le Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann agus Bailte Slachtmhara Bhéal Átha na Muice, reáchtáladh ceardlann mhúirínithe i mí na Bealtaine 2006. D'fhreastail os cionn 30 duine air. D'fhoghlaim na rannpháirtithe faoi mhúiríniú sa bhaile, múirín duillí, piastlanna agus garraíodóireacht fiadhúlra.

Tionóladh roinnt ceardlann bainistithe múirínithe agus dramhaíola 'soghluaiste' in earrach/samhradh na bliana 2007 i gcomhar le Bailte Slachtmhara Chathair na Mart.

Ceardlann 'soghluaiste' múirínithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Bailte Slachtmhara Chathair na Mart 2007.

Feachtas na Nollag

I mí Eanáir 2007 reachtáladh feachtas athchúrsála na Nollag le comhtharlú leis an bhfeachtas faoi athchúrsáil ar chrainn Nollag. Cuireadh Ionad Athchúrsála Dhoire an Iomaire agus Ionad Athchúrsála Ráth Ruaidhín chun cinn mar ionaid ghlasa do chrainn Nollag Mhaigh Eo le linn tréimhse na Nollag. Reáchtáil Comhairle Contae Mhaigh Eo Comórtas Maisiúcháin Nollag fíor-rathúil i mí na Nollag 2007, inar spreagadh leanaí a maisiúcháin a dhéanamh as ábhair 'dramhaíola'.

Glantachán Náisiúnta Earraigh

Thosaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo feachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh i 1992 agus glacadh leis go náisiúnta i 1997.

Ghlac 129 grúpa pobail páirt i nGlantachán Náisiúnta Earraigh an Taisce in 2007.

Tugadh cuireadh do gach scoil agus grúpa pobail páirt a ghlacadh sa chlár agus eisíodh málaí agus láimhíní do gach grúpa cláraithe le cúnamh a thabhairt dóibh agus iad ag glanadh bruscar suas.

Pleanáil agus Forbairt

Iarratais Phleanála 1997-2007



Miondealú ar Iarratais Phleanála in 2007



Cinntí Pleanála 2007

Iarratais a Fuarthas	3,411
Iarratais Ceadaithe	2,682
Iarratais Diúltaithe	303



Clinicí Pleanála

Eagraítear Clinicí Pleanála sna seacht dtoghcheantar, gach Céadaoin ón 9.30 a.m. go 12.30 p.m. Eagraíodh 364 Clinic Pleanála in 2007.

An Plean Forbartha Contae

Bhí an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae fós ar siúl in 2007. Scaipeadh Tuarascáil na mBainisteoirí maidir le hAighneachtaí agus Tuairimí ar na Baill le haghaidh breithniúcháin ar 31 Lúnasa. Mhol Tuarascáil na mBainisteoirí roinnt leasuithe don Dréachtphlean. Tá machnamh déanta ag na Baill thofa ar an Dréachtphlean agus Tuarascáil na mBainisteoirí maidir le haighneachtaí agus tuairimí agus shocraigh siad an Dréachtphlean a athrú i mí Eanáir 2008.

Pleananna Ceantar Áitiúla

Cill Ala agus Coillte Mach	Pleananna á n-ullmhú ag an nGníomhaireacht Tógála Náisiúnta. Cruinnithe poiblí comhairliúcháin tionólta agus aighneachtaí faighte ón bpobal. Déachtphlean Reatha curtha faoi bhráid na Comhairle i lár Mheán Fómhair.
Béal Átha na Muice agus Baile Chathail	Pleananna á n-ullmhú ag CAAS. Cruinnithe poiblí comhairliúcháin tionólta agus aighneachtaí faighte ón bpobal. Déachtphlean Reatha curtha faoi bhráid na Comhairle i lár Mheán Fómhair.
Baile Chaisleán an Bharraigh agus an Chomharsanacht	Plean ullmhaithe ag Simon Clear Consultants. Tá machnamh déanta ag Baill Chomhairle Baile Chaisleán an Bharraigh agus ar Thuarasáil na mBainisteoirí agus shocraigh siad an Dréachtphlean a leasú. Leasuithe molta le

	dul ar thaispeáint phoiblí go luath in 2008.
Plean Áitiúil Cheantar Chaisleán an Bharraigh Bailte Beaga agus Sráidbhailte	Dréacht ullmhaithe agus obair ar siúl.
Béal Átha hAmhnais/Baile an Róba	Pleananna á n-ullmhú ag AP McCarthy & Associates & Stephen Dowds. Cruinnithe poiblí comhairliúcháin tionólta agus aighneachtaí faighte ón bpobal.
Baile Bhéal an Átha agus an Chomharsanacht	Plean ullmhaithe ag Stephen Dowds & Associates. Tuarascáil na mBainisteoirí maidir le haighneachtaí réamhphlean faomhaithe. Dréachtphlean á ullmhú, foilseachán le bheith i lár 2008.
Baile Bhéal an Átha agus an Chomharsanacht	Pleananna á n-ullmhú go hinmheánach.
Plean Áitiúil Cheantar Bhéal an Mhuirthead	Pleananna á n-ullmhú go hinmheánach.

Ríomhphleanáil

Tá forbairt leanúnach á dhéanamh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar choincheap na ríomhphleanála trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar sheirbhís éifeachtúil don phobal lenár saoráidí ar líne. Tá gach iarratas reatha agus gach iarratas a rinneadh le déanaí ar fáil ar líne le scrúdú ag an bpobal.

Ceadaíonn an Córas Féinfhreastail Réamhphleanála (SSPS) do dhuine ar bith díriú isteach ar léarscáil de Chontae go dtí go bhfaigheann siad an plota talún a bhfuil spéis ar leith acu ann.

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo treoir ar líne isteach freisin maidir le hiarratas pleanála a dhéanamh. Le déanaí cuireadh áis áirimh leis an suíomh pleanála ar an idirlíon ionas gur féidir na muirir phleanála d'fhorbairtí tithíochta, tráchtála agus talmhaíochta a ríomh. Áirítear ar na tionscnaimh atá molta don bhliain 2008 iarratais phleanála a ghlacadh ar líne, iarratais fhoirmeálta réamhphleanála a aistriú ar líne agus aighneachtaí a ghlacadh ar líne.

Bhí 3.9 milliún amas ag an gcuid Pleanála de shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2007 – 4,947 cuairt gach seachtain.

Deontais Chaomhantais

Déanann an Rannóg Pleanála riarachán ar an Scéim Deontais Caomhantais a riarann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais áitiúil. Is féidir 100% den deontas sin a fháil ar ais ón Roinn.

Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo leithdháileadh €106,000 in 2007. D'íoc Comhairle Contae Mhaigh Eo deontais de €110,569 in iomlán amach in 2007 faoi Scéim na nDeontas Caomhantais.

Rannóg Forfheidhmiúcháin

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Rialaithe Tógála do cheantar riaracháin Chontae Mhaigh Eo agus an trí cheantar Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh, Chathair na Mart agus Bhéal an Átha. D'eisigh an Rannóg Fhorfeidhmiúchán Pleanála 147 litir rabhaidh le linn 2007 ó bhunaíodh an Rannóg Fhorfheidhmiúchán chun dul i ngleic le forbairtí neamhúdaraithe agus saincheisteanna rialaithe tógála in 2004.

Riarann an Rannóg Fhorfeidhmiúcháin Pleanála (seachas na Comhairlí Baile) gach íocaíocht a dhéantar nó atá ag dul do Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha (de bhun Mír 48 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000).

- Líon cásanna iniúchta 292
- Líon cásanna iniúchta dífe 133
- Líon iomlán cásanna faoi réir gearáin a réitítear trí idirbheartaíocht 66
- Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tógadh trí mheán litreacha rabhaidh 147
- Líon Ionchúiseamh 28

Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo

Is Contae mór tuaithe é Maigh Eo, a chlúdaíonn achar 2,159 míle cearnach le daonra de bheagnach 120,000 duine, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na ceantair údaráis dóiteáin is mó sa tír. Freastalaíonn Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo, ceann den 37 údarás dóiteáin sa Tír, ar an gceantar seo. Tá freagracht aige, faoi Acht na Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003, foráil a dhéanamh d'eagrú Seirbhísí Dóiteáin, Sábháilteacht Dóiteáin, Múchadh Tine agus cosaint agus tarrtháil ar dhaoine agus maoin agus nithe eile a bhaineann leis na rudaí thuasluaite. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Dóiteáin le haghaidh ceantar riaracháin Chontae Mhaigh Eo agus trí cheantar Chomhairle Baile Chaisleán an Bharraigh, Chathair na Mart agus Bhéal an Átha.

Cosc Dóiteáin

Cinntíonn Oifigigh Cosc Dóiteáin go ndéantar foirgnimh a phleanáil, a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil ar bhealach sábháilte ó thaobh sábháilteacht dóiteáin. Feidhmíonn an tÚdarás Dóiteáin faoi réimse leathan reachtaíochta: is iad an dá phríomhphíosa reachtaíochta ná na hAchtanna Dóiteáin 1981 agus 2003 agus an tAcht um Rialú Foirgníochta 1990. Chomh maith leis sin, tá baint ag na hOifigigh Cosc Dóiteáin, atá gníomhach san obair speisialta seo, i bpróiseal Iarratais ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin, i measc nithe eile.

Bliain	Teastais Sábháilteachta Dóiteáin			
	Faighte	*Ceadaithe*	*Diúltaithe*	*Neamhbhailí*
2007	313	276	1	5
2006	317	288	1	13
2007	324	259	1	18

Próiseálann an Chomhairle Iarratais Fógra Tosach Feidhme (mar chuid den Acht um Riaú Foirgníochta 1990) laistigh den tSeirbhís Dóiteáin. Fuarthas agus próiseáladh na hIarratas Fógra Tosach Feidhme mar seo a leanas:

Bliain	Fógraí Tosacha Feidhme:		
	Faighte	*Bailí*	*Neamhbhailí*
2007	1366	1277	89
2006	1570	1425	145
2005	1688	1519	169

Déanann an Chomhairle iniúchtaí ar fhoirgnimh faoi na hAchtanna éagsúla agus leanann siad lena gclár iniúchtaí randamacha ar láithreacha tionól poiblí, le comhoibriú na nGardaí Síochána, le géilliúlacht le riachtanais sábháilteachta dóiteáin a chinntiú

agus le plódú sna láithreacha seo a aimsiú agus a chosc. Mar gheall ar fhorbairt na reachtaíochta agus modhanna nua tógála, coimeádtear Oifigigh Cosc Dóiteáin ar an eolas trí chúrsaí agus seimineáir rialta oiliúna.

Sábháilteacht Dóiteáin Pobail

Mar chuid den Chlár Sábháilteacht Dóiteáin Pobail, sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Clár Bunscoileanna dar teideal 'Foireann Sábháilteachta' go foirmiúil agus leathnófar amach é sa scoilbhliain reatha 2006-2007 go gach bunscoil i Maigh Eo.

Cumadh é chun leanaí i Rang 3 a oiliúint faoi chontúirtí dóiteáin ionas mbeidh siadsan in ann an teachtaireacht a thabhairt abhaile ansin agus an tsábháilteacht dóiteáin ina dtithe agus ina bpobal féin a fheabhsú. Tá faisnéis sa phacáiste 'Foireann Sábháilteachta' faoi na trí réimsí ríthábhachtacha: Cosc, Aimsiú agus Éalú. I measc rudaí eile beidh Bileog Seiceála i ngach pacáiste agus iarrfar ar na daltaí iad a chomhlánú mar chuid dá n-obair bhaile. Tugadh cuairt ar 167 scoil san iomlán – tuairim is 4040 dalta.

Seachtain Sábháilteachta Dóiteáin

Cuireann Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo feasacht sábháilteachta chun cinn sa phobal i gcónaí trí chruinnithe, seimineáir, turais ar scoileanna agus feachtais faisnéise scprioctha éagsúla. Chuir Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo téama na bliana – 'Smoke Kills – Be Alarmed' – chun cinn i rith Seachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin

1. Thug comhraiceoirí dóiteáin sna Trí Comhairlí Baile sa Chontae - Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Cathair na Mart - i dteannta le hOifigigh Cosc Dóiteáin, a bhfearais dóiteáin amach go suíomhanna lárnacha siopadóireachta i ngach ceantar agus dháil siad bileoga agus thug siad comhairle sábháilteachta dóiteáin don phobal.
2. Reáchtáladh laethanta oscailte arís i stáisiúin éagsúla mórthimpeall an Chontae le linn na seachtaine. Mheall an togra sin breis agus 500 mac léinn ó scoileanna mórthimpeall Chontae Mhaigh Eo.
3. Feachtais fógraíochta sna nuachtáin áitiúla agus raidió.

Oibríochtaí na Seirbhísí Dóiteáin

Faoi láthair fostaíonn an Chomhairle 130 comhraiceoirí dóiteáin i 12 stáisiún dóiteáin agus 7 n-aonad múchta dóiteáin garchabhrach lonnaithe mórthimpeall an Chontae. Ar an meán, téann na comhraiceoirí dóiteáin sin i ngleic le hidir 1200 agus 1400 freagairt go bliantúil ó dhóiteáin simléirí, dóiteáin teaghlaigh, dóiteáin foraoise agus portaigh, timpistí tráchta bóthair, tarrthálacha, eisiltí ceimiceáin agus tuilte. **D'fhreagair Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo 1171 eachtraí, mar a shonraítear thíos.**

Sonraí Obair Feidhmiúcháin 2007		Iomlán
Líon na ndóiteán a d'fhreastal briogáidí orthu		713
Ina gceantar féin	687	
I gceantar údarás dóiteáin eile	26	
Eachtraí Seirbhísí Speisialta		283
Timpistí Bóithre	164	
Pumpáil Uisce/ Tuile	23	
Tarrtháil/daoine a bhaint ón uisce	10	
Tarrthálacha neamhdhóiteáin eile	22	
Ábhair ghuaiseacha faoi bhealach	42	
Ilghnéitheach	22	
Rabhaidh Bhréige		175
Mailíseach	64	
Dea-rún	111	

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas a chothú

Tá Seirbhísí Dóiteáin in Éirínn ag seachadadh seirbhísí de réir reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ar feadh roinnt mhaith blianta. Leasaíodh an reachtaíocht sin in 2005 agus shainaithin an Clár Leasaithe Seirbhíse Dóiteáin – Creat Forfheimiúcháin, trí réimsí a ba chóir díriú orthu:

- Córas Ceannasaíocht Náisiúnta Teagmhas a fhorbairt;
- Teimpléad Coimhdeach Ráiteas Sábháilteacht a fhorbairt do Sheirbhísí Dóiteáin na hÉireann; agus
- Seirbhísí Bainistithe Struis Teagmhais Chriticiúla a sholáthar do gach comhraiceoir dóiteáin.

1. **Córas Ceannasaíocht Náisiúnta Teagmhas** – Shocraigh Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo oiliúint ceathrar teagascóirí chun an Córas Ceannasaíocht Náisiúnta Teagmhas (NICS) a rolladh amach ar fud an chontae. Tugadh oiliúint d'Oifigigh Shóisearacha ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo i dtaobh an NICS i rith mí na Samhna/mí na Nollag 2007, agus stiúradh cleachtaí beo ag roinnt láithreacha thart timpeall Chathair na Mart.

2. **Ráiteas Coimhdeach Sábháilteachta (Oibriúcháin) Sheirbhís Dóiteáin** – Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le teimpléad an ráitis chuimhdigh sábháilteachta a d'fhorbair an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí Dheireadh Fómhair 2007 ionas gur féidir leo a bheith in oiriúint don reachtaíocht is déanaí.

3. **Bainistiú Struis Teagmhais Chriticiúla –** Tá seirbhísí éigeandála níos feasaí ná riamh faoi na héifeachtaí síceolaíocha ar fhostaithe a bhraitheann teagmhas trámacha. Tá gnáthaimh chun na héifeachtaí is measa de Struis Teagmhais Chriticiúil a bhainistiú agus a mhaolú forbartha anois mar thoradh ar thaighde inmheánach. Tugadh an Clár CISM atá i gContae Mhaigh Eo isteach go sainiúil le tacaíocht phraiticiúil leanúnach a chur ar fáil dár gcomhraiceoirí dóiteáin ar fad maidir le strus ginearálta agus Strus Teagmhais Chriticiúil go háirithe a láimhsiú . Tá ceithre mórghnéithe sa chlár go bunúsach:
   - Oideachas agus oiliúint i CISM
   - Scaipeadh Tacadóirí Piara

- Faisnéisiú CIS
- Comhairleoireacht aonair

Tá gach gné deartha le cinntiú go bhfaigheann daoine aonair agus foirne an tacaíocht is cuí nuair a bhíonn Strus Teagmhais Chriticiúil á láimhsiú acu.

I rith 2007, shocraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo oideachas agus oiliúint Bainistithe Struis Teagmhais Chriticiúil do gach comhraiceoir dóiteáin le soláthróir oiliúna faofa go náisiúnta. Chomh maith leis an oiliúint feasachta, rinneadh oiliúint Tacadóir Piara inar tugadh oiliúint do bhall gach stáisiúin i leith cúnamh nó luath-thacaíocht a thabhairt agus idirghabháil a dhéanamh díreach tar éis an teagmhais.

Oiliúint Gar don Uisce

Bíonn comhraiceoirí dóiteáin bainteach go minic le gníomhaíochtaí a éilíonn go n-oibríonn siad gar don uisce. Is obair ghuaiseach ó nádúr í an obair gar don uisce agus deir Cuid 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an obair 2005

- go gcinnteoidh gach fostóir an tsábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe chomh fada agus is féidir
- ... go soláthróidh sé an t-eolas, treoir, oiliúint agus maoirseacht riachtanach le sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostáithe chinntiú
- go soláthróidh sé éadaí agus fearais cuí cosanta nuair is gá agus go ndéanfar iad sin a chothabháil

Bhain Seirbhísí Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo úsáid as Rescue 3 (An Ríocht Aontaithe) le hoiliúint feasachta uisce a sholáthar do gach stáisiúin dóiteáin mar chuid dá athbhreithniú leanúnach ar shláinte agus sábháilteacht. Tosaíodh an oiliúint sin i mí na Nollag 2007. Faoi dheireadh na bliana 2007 bhí an oiliúint críochnaithe ag 48 ball den tSeirbhís Dóiteáin. D'eisigh Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo seaicéid tarrthála agus málaí caithimh do gach stáisiún nuair a chríochnaigh siad an oiliúint le húsáid ag na comhraiceoirí dóiteáin agus iad ag obair gar don uisce.

Fearais na Seirbhísí Dóiteáin

Ghlac an Chomhairle seilbh ar inneal dóiteán nua Aicme B in 2005; is cuid de fhlít Bhriogáid Dóiteáin Chlár Chlainne Mhuiris é an fearas seo faoi láthair. Eascraíonn an fearas nua seo ó chlár uasghrádaithe leanúnach den fhlít fearais dóiteáin sa Chontae, maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil. Fuair an tSeirbhís Dóiteáin feithicil amháin faoi thiomáint ceithre roth le cabhrú le Briogáid Dóiteáin Bhéal an Mhuirthead.

Chomh maith leis sin, bhog Comhairle Contae Mhaigh Eo go stáisiún dóiteáin nua a tógadh le sainchuspóir i nGob an Choire agus i gCathair na Mart a mhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Scor ón mBriogáid Dóiteáin

1. Martin McGreal – Oifigeach Fostaisiún le Briogáid Dóiteáin Ghob an Choire, scoirthe ar 21 Feabhra tar éis beagnach 11 bhliain seirbhíse;
2. James Maloney – Comhraiceoir Dóiteáin le Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha na Muice, scoirthe ar 10 Márta 2007 tar éis 32 bliain seirbhíse;
3. John Kilduff – Tiománaí/Meicneoir le Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha hAmhnais, scoirthe ar 30 Meitheamh 2007 tar éis 24 bliain seirbhíse;
4. Martin McNamara – Leascheannaire Scuaid le hAonad Píobáin agus Dreimire an Chaoil, scoirthe ar 4 Iúil 2007 tar éis 33 bliain seirbhíse;
5. Edward Mulhern – Oifigeach Stáisiúin le Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha hAmhnais, ar 22 Lúnasa 2007 tar éis beagnach 30 bliain seirbhíse;
6. Francis Sweeney – Tiománaí/Meicneoir le Briogáid Dóiteáin Ghob an Choire, scoirthe ar 23 Lúnasa 2007 tar éis 22 bliain seirbhíse;
7. John P. O'Malley – Ceannaire Scuaid le hAonad Píobáin agus Dreimire an Chaoil, ar 31 Lúnasa 2007 tar éis beagnach 30 bliain seirbhíse.

CAMP West

Tá oibriúchán CAMP West ina tríú bliain ó thosaigh sé ag tógáil glaonna éigeandála i mí Eanáir 2005. Ag tús na bliana 2007, bhí an t-airmheán rialaithe ag déileáil le glaonna éigeandála uile do sheirbhísí dóiteáin Dhún na nGall, Liatroma, Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Shligigh. Tosaíodh ar an gcóras a leathnú go Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe i mí na Samhna 2007 agus críochnaíodh é i gcúig cheantar stáisiúin choinnithe (Baile Átha an Rí, an Clochán, Tuaim, an Creagán agus Baile Locha Riach)

faoi dheireadh na bliana. Táthar ag súil go mbeidh stáisiúin coinnithe uile na Gaillimhe críochnaithe faoi dheireadh mhí Feabhra 2008.

Oibriúcháin Seomra Rialaithe: -

- Dhéileáil CAMP West le 5,928 glao Éigeandála i rith 2007. Ba ghlaonna otharchairr iad 15 díobh sin agus ba ghlaonna éigeandála dóiteáin 5,913 díobh. Bhí piocúlachtaí mar thoradh ar 4,323 glao agus b'athghlaonna nó glaonna neamhphiocúlachta an chuid eile.
- Thóg sé 1 nóiméad agus 41 soicind ar an meán déileáil leis na glaonna do na héigeandálaí sin.
- Tógadh 25,491 glao ar an iomlán sa seomra rialaithe: - *(14,905 glao isteach agus 10,586 amach) - .i. méadú 11% ar ghlaonna isteach agus 10.3% ar ghlaonna ar an iomlán i gcomparáid le 2006.*

	2006	*2007*	*% Méadú*
Glaonna isteach	13418	14905	11.08
Glaonna amach	9693	10586	9.21
Iomlán	23111	25491	10.30

Déantar achoimhre ar líon na n-éigeandálaí de réir contae a dhéileáil CAMP leis i rith 2007 sa tábla seo thíos.

Líon na dTeagmhais Dóiteáin Éigeandála i Réigiún CAMP West - 2007				
Contae	**2006**	**2007**	**Méadú/ Laghdú**	**% Méadú / Laghdú**
MO	1174	1160	-14	-1.2%
DL	1185	1053	-132	-11.1%
SO	770	937	167	21.7%
RN	465	563	98	21.1%
LM	266	297	31	11.7%
NI	92	91	-1	-1.1%
GY	8	199	191	2387.5%
CN	11	13	2	18.2%
WH	6	6	0	0.0%
LD	2	4	2	100.0%
Iomlán	**3979**	**4323**	**344**	**8.6%**

Cosaint Shibhialta

Is measc príomhchuspóirí na heagraíochta Cosanta Sibhialta i rith 2007 bhí oibrithe deonacha nua a mhealladh isteach san eagraíocht agus riachtanais na n-éileamh uile ar ár seirbhísí a sheachadadh. Tá sé tábhachtach go mbíonn na scileanna agus cumais seachadta don duine nuair a fhostaítear é le cinntiú go mbíonn siad in ann seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh. Cuspóir eile a bhí ann pearsanra cuí leis na tréithe agus cumais cheannaireachta riachtanacha a shainaithint go soiléir le dul ar aghaidh trí clár oiliúna le bheith ina teagascóirí san eagraíocht.

Chiallaigh sin forbairt gairme a spreagadh agus a chumasú i measc céimeanna uile na seirbhíse. Chiallaigh sin freisin bacainní inmheánacha a scriosadh maidir le roghnú agus úsáid na ndaoine is fearr don phost. Is cuspóir leanúnach é na daoine is fearr a bheith i gceannas ar an gCosaint Shibhialta ó thaobh oibrithe deonaigh de ó réimse éagsúla cúlraí agus le scileanna difriúla.

Tá saoránaigh ag súil le níos mó ón gCosaint Shibhialta i gcónaí. Is mórdhúshlán é iontaobhas poiblí inár gcumas seachadta a fhírinniú go leanúnach.

Tá ballraíocht dheonach ghníomhach reatha 66 oibrí deonach ag an gCosaint Shibhialta. Is fórsa deonach measctha é le tuairim is 50% fireann agus 50% baineann. Tagann oibrithe deonacha ó gach cearn den chontae.

Seachadadh oiliúint i mbliana maidir lenár disciplíní ar fad:

Garchabhair Taismigh;
Tarrtháil, Cumarsáid;
Tarrtháil báid;
Leas;
Seirbhís Chúntach Dóiteáin.

Reáchtáiltear ranganna ilghnéitheacha gach mí sna réimsí seo a leanas:

Cód Iompair;
Oiliúint induchtaithe d'earcaigh nua;
Láimhsiú;
Sláinte agus Sábháilteacht;
An éide a chaitheamh;
Prótacail rolaithe;
Prótacail nua i réimsí éagsúla;
Caighdeáin Teagascóra;
Fearais Phearsanta Cosanta.

Cleachtaí:
Chuaigh foirne ó Mhaigh Eo san iomaíocht i roinnt cleachtaí ar fud an chontae in 2007;

Dún na nGall:	Cleachtadh leasa	10 oibrí deonach
Sligeach:	Cleachtadh ildisciplíneach	15 oibrí deonach
Ros Cré:	Comórtas Athbheochana	2 oibrí deonach
Clár Chlainne Mhuiris:	Grúpa Cúraim Réamhospidéil	12 oibrí deonach

Roghnaíodh an tUas. Tommy Walsh agus an tUas. Siobhán Henry i mí na Samhna leis an eagraíochta Cosanta Sibhialta a ionadú ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Athbheochana agus Sárthaispeántas Scileanna i Luimneah ar 7 agus 8 Nollaig, tar éis dóibh teacht tríd dianphróiseas roghnaithe ag an Scoil Chosaint Shibhialta.

Cosaint Shibhialta – Domhnach Reek ar Chruach Phádraig

Tithíocht

Bliain ghnóthach dhúthshlánach eile ba ea 2007 don tSeirbhis Tithíochta i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus don trí Chomhairle Baile, Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Bhí forbairtí suntasacha i réimsí Beartais Tithíochta le foilsiú roinnt cáipéisí Beartais Rialtais i rith na bliana, tionscnaimh na scéimeanna nua deontais agus forfheidhmiú iomlán den fhoirm phraghas seasta le haghaidh conartha do sholáthar tithíochta. Tá níos mó béime ar ghnáthamh soláthair agus luach ar airgead mar gheall ar an timpeallacht ghinearálta eacnamaíochta agus, mar sin, rinneadh níos mó scrúdaithe ar thionscadail chaipitil i rith na bliana. In ainneoin an ualaigh oibre agus brúnna méadaithe, tá sástacht ghinearálta leis an tSeirbís Tithíochta fós ard a sheadadtar trí Oifigí Toghcheantair agus i gcomhar leis na Comhairlí Baile. I measc na mórfhorbairtí i rith 2007;

- **Beartas Rialtais** – Tá soláthar cóiríocht cuí agus réimse iomlán seirbhísí tacaíochta, seachadta go héifeachtach ag leibhéal áitiúil, fós an-tábhachtach don Bheartas Tithíochta Rialtais. Foilsíodh dhá cháipéis a shonraíonn forbairt leanúnach beartais phoiblí i rith na bliana ag cur le gealltanais a tugadh i *I dTreo 2016*

  " Delivering Homes - Sustaining Communities"
  " Quality Housing for Sustainable Communities"

- Imlíníonn an dá cháipéis sin cur chuige an Rialtais maidir le seirbhísí tithíochta a sholáthar agus tacaíochtaí comhtháite a fhorbairt seachadta ag leibhéal áitiúil a chuifidh comhairle agus tacaíocht ar fáil i bhfoirm cóiríocht éigeandála, soláthar díreach tithíocht phoiblí, scéimeanna tacaíochta cíosa nuair a shaoláthraíonn an earnáil phríobháideach na cóiríochta, seirbhísí a sholáthraítear i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí deonacha agus comhlachtaí reachtúla eile. Leagann siad caighdeáin shoiléire cóiríochta amach freisin a bheidh mar spriocdhearadh ag gach Údarás Áitiúil sna blianta amach romhainn.

- Chomh maith leis na mór-ráitis beartais sin, tá beagnach tríocha ciorcláin eisithe ag an Roinn Comhshaoil le linn 2007 ag leasú beartais agus socruithe atá ann cheana agus cláir agus tionscnaimh nua a thabhairt isteach. Réimse nua Scéimeanna Deontais a tugadh isteach in áit an ERG/DPG reatha agus Cúnamh Speisialta Tithíochta á fheidhmiú ag Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. I measc mórthionscnaimh na bliana déanfar iad a shonrú níos déanaí sa tuarascáil seo.

- I measc na forbairtí suntasacha i rith na bliana bhí oscailt an Ionaid nua Cathartha i mBéal an Mhuirthead. Soláthraíonn an t-ionad cóiríochta do Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta, an tSeirbhís Chúirteanna, chomh maith leis an Ionad Ealaíon. Is ionad é an Oifig Comhairle nua úrscothach óna bhfeidhmeoidh na Seirbhísí Tithíochta do Thoghcheantar Bhéal an Mhuirthead sa todhchaí.

Ionad Cathartha Bhéal an Mhuirthead

Clár Caipitil

Spriocanna 2007

Seachadtar an Clár Caipitil Tógála Tithíochta mar chuid de chlár ilbhliantúil leanúnach thar thréimhse 2006 – 2009. Seachadtar na scéimeanna ar fad mar scéimeanna tionachta comhtháite, measctha ar a sholáthraítear Aonaid ar Phraghas Réasúnta taobh le haonaid ar cíos. Bíonn Tithíocht Dheonach i gceist i gcuid mhaith de na forbairtí chomh maith. Tá sé mar chuid de bheartas Chomhairle Contae Mhaigh Eo, atá cumhdaithe sa Straitéis Tithíochta agus atá ionchorpraithe sa Phlean Forbartha Contae, líon níos mó scéimeanna beaga a chur ar fáil in ionad líon beag scéimeanna móra tithíochta poiblí. Cuirtear béim faoi leith ar scéimeanna an-bheaga a chur ar fáil sna bailte níos lú agus sráidbhailte ar fud cheantar tuaithe an Chontae. Tá dul chun cinn suntasach feicthe ag Maigh Eo tuaithe mar thoradh ar an mbeartas sin agus leanfar len é a chur chun cinn i rith 2008.

Déantar athbhreithniú ar an gclár ilbhliantúil leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar bhonn bliantúil agus leagtar spriocanna amach don bhliain ina dhiaidh sin. I measc mórspriocanna don bhliain 2007 i bplean Mhaigh Eo bhí:

- **Tithíocht Shóisialta:** Aonaid tithíochta soláthartha go díreach, lena n-áirítear scéimeanna, tithe tuaithe, síntí, oibreacha speisialta agus sealbhuithe – **145 Tosú.** Tá roinnt scéimeanna faoi bhráid na Ranna ag feitheamh ar chead a bheifí ag súil leis roimh dheireadh na bliana. Tá an staid ar bhonn an Chontae ar fad, na scéimeanna sin san áireamh, imlínithe i dTábla 1. Imlínítear na cinn chríochnaithe i dTábla 2.

- **Tithíocht Inacmhainne:** Lena n-áirítear aonaid a d'fhorbair Comhairle Contae Mhaigh Eo mar chuid den Chlár Caipitil; agus aonaid a sholáthraítear faoi Chuid V den gComhaontú – **35 Tosú.**

- **Tithíocht Dheonach:** Lena n-áirítear aonaid a d'fhorbair Comhairle Contae Mhaigh Eo agus a aistríodh go Cumainn Dheonacha le haghaidh bainistithe amach anseo, agus aonaid a sholáthraítear go díreach ag Cumainn Dheonacha. **- 50 Tosú.**

Seachadadh 2007

Mar is léir ó na Táblaí iniata, tá an Clár Caipitil á sheacadadh de réir na spriocanna a leagadh amach sa Chlár Ilbhliantúil. Tá moill thart ar trí mhí agus déanfar gach iarracht na tosaithe a bhrostú i rith 2008. Tá spriocanna a leagadh amach don Tithíocht Inacmhainne agus Tithíocht Dheonach araon sáraithe, agus tá sé ar intinn go ndéanfar níos mó dul chun cinn le linn 2008.

Tosuithe Mhaigh Eo 2007

	Scéim	Tuaithe	Síneadh	SWIL	Ilghn.	Iomlán
Comhairle Baile Bhéal an Átha	0	0	2	0	0	2
Toghcheantar Bhéal an Átha	Cill Ala 1	3	0	0	10	14
Toghcheantar Bhéal Átha na Muice	**An Trian Lár 7 Béal Easa 5	1	1	0	7	21
Réigiún an Oirthuaisceart	13	4	3	0	17	37

	Scéim	Tuaithe	Síneadh	SWIL	Ilghn.	Iomlán
Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh	* Saleen 39	0	0	0	2	41
Toghcheantar Chaisleán an Bharraigh	Gleann Aoláin 3	0	0	0	4	7
Toghcheantar Bhaile an Róba	0	0	0	0	0	0
Toghcheantar Chlár Chlainne Mhuiris	Cnoc Mhuire 5	0	0	0	0	5
Réigiún an Deiscirt	47	0	0	0	6	53

	Scéim	Tuaithe	Síneadh	SWIL	Ilghn.	Iomlán
Comhairle Baile Chathair na Mart	* Tubberhill 23	0	0	0	2	25
Toghcheantar Chathair na Mart	** Cill Mhíona 8	2	0	0	6	16
Toghcheantar Bhéal an Mhuirthead	** Doohoma 9	2	2	3	0	16
Réigiún an Iarthair	40	4	2	3	8	57
TOSUITHE IOMLÁN	102	8	5	3	30	147

* Tugtha anonn ó chlár 2006.
** 24 aonad aistrithe go Clár 2008

Críochnuithe Mhaigh Eo 2007

	Scéim	Tuaithe	Síneadh	SWIL	Ilghn.	Iomlán
Comhairle Baile Bhéal an Átha	McDermott St 6 Fenian Row 2		0	0	1	9
Toghcheantar Bhéal an Átha	Crois Mhaoilíona 5 Muine Chonnalláin 6	0	5	0	2	18
Toghcheantar Bhéal Átha na Muice	0	0	1	0	0	1
Réigiún an Oirthuaisceart	19	0	6	0	3	28

	Scéim	Tuaithe	Síneadh	SWIL	Ilghn.	Iomlán
Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh	0	0	0	0	2	2
Toghcheantar Chaisleán an Bharraigh	Balla 2	1	1	0	0	4
Toghcheantar Bhaile an Róba	Túr Mhic Éadaigh 4 Ceathrú na Manach 19	0	2	0	0	25
Toghcheantar Chlár Chlainne Mhuiris	Clár Chlainne Mhuiris 6 An Baile Gaelach 6	0	1	0	0	13
Réigiún an Deiscirt	37	1	4	0	2	44

	Scéim	Tuaithe	Síneadh	SWIL	Ilghn.	Iomlán
Comhairle Baile Chathair na Mart	Altamont St 10	0	0	0	2	12
Toghcheantar Chathair na Mart	Cois Locha 5	1	0	1	0	7
Toghcheantar Bhéal an Mhuirthead	An Geata Mór 10 Bangor Erris 7	3	2	0	9	31
Réigiún an Iarthair	32	4	2	1	11	50
CRÍOCHNUITHE IOMLÁN	88	5	12	1	16	122

Clár Caipitil 2008

Spriocanna 2008

Is iad seo a leanas príomhspriocanna an Chláir Chaipitil 2008:

- Aonaid Shóisialta - **145 Tosú**
- Aonaid Inacmhainne - **35 Tosú**
- Deonach - **50 Tosú**

Scéimeanna i mbun Pleanála

Faoi láthair tá roinnt scéimeanna ag an gcéim phleanála le forbairtí tionachtaí measctha molta i mbailte/sráidbhailte:

- An Trian Lár
- Doohoma
- An Cnoc Mór
- Caisleán an Bharraigh
- Béal an Átha
- Coillte Mach
- Béal Átha na Muice
- Baile Chathail.

Tá roinnt forbairtí lándéanta á idirbheartú ag

- Cillín
- Béal an Mhuirthead
- Clár Chlainne Mhuiris

Soláthrófar aonaid eile faoin gClár Tithíochta Tuaithe, Síntí agus trí shealbhuithe díreacha. Beidh 50% de na haonaid a fuarthas faoi Cuid V Comhaontuithe in 2008 le haghaidh Tithíocht Shóisialta. Beidh ról níos lárnaí ag sealbhuithe díreacha i gClár na bliana 2008. Mar gheall ar na saghas spriocanna a leagadh amach, beidh iarracht leanúnach suntasach de dhíth maidir le gach gné den Clár Tithíochta a sheachadadh sa bhliain amach romhainn.

Oscailt oifigiúil Scéim Tithíochta Ros Dumhach – Bealtaine 2007

Tithíocht Inacmhainne

Lean an Clár Inacmhainne ar aghaidh sa chontae in 2007 agus soláthraíodh aonaid faoi Chuid V de Chlár Caipitil Tógála na Comhairle.

CUID V

Fuarthas na haonaid seo a leanas faoi Chuid V in 2007:

Suíomh	**Aonaid**
Comhairle Baile Bhéal an Átha	17
Toghcheantar Bhaile an Róba	13
Toghcheantar Chaisleán an Bharraigh	10
Toghcheantar Chlár Chlainne Mhuiris	8
Toghcheantar Bhéal Átha na Muice	3
Baile Chathail	12
Toghcheantar Chathair na Mart	10
Sealbhuithe Iomlán	**73**

Clár Caipitil

Clár Chlainne Mhuiris	4
Cluain Cearbán	3
An Baile Gaelach	10
Béal Easa	5
Iomlán	**22**
Aonaid Inacmhainne Iomlán	**95**

2008

I rith 2008 leanfaidh idirbheartaíocht ar aghaidh faoi Chuid V le haonaid a fháil in:

Toghcheantar Bhéal an Átha	24
Toghcheantar Bhaile an Róba	3
Toghcheantar Chaisleán an Bharraigh	32
Toghcheantar Chlár Chlainne Mhuiris	3
Toghcheantar Bhéal Átha na Muice	6
Toghcheantar Chathair na Mart	25
Iomlán Réamh-mheasta	**93**

Scéim Inlíonta Tionachta Measctha – Suíomh an Stáisiúin, Baile Uí Fhiacháin

Tithíocht Dheonach

Thaispeán agus dhaingnigh an ghníomhaíocht mhéadaithe i dTithíocht Dheonach tiomantas Comhairle Contae Mhaigh Eo timpeallacht tógtha d'ardchaighdeán a sholáthar a chuimsíonn tacaíochtaí céimnithe i gcomhar le heagraíochtaí áitiúla deonacha. Cruthóidh na forbairtí san earnáil dheonach dúshláin i rith 2008 agus cinnteoidh an Chomhairle go ndéanfar iarracht dháiríre na spriocanna a chomhlíonadh atá liostaithe thíos:

Tosuithe Tithíochta Deonaí 2007

Scéimeanna i mbun Tógála

Coiste Tithíochta Deonaí Bhaile an Chaisleáin	21 aonad
Cheshire Ireland	5 aonad
Western Care Gladeview, Béal an Átha	4 aonad
Western Care, Riverwalk, Crois Mhaoilíona	4 aonad
Western Care, Cill Mobhí	4 aonad
Cumann Tithíochta Deonaí an Túirín	7 aonad
Cumann Tithíochta Deonaí Mhainistir Mhaigh Eo	12 aonad
Iomlán	**57 units**

Críochnuithe Tithíochta Deonaí 2007

Cumann Tithíochta Deonaí an Achaidh Mhóir	10 units
Naomh Uinseann de Pól Bhaile an Róba	4 aonad
Comhairle Pobail Bhaile na Cora, Caisleán an Bharraigh	2 units
Cheshire Ireland	5 aonad
Western Care Gladeview, Béal an Átha	4 aonad
Western Care, Riverwalk, Crois Mhaoilíona	4 aonad
Western Care, Cill Mobhí	4 aonad
Cumann Tithíochta Cluid	15 units
Cumann Tithíochta Deonaí Naomh Dominic	13 units
Moyview, Béal Easa, Cluid	16 units
Naomh Uinseann de Pól Bhéal Átha na Muice	4 aonad
Iomlán	**81 units**

Scéimeanna ag an gCéim Phleanála 2008/2009

Meabharshláinte Mhaigh Eo Bhéal an Átha	12 aonad
Naomh Uinseann de Pól Bhaile an Róba	12 aonad
Cumann Cathaoireacha Rotha Bhéal an Mhuirthead	29 units
VHA Bhun an Churraigh Acaill	18 units
Western Care Chaisleán an Bharraigh	1 aonad
Eastát Naomh Pádraig, Béal an Átha, Cluid	66 units
Naomh Uinseann de Pól Bhéal an Easa	12 aonad
VHA Ghleann na Muaidhe	10 units
VHA an Bhaile Ghaelaigh	10 units
Tithíocht Dheonach an Chaoil	6 units
IRD Mayfield Clar	32 units
Meabharshláinte Mhaigh Eo Bhéal Átha na Muice	12 aonad
Iomlán	**220 units**

Tithíocht Dheonach Chathair na Mart

I rith 2007 d'fhorbair Comhairle Baile Chathair na Mart scéim deich dteach sa Seanstaisiún Dóiteáin, Sráid Altamont, Cathair na Mart. I gcomhar le Cumann Tithíochta Cluid, leithdháileadh ceithre aonad ar na heisimircigh aosta a bhí ag iarraidh filleadh ar Chathair na Mart. Mhaoinigh bronntóir anaithnid an deonachán áitiúil ar mhaithe le bronntanas dearfach a thabhairt d'eisimircigh a fhileann. Spreagfaidh rath an tionscnaimh sin soláthar breise tionscadail chéanna le cóiríocht a fháil d'eisimircigh a bhíonn ag iarraidh filleadh agus a bheith comhpháirteach leis an bpobal áitiúil.

Críochnaíodh Scéim Chumann Tithíochta Deonaí Naomh Dominic, Baile Uí Fhiacháin in 2007. Bhí trí aonad déag i gceist sa scéim. Taispeánann an chomhpháirtíocht fíor-rathúil sin idir Cumann Tithíochta Deonaí Naomh Dominic agus Comhairle Contae Mhaigh Eo an meascán d'inbhuanaitheacht agus de fhreagairt dhearfach i leith forbartha i measc an phobail áitiúil.

Scéim Chóiríochta ar Cíos

Is togra nua tithíochta é an Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS) a thug an Rialtas isteach in 2004. Sa scéim seo glacann Údaráis Áitiúla freagracht de réir a chéile as cóiríocht do lucht faighte fordheontas cíos a bhfuil riachtanas sainithe fadtéarmach tithe acu, trí shocruithe díreacha idir an tÚdarás Áitiúil agus an earnáil phríobháideach chíosa.

Tá roinnt príomhthairbhí i gceist leis an Scéim Cóiríochta ar Cíos, lena n-áirítear:-

- Tionónta: Daingne Tionachta; rogha feabhsaithe; cáilíocht agus caighdeán cóiríochta feabhsaithe; ní chaillfidh tionóntaí RAS tacaíocht má fhaigheann siad fostaíocht ach beidh codán níos mó den chíos le híoc acu. Tiarna Talún: Sruth ráthaithe ioncaim; Íocaíocht phras ó Ghníomhaireacht Stáit; riarachán éasca –

feidhmíonn an tÚdarás Áitiúil mar ghníomhaire maidir le hathligean folús agus le bailiú cíosa.

- Údarás Áitiúil: Rogha breise tithíoctha; Cuireann rogha níos mó tithíochta ar fáil; Éascaíonn meascadh sóisialta le dáileadh tíreolaíoch níos leithne ar Thithíocht Shóisialta

Tugadh an Scéim Coiríochta ar Cíos ar fáil in Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo i mí Iúil 2006 agus bunaíodh aonad tiomsaithe chun maoirsiú a dhéanamh ar sheachadadh rathúil na scéime. Tá triúr san fhoireann RAS atá lánaimseartha, le tacaíocht theicniúil nuair is gá.

Go dtí seo, ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo freagracht as **270** aonad (210 ón Earnáil Dheonach agus 60 ón Earnáil Phríobháideach). Faigheann **998** duine fordheontas cíosa i Maigh Eo faoi láthair, ar aidhm linn freastail orthu go léir faoi dheireadh na bliana 2008. Is mór an dúshlán a bheidh anseo do Chomhairle Contae Mhaigh Eo, a bheidh freagrach as na cliaint sin go léir.

Táthar ag leanúint le próiseas fada teagmhála agus agallaimh leis na cliaint go léir chun:

- A dteidlíocht do RAS a dheimhniú,
- Na ceantair is rogha leo a bheachtú, agus
- An cineál cóiríochta atá le fáil a chinntiú. Chomh maith leis sin, tá measúnachtaí cóiríochta ar siúl le caighdeáin chuí a chinntiú.

Tá fáilte curtha roimh an Scéim i Maigh Eo agus is léir na tairbhí do gach páirtí leasmhar.

Scéimeanna Deontais

Scéimeanna atá ann cheana

Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh ag cur an Scéim Deisiúcháin Riachtanaigh agus an Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas i bhfeidhm i rith 2007. Chuathas i ngleic le 831 cás san iomlán maidir leis an dá scéim agus caitheadh níos mó ná **€2m** orthu i rith na bliana.

Scéimeanna Nua

Ó 1 Samhain 2007 tá trí scéim nua ann in áit an Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas agus na Scéime Deisiúcháin Riachtanaigh:

Scéim Deontas Tithíochta do Chúnamh Gluaiseachta

Tá an deontas sin ar fáil le sraith oibreacha bunúsacha a chlúdach agus le díriú ar fhadhbanna gluaiseachta a bhaineann go príomha, ach ní amháin, le dul in aois. Áirítear ar na hoibreacha a chabhraíonn cúnamh deontais leo:

- Greimráillí/Rampaí Rochtana
- Cithfholcadáin Bhoinn Leibhéalta
- Ardaitheoirí staighre

- Mionoibreacha eile atá riachtanach le riachtanais ghluaiseachta duine den teaghlach a éascú.

An Deontas Oiriúnaithe Tí

Tá an deontas sin dírithe ar Dhaoine faoi Mhíchumas agus tá sé ar fáil le cúnamh a thabhairt i gcomhair oibreacha atá riachtanach go leor le go mbeidh an teach níos oiriúnaí do dhuine faoi mhíchumas atá i bpian fhisiciúil, chéadfach, mheabhrach nó ag a bhfuil laige intleachtúil eile sheasmhach. Áirítear ar na hoibreacha a cheadaítear faoin scéim:

- Soláthar rampaí rochtana/ardaitheoirí staighre
- Áiseanna leithris thíos staighre
- Cithfholcadáin inrochtana
- Oiriúnú i gcomhair rochtana cathaoir rotha a éascú
- Síntí agus aon obair eile atá riachtanach go leor maidir leis an teach a dhéanamh níos oiriúnaí do dhuine faoi mhíchumas.

Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta

Tá an deontas ar fáil le cúnamh a thabhairt do dhaoine breacaosta, atá ag maireachtáil i dtithe de dhrochstaid, na deisiúcháin nó feabhsúcháin riachtanach a dhéanamh. Áirítear ar na cineálacha oibreacha a chabhraíonn cúnamh deontais leo:

- Deisiúcháin nó feabhsúcháin struchtúracha
- Athshreangú
- Deisiúcháin/Athsholáthar fuinneog agus doirse
- Soláthar téimh, seirbhísí uisce agus sláintíocha, glantacháin, péinteála agus tirimlíneála.
- Cuimsíonn an scéim sin an Scéim Cúnaimh Tithíochta d'Aosaigh anois a riar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimhe seo.

Athchóiriú Tithíochta

Tithe Folaimh Fadtéarma

Rinneadh foráil speisialta i gCáinaisnéis 2007 chun déileáil le tithe folaimh fadtéarma i rith na bliana. Caitheadh **€400,000** san iomlán mórthimpeall an Chontae ar dhul i ngleic leis an saincheist sainiúil sin agus tá dul chun cinn suntasach déanta. Tá réimsí ann fós le déileáil leo agus cuimsíodh foráil den saghas céanna i gCáinaisnéis na bliana 2008.

Clár Athchóirithe 2000 – 2009

Thosaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Mórchlár Athchóirithe ar an stoc iomlán Tithíochta in 2002. Tá sé sceidealaithe go mairfidh an Clár go deireadh na bliana 2009 agus faoin am sin, beidh thart ar **€15m** infheistithe sa stoc Tithíochta timpeall an Chontae. Cinnteoidh sin go mbeidh gach teach ag caighdeán sásúil ó thaobh creatlach fhisiciúil, compoird agus dealraimh de. Tosaíodh an obair in 2002 a dhírigh ar thithe tuaithe sa Chontae ar dtús a rinneadh suirbhé orthu agus a chuaigh chun tairisceana i mbearta ar bhonn Toghcheantair. Tá glactha leis an modheolaíocht a dhear Comhairle Contae Mhaigh Eo mar chaighdeán don Roinn i gcomhair Scéimeanna den saghas sin. D'athraigh beartas tar éis tionscnamh na scéime, agus cuimsíodh téamh lárnach agus péinteáil sheachtrach sna Scéimeanna Athchóirithe freisin. Beidh céim eile ag teastáil ó roinnt luathoibreacha a rinne an Chomhairle le téamh lárnach agus péinteáil sheachtrach a chuimsiú.

Tá an Clár leanta ar aghaidh go hathchóiriú scéimeanna anois, atá níos casta ó dhúchas mar gheall ar an úinéireacht mheasctha phoiblí/phríobháideach agus an gá spás oscailte seachtrach a uasghrádú. Imlínítear dul chun cinn gach Toghcheantar sna Táblaí seo a leanas. Go dtí seo, tá thart ar **€8.5m** infheistithe sa Scéim.

RÉIGIÚN AN OIR-THUAISCIRT
TOGHCHEANTAR BHÉAL AN ÁTHA

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	95	Tosú 2007	2,294,000
SCÉIMEANNA	60	Tosú 2007	593,000
	75	Ag Suirbhé	(675,000) *
IOMLÁN	**230**	**-**	**3,562,000**

*Meastachán bunaithe ar oibreacha roimhe.

TOGHCHEANTAR BHÉAL ÁTHA NA MUICE

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	75	Críochnaithe	870,049
SCÉIMEANNA	159	Críochnaithe	873,654
IOMLÁN	**234**	**-**	**1,743,703**
RÉIGIÚN O.T. FORIOMLÁN	**464**	**-**	**€5,305,703**

RÉIGIÚN AN IARTHAIR
TOGHCHEANTAR BHÉAL AN MHUIRTHEAD

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	174	80% Críochnaithe	3,519,000
SCÉIMEANNA	89	Ag Suirbhé	924,000
IOMLÁN	**263**	**-**	**4,443,000**

TOGHCHEANTAR CHATHAIR NA MART

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	71	50%	1,252,000
SCÉIMEANNA	49	Ag Suirbhé	441,000
IOMLÁN	**120**	**-**	**1,693,000**
RÉIGIÚN AN IARTHAIR FORIOMLÁN	**383**	**-**	**6,136,000**

RÉIGIÚN AN DEISCIRT
TOGHCHEANTAR BHAILE AN RÓBA

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	26	Críochnaithe	194,000
SCÉIMEANNA	30	Críochnaithe	136,000
IOMLÁN	**56**	**-**	**330,000**

TOGHCHEANTAR CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	38	-	435,000
SCÉIMEANNA	16	Críochnaithe	93,000
IOMLÁN	**54**	**-**	**528,000**

TOGHCHEANTAR CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS

CINEÁL:	LÍON AONAD	STÁDAS	COSTAS €
TUAITHE	35	Críochnaithe	277,577
	38	Ar-láthair	581,000
SCÉIMEANNA	30	Ar-láthair	872,000
	42	Ag Suirbhé	
IOMLÁN	**145**	**-**	**1,149,577**
RÉIGIÚN I.D. FORIOMLÁN	**255**	**-**	**1,150,435**

Cóiríocht don Lucht Siúil

Thaispeáin an t-athbhreithniú a rinneadh i mí Eanáir 2007 ar an bPlean Gníomhaíochta don Lucht Siúil 2005 – 2008, go bhfuil gá ann faoi láthair do 15 aonad cóiríochta éigeandála, lena n-áirítear teaghlaigh atá incháilithe i gcomhair breithniúchán faoi théarmaí an Phlean i rith na bliana, a thugann sprioc iomlán 25 aonad don bhliain. Léiríonn na táblaí thíos na spriocanna le baint amach in 2007:

Toghchean tar	**Iomlán ar thaobh an bhóthair**	**Teaghlaigh a chomhlíonann critéir TAP**	**LA Direct Target 2007**	**Private Rented Target 2007**	**Iomlán Target 2007**
Béal an Átha	5	2	2	2	4
Baile Chathail	6	4	4	1	5
Baile an Róba	3	2	2	1	3
Béal an Mhuirthead	0	0	-	-	-
Caisleán an Bharraigh	5	2	2	3	5
Clár Chlainne Mhuiris	1	1	1	1	2
Béal Átha hAmhnais	4	4	4	-	4
Béal Átha na Muice	2	0	-	1	1
Cathair na	2	0	-	1	1

Mart					
IOMLÁN	**27**	**15**	**15**	**10**	**25**

Feidhmiú go dtí seo in 2007

Toghcheantar	**LA Direct Target 2007**	**Private Rented Target 2007**	**Iomlán Target 2007**	**Soláthartha go Díreach 2007**	**Ar Cíos Príobháideach**	**% Sprioc Bainte amach**
Béal an Átha **Baile Chathail**	2 4	2 1	4 5	- 2 cóiríocht seal.	7 1	175% 20%
Baile an Róba	2	1	3	2	-	66.67%
Béal an Mhuirthead	-	-	-	-	-	-
Caisleán an Bharraigh	2	3	5	1	2	60%
Clár Chlainne Mhuiris **Béal Átha hAmhnais**	1 4	1 -	2 4	- 1	2 4	100% 125%
Béal Átha na Muice	-	1	1	1	1	125%
Cathair na Mart	-	1	1	-	1	100%
IOMLÁN	**15**	**10**	**25**	**7**	**18**	**100%**

Tionscadail Reatha

- Forbairt Bóthar an Phortaigh, Baile an róba – Tógáil trí Theach agus Athchóiriú dhá theach a bhí i mbun tógála cheana féin. (Le críochnú i mí an Mhárta 2008)
- Grúpthionscadal 4 Theach molta ag Laveymore, Baile Chathail

Cóiríocht Shealadach

Fuarthas taillte trí chomhaontú ag Laveymore, Baile Chathail. Fuarthas rochtain ar an talamh sin ó Bhóthar Chaisleán an Dumha i mí Aibreáin 2006 agus tógadh bóthar i samhradh na bliana 2006. Cuireadh cóiríocht shealadach ann i rith 2007. Tá

áit seasta ann chomh maith le háitreabh in-díshuite, dhá theach soghluaiste, uisce, aibhléis agus boscaí bruscair.

Bhog dhá theaghlach isteach ar an suíomh sealadach i mí Dheireadh Fómhair 2007 tar éis plé fada. Tá sé ar intinn ceithre aonad cóiríochta a sholáthar ar an suíomh sin san fhadtéarma.

Seirbhísí eile a Sholáthraítear ó Oifigí Tithíochta

	RÉIGIÚN AN IARTHAIR		RÉIGIÚN AN OIR-THUAISCIRT		RÉIGIÚN AN DEISCIRT			
	Cathair na Mart	**Béal an Mhuirthead**	**Béal an Átha**	**Béal Átha na Muice**	**Clár Chlainne Mhuiris**	**Baile an Róba**	**Caisleán an Bharraigh**	**Iomlán**
Iarratais Inacmhainne Faighte	58	1	45	21	55	26	36	**242**
Tithe Inacmhainne Dáilte	10	1	9	10	20	8	10	**68**
Iarratais ar Dheontais Tithíochta	3	8	4	10	2	0	5	**32**
Ceadú Iasachtaí Tithíochta	3	7	0	8	1	0	4	**23**
Iarratais Uínéireachta Roinnte	0	0	0	1	0	0	0	**1**
Ceadú hÚinéireacht Roinnte	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Glacadh le hIarratais ar Iasachtaí Atógála	0	1	1	0	0	2	0	**4**
Iasachtaí Feabhsúcháin Speisialta Tithíochta	0	2	0	2	0	0	0	**4**
Iarratais ar Scéimeanna Ceannaigh Tionónta	1	35	18	17	18	9	7	**105**
Díolacháin ar Scéimeanna Ceannaigh Tionónta	1	12	7	2	10	4	2	**38**
Iomlán	**76**	**67**	**84**	**71**	**106**	**49**	**64**	**517**

Bhí ardú gníomhaíochta 37% ó fhigiúir 2006 sna hOifigí Ceantair maidir leis na seirbhísí eile a sholáthraítear. Ba i réimse na Tithíochta Inacmhainne a bhí an t-ardú is drámata le hardú 236% ar iarratais ó mbliain 2006.

Ailtirí

Déileáileann Rannóg Ailtirí Chomhairle Contae Mhaigh Eo go bunúsach le réiteach, dearadh agus tógáil Tionscadail Caipitil atá bainteach le soláthar Cóiríocht Údarás Áitiúil, Oifige, Stáisiún Dóiteáin agus Leabharlainne mórthimpeall an chontae.

-
- I measc na réimsí eile rannpháirtíochta tá:

    - Clár Feabhsúcháin Uirbeach agus Sráidbhailte 2000 – 2006;
    - Clósanna Imeartha & scéimeanna comharsanachta
    - Deontais Athchóirithe agus Caomhnaithe do Struchtúir Caomhnaithe;
    - Feidhmiú Straitéis Míchumais;
    - Áisitheoireacht ar Ealaín Phoiblí;
    - Cothabháil Gáirdíní Pháirc an Turlaigh;
    - Comhairliúchán Pleanála.

Tionscadail Chaipitil

Ceanncheathrú Leabharlainne Contae, Caisleán an Bharraigh

Críochnaíodh an síneadh ar fhoirgneamh Cheanncheathrú Leabharlainne Contae i gCaisleán an Bharraigh ar chostas €2,500,000 in 2007.

Cuireann an tsaoráid nua sin spás breise poiblí, oifigí agus áiseanna ceartlainne stórála ar fáil a bhí de dhíth go mór.

Clár Tithíochta 2007

Feidhm thábhachtach de chuid Rannóg na nAiltirí is ea áisitheoireacht a dhéanamh ar sholáthar Tithíocht áitiúil mórthimpeall an chontae. Tá comhairleoireacht le pobail áitiúla, ceannach agus foinsiú láithreacha oiriúnacha, an dearadh, costáil, agus tairiscintí conarthaí cuí tithíochta mar aon le maoirseoireacht agus bainistiú an tionscadail ar an láthair go dtí go mbíonn sé críochnaithe agus tugtha i lámha an tionónta i gceist leis seo.

Forbairt Tithíochta ag Sráid Altamount, Cathair na Mart.

Áirítear ar na scéimeanna tithíochta a críochnaíodh in 2007 10 dteach baile ag **Sráid Altamount, Cathair na Mart,** 10 dteach ag **Derryherbert, Lios Cearnaigh, Cathair na Mart,** 10 n-aonad ag **Bóthar Bhéal Átha hAmhnais, Clár Chlainne Mhuiris,** 4 aonad ag **Túr Mhic Éadaigh**, 6 aonad ag **Muine Chonnalláin,** 2 aonad ag **Baile na Cora,** 4 theach ag **Maigh Gamhna,** agus 4 theach baile ag **Coillte Mach.**

- *Scéim Tithíochta ag Ceathrú na mBráthar, Baile an Róba*
-
-

- ***Bailchríoch Inmheánach agus Leagan Amach Cistine – Ceathrú na mBráthar, Baile an Róba***
-

Áirítear ar thionscadail leanúnacha –

Tuar an Fhraoigh Céim II – 6 Aonad,
Tubberhill Cathair na Mart Céim I – 43 Aonad,

Béal Easa – 15 Aonad,
Tóin re Gaoth – 6 Aonad,
Balla – 2 Aonad,
Sráid Mhic Diarmada, Béal an Átha – 6 Aonad,
Bóthar an Phortaigh, Baile an Róba – 3 Aonad agus 2 Shíneadh

Áirítear ar thionscadail nua –

Bóthar Loch Measc, Baile an Róba – 6 Aonad,
Cill Cheallaigh – 10 Aonad,
Corclough Turn-Key – 9 Aonad,
Bóthar Chlár Chlainne Mhuiris, Cnoc Mhuire – 10 Aonad,
Sáilín, Caisleán an Bharraigh – 59 Aonad,
Gleann Aoláin – 5 Aonad.

- *Scéim Tithíochta, Túr Mhic Éadaigh*

Clár Feabhsúcháin Uirbeach agus Sráidbhailte

- Críochnaíodh an Clár Feabhsúcháin Uirbeach agus Sráidbhaile 2000 – 2006 in 2007 agus cuireadh na tionscadail seo a leanas
- i gcrích: -
-
    - Oibreacha tírdhreacha ar an mbealach isteach ón iarthar go Baile Chathail;
    - Athchóiriú sráide ag Balla;
    - Oibreacha athchóirithe sráide ag Sráid na Mainistreach, Béal an Átha, agus
    - Oibreacha soilsiú maisiúla agus tírdhreachta sa Mhala Raithní.

Gradaim Mórtas Áite 2007

Agus a cúigiú bliain sroichte aige, aithníonn agus ceiliúrann an Comórtas Mórtas Áite an difríocht a dhéanann grúpaí pobail don tsochaí, agus bhí an onóir ag Maigh Eo in

2007 an searmanas Gradaim a chur i láthair ag an Óstán Knockranny House, Cathair na Mart.

Bhí ainmniúcháin ón gcuid is mó de shráidbhailte, bailte agus cathracha ar fud na hÉireann in 2007. Thaispeáin na hainmnithe ar fad an méid ar féidir a bhaint amach nuair a oibríonn daoine le chéile chun a gceantair a athrú ar leas an phobail ar fad, agus bhí sé tábhachtach ag spreagadh pobail Mhaigh Eo tiomantas áitiúil a chothú agus iarracht a dhéanamh a gcaighdeáin a ardú maidir le dreach agus láithriú.

Ba bhliain rathúil é 2007 do Chontae Mhaigh Eo agus bhuaigh Grúpa Pobail Chathair na Mart a chatagóir, bhí Béal an Mhuirthead sa dara háit ina chatagóir agus bhuaigh Oileán Éadaigh gradam speisialta 'Award fo Excellence in Social Cohesion':

Catagóir 4: (Daonra 1000-2000)
Sa dara háit: ***Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo***

Gradam Speisialta Feabhais i Comhtháthú Sóisialta – Oileán Éadaigh, Contae Mhaigh Eo

An Scéim "NeighbourWood"

Is scéim deontais coillearnaí é an Scéim NeighbourWood atá ar fáil do ghrúpaí pobail a riarann agus a bhainistíonn an t-údarás áitiúil le maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar bhunú coillearnach nua agus

coillearnach atá ann cheana atá gar do bhailte agus do shráidbhailte.

I gcomhar le grúpaí pobail éagsúla d'éirigh le Comhairle Contae Mhaigh Eo maoiniú a fháil i gcomhair ceithre scéim sna láithreacha seo ar fud an chontae, do na hoibreacha seo a leanas -

- Coillearnach Nua a Bhunú,
- Coillearnach atá ann a Fheabhsú
- Áiseanna Siamsaíochta Faoin Aer a Sholáthar

Ionaid Súgartha

Faoi thogra nua Chomhairle Contae Mhaigh Eo chonacthas soláthar áiseanna nua Súgartha sna príomhcheantair uirbeacha.

Ionad Cathartha Bhéal an Mhuirthead

Mar gheall ar an rath a bhí ar na láithreacha súgartha a soláthraíodh in 2006 i gCnoc Mhuire, Béal an Mhuirthead agus Baile na Craigh, rinneadh saoráidí súgartha eile dá leithéid a fhorbairt in 2007 ag Baile an Daighin, Béal Easa, Béal Átha na Muice agus Baile an Róba.

Ealaín Phoiblí

Bhain Comhairle Contae Mhaigh Eo an-úsáid as an Scéim 'Percentage For Art' de chuid na Ranna Comhshaoil i gcomparáid le hÚdaráis Áitiúla eile sna 15 bliana a chuaigh thart.

Baineadh amach forbairt beartais, forfheidhmiú réimse níos leithne cleachtais choimisiúnaithe agus úsáid réimse níos mó cleachtais ealaíon trí obair an Chomhordaitheora Ealaíne Poiblí i gcomhar leis an Oifig Ealaíon agus Rannóg an Ailtire.

Tiomsaíodh na coimisiúin seo a leanas in 2007 -

‘**Golden Moments’ le Margo McNulty**, sraith eitseálacha ó leabhar dar teideal ‘Golden Moments with Thomas Davis’ a bhí i seilbh Mary Coghlan, cailínchara Mícheál Ó Coileáin, a maoiníodh ó thionscadal tithíochta sóisialta i gCoillte Mach.



‘*Golden Moments’, le Margo McNulty’*

agus 3 shaothar péintéireachta le Fabrizio Simeoni atá lonnaithe i Leabharlann Chluain Cearbán

Airgeadas

Tá Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as bailiúchán cáine atá ag dul do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus íocaíochtaí airgid agus táillí ag dul ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Déileálann Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Mhaigh Eo le bailiú:

- Rátaí Tráchtála
- Muirir Uisce
- Cíos ar Thithe
- Iasachtaí ar Thithe

Rátaí Tráchtála

In 2007, eisíodh 2,700 éileamh ar rátaí agus bailíodh €11.11 milliún. Is ionann é seo agus céatadán bailithe 95%. Bailítear timpeall 8.5% de chaiteachas airgeadais Chomhairle Contae Mhaigh Eo trí mhuirir rátaí. Tá géarghá, dá bhrí sin, le bailiúchán rátaí ar mhaoin thráchtála agus thionsclaíoch le raon seirbhísí na Comhairle a chothabháil.

Muirir Uisce

Gearann Comhairle Contae Mhaigh Eo muirir ar uisce a sholáthraítear le haghaidh úsáid ghnó ar nós úsáidí talmhaíochta, tráchtála agus tionsclaíochta. Cuirtear billí chuig custaiméirí móra ar bhonn táillí méadraithe agus cuirtear billí praghas seasta chuig daoine eile. Tosóidh struchtúr nua muirear seirbhísí uisce i mí Eanáir 2008.

Méid iomlán na Táillí Uisce a bailíodh in 2007: €3.8 milliún.

Cíos ar Thithe

Tá thart ar 1,550 cuntas cíos ar thithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Ba é an méid iomlán cíosa a bailíodh in 2007 ná €3.04 milliún.

Iasachtaí ar Thithe

Tá thart ar 1,580 cuntas iasachta tithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Is é an méid iomlán táillí iasachtaí ar thithe a bailíodh in 2007 ná €3.28 milliún

Cleachtais Íocaíochta

Déantar Íocaíochtaí Ginearálta go seachtainiúil tríd an Rannóg Airgeadais. Déanann an tOifigeach Sinsearach cuí gach íocaíocht a sheiceáil agus a dheimhniú sula gcuirtear isteach le haghaidh íocaíochta iad.

Íoc Pras Cuntas

Éilíonn an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, go ndéanann an Chomhairle íocaíocht laistigh de 45 lá ó ghlactar le sonrasc nó ar glacadh le hearraí - pé acu sin is déanaí. Tháinig dlí de chuid an Aontais Eorpaigh, a tugadh isteach ar an 8ú Lúnasa 2002, in áit na reachtaíochta sin. Éilíonn an rialachán seo go mbeadh gá le hús pionóis a íoc mura ndéantar íocaíochtaí ar ábhair tráchtála laistigh de thríocha lá, mura bhfuil a leithéid eile sonraithe ar chonradh nó trí aontú eile. Is é an ráta pionós úis ná .0281% in aghaidh an lae.

- In 2007 d'íoc an Chomhairle €96.17 as íocaíochtaí déanacha faoin Acht/Rialachán.

Bainistiú Airgeadais

- Déanann an Chomhairle iarracht feabhas a chur ar Bhainistiú Airgeadais trí:

    - Monatóireacht, bainistíocht agus rialú leanúnach ar acmhainní airgeadais na Comhairle a dhéanamh.
    - Luach airgid a chinntiú i ngíomhaíochtaí uile na Comhairle.
    - Neartú ar ról an iniúchta inmheánaigh agus athbhreithniú leanúnach ar chleachtais rialaithe inmheánacha le trédhearcacht a chinntiú i ngníomhaíochtaí na Comhairle.
    - Na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Chomhairle a uasmhéadú trí fhiosrú leanúnach ar dheiseanna airgeadais ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus leibhéal an Aontais Eorpaigh agus trí bhainistiú éifeachtach ar bhailiú fiacha.

Mótarcháin

Déileálann an oifig Mótarchánach le riaradh córas Ceadúnaithe Feithicle agus Tiomána do chontae Mhaigh Eo.

Faoi láthair tá 3 oifig ag feidhmiú atá lonnaithe sna háiteanna seo leanas:

- Glenpark, An Meal, Caisleán an Bharraigh.
- Oifigí Cathartha, Béal an Átha
- Oifigí na Comhairle, Béal an Mhuirthead.

Déan teagmháil le 094 9047600 nó ríomhphost motortax@mayococo.ie

In 2007 bhí Mótarcháin ar fáil ar líne do chustaiméirí. Is féidir an tseirbhís sin a úsáid le hathnuachan a dhéanamh ar cháin ar fheithiclí príobháideacha, rothair gluaiste agus tarracóirí talmhaíochta.

	2005	2005 Ar Líne	2006	2006 Ar Líne	2007	2007 Ar Líne
Líon Clarúcháin Nua	**5,499**		5,995		5,840	
Líon Dioscaí Cánach eisithe	90,703	15,009	92,815	21,282		27,163
Líon Ceadúnais Tiomána eisithe	14,350		15,432		15,089	
Riaráistí Fáltais	9,829	953	9,763	1,503	10,871	2,084
CRW	7,745		9,530		10,950	
Teastais Clárúcháin Dúbáilte	1,236		1,634		1,801	
Ilghnéitheach	870		699		691	
Eisiúintí Iomlána	**124,733**	**15,962**	**129,883**	**22,785**	**133,718**	**29,247**
Ioncam Iomlán	**€20,050,995**	**€3,232,480**	**€20,581,050**	**€4,752,811**	**€21,246,882**	**€6,183,562**

Cé go bhfuil Mótarcháin Ar Líne ag eisiúint 22,785 idirbheartaíocht do Mhaigh Eo anois, tá ár mbeartais áitiúla ag méadú go fóill agus tá na figiúirí foriomlána níos airde anois ná mar a bhí sular tugadh isteach an Mhótarcháin Ar Líne in 2004.

Bhí na rátaí dleachta go díreach mar an gcéanna i rith na mblianta a thaispeántar.

Acmhainní Daonna

CEAPÚCHÁIN BHUANA 2007		
AINM BAISTE	**SLOINNE**	**POST**
Kenneth	Morley	Innealtóir Feidhmiúcháin
Kieran	Joyce	Oifigeach Foirne
Andrew	Canning	Teicneoir Ailtireachta/Tógála Grád I (Buan)
Derek	Sheridan	Feighlí Uisce Grád V – Ionad Ghleann Oileáin
John	McHale	Éascaitheoir Comhpháirtíochta (Buan)
Geraldine	Barrett*	Oibrí Rialaithe Éigeandála Páirtaimseartha
Robert	Stewart	Oibritheoir Rialaithe Éigeandála
Christina	Kavanagh	Oifigeach Cléireachais
John	Nestor	Oifigeach Cúnta Dóiteáin
Kieran	Commons	Oifigeach Foirne Cúnta
Mary	Costello	Oifigeach Cléireachais
Regina	Redmond*	Oibritheoir Rialaithe Éigeandála
David	Breen	Oibritheoir Ginearálta – aistriú ó Chomhairle Baile Chaisleán an Bharraigh
Bernadette	Carroll	Oibritheoir Rialaithe Éigeandála
Mark	O'Donnell	Innealtóir Cúnta (Buan)
Barry	Freeman	Pleanálaí Cúnta (Buan)
Padraic	Keane	Oibritheoir Ginearálta
* Éirithe as an bpost ó shin.		

ARDÚ CÉIME 2007			
AINM BAISTE	**SLOINNE**	**Ó**	**GO:**
Martina	Hughes	Oifigeach Foirne	Ardoifigeach foirne
Sandra	Sheehan-Deasy	Oifigeach Cléireachais	Oifigeach Foirne Cúnta
Joan	Walsh	Pleanálaí Cúnta	Pleanálaí Feidhmiúcháin
Padraic	Molloy	Oibritheoir Ginearálta	Feighlí Oibreacha Uisce Grád III
Enda	Casey	Pleanálaí le céim	Pleanálaí Cúnta
Michael	Livings	Innealtóir le céim	Innealtóir Cúnta
Cathriona	Hennigan	Maor Madraí	Maor Tráchta/Bruscair
Maura	Lawless	Oifigeach Foirne Cúnta	Bainisteoir an Ionaid Oiliúna Réigiúnach
Carina	McGinty	Pleanálaí Cúnta	Pleanálaí Feidhmiúcháin
Ann Marie	Brett	Oifigeach Foirne Cúnta	Oifigeach Foirne
Olivia	Gallagher	Oifigeach Foirne	Oifigeach Foirne

		Cúnta	
Patricia	Donnelly	Oifigeach Foirne Cúnta	Oifigeach Foirne
Geri	Joyce	Oifigeach Cléireachais	Oifigeach Foirne Cúnta
Maureen	McGee Garvey	Oifigeach Cléireachais	Oifigeach Foirne Cúnta
Rosemary	Doyle	Oifigeach Cléireachais	Oifigeach Foirne Cúnta
Christina	Kavanagh	Oifigeach Cléireachais	Oifigeach Foirne Cúnta
Angela	Keegan	Leabharlannaí Craoibhe Páirtaimseartha	Oifigeach Foirne don Leabharlann

Liosta na bhFostaithe a d'éirigh as a bpostanna in 2007

James Costello
Thomas Gannon
Patrick O Hara
John Foy
Raymond Norton
Thomas Cusack
Thomas Mannion
Martin McDonnell
Peter Moran
John F Ruane
Frank Fitzgerald
Jim Egan

Boird Agallaimh 2007

Líon Comórtas:	40
Líon na mBord Déanta suas de	96 Fear agus 31 Bean

Cothromaíocht Oibre agus Saoil

Aithníonn Comhairle Contae Mhaigh Eo an gá atá ag fostaithe cothromaíocht a bhaint amach idir a saoil oibre agus baile agus tá réimse beartas tugtha isteach atá ar fáil do gach fostaí chun cothromaíocht oibre agus saoil a bhaint amach. Áirítear ina measc sin

- Saoire Tuismitheorachta
- Saoire Force Majeure
- Comhroinnt Oibre
- Saoire Aithreachais
- Sosanna Gairme
- Saoire Máithreachais

- Saoire Uchtála
- Fleisc-am
- Am Téarma
- Saoire Cúramóra
- Saoire Staidéir/Scrúduithe

Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise (TFC)

Forléargas

1. Tugann an Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise (TFC) cabhair agus tacaíocht don bhainistíocht ina ról mar sholáthróirí agus mar bhainisteoirí ar sheirbhísí éagsúla agus cabhraíonn sé leo na cuspóirí corparáideacha atá leagtha amach i bPlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach. Déanann an Rannóg TF soláthar agus bainistiú ar an mbonneagar TFC a chuireann ar chumas gach oifig réigiúin, lena n-áirítear Comhairlí baile, Leabharlanna agus Seirbhísí Dóiteáin etc. cumarsáid a dhéanamh le chéile agus sonraí a mhalartú i dtimpeallacht shlán shábháilte. Is é ár gcuspóir ríomhchumasú a dhéanamh ar an oiread dár seirbhísí agus is féidir ionas go mbeidh siad ar fáil do chustaiméirí ar bhonn 24/7. Tá an próiseas sin faoi lánseol anois agus tá roinnt mhaith dár seirbhísí dílárnaithe. Cuireann an Rannóg TF tacaíocht phraiticiúil ar fáil d'Údaráis Áitiúla uile Mhaigh Eo, chomh maith le hoiliúint agus pleanáil teicneolaíochta TF do na Rannóga uile. Ceadaíonn an Struchtúr Foirne córais nua agus leasaithe bogearraí a chruthú agus a fheidhmiú chun próisis agus táirgiúlacht ghnó a fheabhsú agus chun tacaíocht a thabhairt do shuíomhanna idirlín na Comhairle.

Buaicphointí 2007

- Fuair an Rannóg TF Teastas ISO 27001 dá bheartais agus dá nósanna imeachta. Tá sé deartha chun seirbhísí TFC a dhéanamh sábháilte agus ardrochtain a choinneáil.
- Bhuaigh siad an Dámhachtain ríomhRialtas i gcomhair Rochtain gréasáin, dhá Dhámhachtain Nuálaíochta agus bhí páirt lárnach acu i ngach suíomh gréasáin de chuid na Comhairle a dhéanamh inrochtana a chabhraigh le Comhairle Contae Mhaigh Eo Dámhachtain Foriomlán Rochtana O2 (Earnáil Phoiblí) agus trí teideal NDA Feabhas trí Inrochtaineacht a bhuachan.
- Cuireadh an córas Réamhphleanála Féinseirbhíse (SSPS) i láthair chomhdháil EISCO an AE mar shampla den dea-chleachtas.
- Uasghrádaíodh an LAN go córas gan sreang 34mb ag nascadh cúig de na príomhoifigí. Déanfar uasghrádaithe eile in 2008.
- Cuireadh oiliúint TFC ar fáil do 198 ball foirne. Cuireadh cúrsaí oiliúna ríomhshaoránach, CETR, ardCETR agus oiliúint ar phríomhchórais inmheánacha ar fáil.
- Uasghrádaíodh seomra na Comhairle chun rochtain gan sreang gréasáin agus ríomhairí glúin a chur ar fáil do Chomhairleoirí le linn cruinnithe. Cuireadh oiliúint leibhéal CETR bunúsach ar fáil do 13 Chomhairleoir chun tacú leo ina gcruinnithe nua leictreonacha. Tá na cáipéisí cruinnithe ar fad ar fáil do Chomhairleoirí agus don phobal ag www.mayococo.ie/eagenda
- Cuireadh oiliúint ar fáil do 7 grúpa pobail agus deonach agus fearais ríomhaireachta do 13 grúpa ag baint leas as maoiniú deontais ASC ó Roinn an Taoisigh.
- Tá oiliúint Mobhaile ar fáil go leanúnach do ghrúpaí pobail agus deonacha ón mbliain 2004. Go dtí seo, tá oiliúint faighte ag 101 grúpa i dtaobh a suíomhanna gréasáin féin a thógáil agus a chothabháil.

- Cruthaíodh Dámhachtain Duine na Bliana Rehab don chúigiú bliain as a chéile. Shaothraigh an t-imeacht bliantúil sin €30,000 do Rehab.
- Leanadh le tacaíocht do 15 suíomh gréasáin poiblí, Eislíon Comhairleora agus inlíon foirne. Fuair Mayococo.ie breis is 30,000 cuairteoir gach mí in 2007.
- Sábháil Leanúnach Costas:
    - Úsáid leanúnach Ríomhthairiscintí: sábháil bhliantúil 200,000
    - An Tuarascáil Bhliantúil a Fhoilsiú: sábháil 20,000 sa bhliain
    - Teileafóin Guthú IP: sábháil bhliantúil 60,000
    - Eislíonra agus ríomhchlár oibre: sábháil bhliantúil 10,000 (measta)
    - Inlíon: 5000+ uair an chloig foirne sa bhliain sábháilte
- Feabhsú Próisis Gnó
    - Tiomsaíodh Tionscadal Feabhsuithe Próisis Gnó d'aighneachtaí agus do riaradh Iarratais Pleanála: Forfheidhmíodh feabhsúcháin molta chun próisis inmheánacha a éascú agus am cinnteoireachta a laghdú.

Cuspóirí Ginearálta

Deontais Ardoideachais

Tugann deontais tríú leibhéil cúnamh ríthábhachtach riachtanach do mhic léinn Mhaigh Eo ina gcontae féin agus lasmuigh de araon.

- **Deontais nua bronnta 431**
- **Athnuachan 918**
- **Iomlán ag baint tairbhe as 1,349**
- Caitheadh níos mó ná €6.67m ar Dheontais Ardoideachais in 2007.
-
-

Saoráil Faisnéise

Rinneadh 47 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2007.

Foghlaim agus Forbairt

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta don Oiliúint agus d'Fhorbairt Acmhainní Daonna chun ár gcuspóirí agus ár spriocanna a bhaint amach. Aithnímid go bhfuil an rath atá orainn maidir le seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar don phobal bunaithe ar fhórsa oibre dílis tiomanta. Measaimid go bhfuil sé tábhachtach spiorad foirne a spreagadh sna fostaithe go léir trí Phlean Oiliúna agus Forbartha fadbhreathnaitheach a fhorfheidhmiú dár bhfostaithe i ngach réimse gníomhaíochta, Plean a mbeidh inchur ann ag gach fostaí ó thaobh ullmhúcháin agus comhlíonadh.

Tá an Chomhairle tiomanta d'oiliúint agus d'fhorbairt baill thofa. Cuireadh oiliúint TF ar fáil do na Comhairleoirí in 2007.

- Caitheadh os cionn €3m ar Oiliúint agus ar Fhorbairt na bhfostaithe in 2007, 6% de na costais iomlán foirne, agus 4,479 lá oiliúna san iomlán.

Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh

Ba bhliain fíor-rathúil é 2007 d'Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh.

Seachad an tIonad Oiliúna 242 cúrsa agus seimineár oiliúna i rith na tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2007. D'fhreastail 2,674 duine orthu agus bhí 3,688 lá oiliúna i gceist le linn na tréimhse sin – méadú 30% ar 2006.

Léiríonn na réamhfhigiúir **láimhdeachas €1.4 milliún** agus brabús €4,000.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na cúrsaí a sheachadadh mar seo a leanas:

Cineál Cúrsa	*Líon na gCúrsa ar fáil*	*Líon na Rannpháirtithe*	*Laethanta Feastail*
Bóithre Neamhnáisiúnta	145	1245	1622
Seirbhísí Uisce	12	248	312
Eile	85	1181	1754
	242	***2674***	***3688***

Is féidir sonraí céatadáin a léiriú sna catagóirí éagsúla mar atá sa ghraf seo a leanas:



Foilsíodh roinnt tuarascálacha le déanaí maidir le 'Foghlaim Fadsaoil', an ceann is ábhartha díobh ná *Tomorrow's Skills: Towards a National Strategy,* Grúpa Saineolach ar Riachtanais Scileanna Todhchaí 2007. Molann an tuarascáil scileanna na 500,000 duine sa lucht oibre a uasghrádú. Aithnítear go mbeidh sin deacair, go háirithe dóibh sin le 'leibhéal scileanna níos ísle, .i. faoi bhun cáilíochtaí leibhéal 5, a mbíonn deacrachtaí acu teacht ar dheiseanna oiliúna agus oideachais'. Molann an tuarascáil oiliúint Bainistíochta agus Teicniúil/Gairmeach a mhéadú chomh maith. Deir sé go mbeidh ar 'Fhostaithe i ngach post réimse scileanna aicmeach agus inaistrithe a fháil, scileanna daoinebhunaithe agus coincheapúil/smaoinimh san áireamh'. Tá *Ionad*

Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh ag cur oiliúint ar fáil cheana féin sna réimse sin agus tá sé in ann cabhrú le cuspóirí na tuarascála sin a chur ar fáil go háitiúil.

Córas Bainistithe agus Forbartha Gníomhúcháin (PMDS)

Tá meascán d'fheidhmiúchán agus d'fhorbairt phearsanta agus foirne i gceist le PMDS agus is córas forbartha bainistithe é chomh maith le córas bainistithe feidhmithe. Is córas foireannbhunaithe é agus aontaíonn gach foireann le Plean Forbartha Foirne (TDP) atá nasctha le Plean Corparáideach na Comhairle. Bíonn an Plean Forbartha Foirne ina bhonn ansin do Phlean Forbartha Pearsanta (PDP) gach ball den fhoireann.

Thosaigh Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo athbhreithniú ar an PMDS in mí na Nollag 2007 a chinntigh eolas, scileanna agus cumais ár bhfostaithe a fhorbairt go leanúnach, ag cinntiú ardchaighdeán seirbhíse dár gcustaiméirí.

Cúrsaí Tríú Leibhéil a chríochnaigh Baill Foirne in 2007.

Teastas i Léann Rialtas Áitiúil
Lisa Ruane / Jackie McCann / Niamh Coy / Sheila Mangan / Breege Gordon / Claire Ryan / Marie Langan / Sandra Denning / Declan Davoren / Kevin Cooke.
Teastas in Oiliúint agus Measúnú
Liz Morrissey
Teastas i gCúnamh Fostaithe
Mary McHugh/ Mary Murphy
Dioplóma OE i Léann Rialtas Áitiúil
Helen McDermott / Rebecca Munnelly / Karen Ruane / Sandra Deasy / Anna Connor / Geraldine Joyce
Dioplóma Iarchéime i mBainistiú Rialtais Áitiúil
Alex Fleming
Ard-Dioplóma i Staidéar Ríomhairí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim
Margaret Mulligan / Grainne Roughneen
BA Innealtóireacht i dTeicneolaíocht Mórbhealaí
Mark McDonnell / Darren Forde /Barry Ryan /Robert Coyne

An Dr Michael McLoughlin le Darren Forde agus Robert Coyne ar ar bronnadh BA Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Mórbhealaí

MA i Riarachán Gnó
Marie Crowley

Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara

I rith 2007, rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo caiteachas €1,634.43, faoi Alt 76 den Acht Rialtas Áitiúil 2001.

Coiste Comhpháirtíochta an Ionaid Oibre Áitiúil

Tá an Chomhpháirtíocht Ionaid Oibre neadaithe anois in Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo, agus glactar leis anois gur mar seo a fheidhmímid. Glactar leis go hiondúil gurb é seo an bealach is fearr chun dul chun cinn a dhéanamh agus athrú eagrúcháin a dhéanamh ar bhonn comhaontaithe. Cuirtear béim ar thábhacht na Comhpháirtíochta sa láthair oibre sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta is déanaí *I dTreo 2016*. Cuirtear bonn faoi na treoracha le haghaidh comhairliúcháin bhríoch d'fhostaithe agus do cheardchumainn i réimse an athraithe san Acht Faisnéise agus Comhairliúcháin d'Fhostaithe 2006, agus i gciorcláin éagsúla ó ranna maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin. Chuir Coiste Comhpháirtíochta Áitiúil Mhaigh Eo prótacal Athrú Suntasach a Láimhsiú i bhfeidhm sa réimse sin don cheithre Údarás Áitiúil. Buaileann an Bhainistíocht Shinsearach, Baill Chomhpháirtíochta agus oifigigh Cheardchumainn Shinsearacha le chéile roinnt uaireanta in aghaidh na bliana chun an clár oibre a phlé maidir le sin sa todhchaí. Áirítear ar na hábhair reatha Comhpháirtíochta an próiseas comhairliúcháin maidir le Tionscadail Chaipitil Seirbhísí Uisce, Straitéis le haghaidh Clóis Innealra, Athbhreithniú ar an PMDS, Pleananna Gnímh/Tuarascálacha Dul Chun Cinn – T2016, agus Fíorú Gníomhaíochta maidir leis an gComhaontas reatha Comhpháirtíochta Sóisialta.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le Scéim Teanga na nÚdarás Áitiúla Mhaigh Eo 2005-2008 de réir Cuid 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 22 Nollaig 2006.

Clár na dToghthóirí/Clár Eagraithe 2008/2009

1.	Dáilcheantar	Toghthóirí Uachtaránachta	Toghthóirí Dála
	Maigh Eo	95,250	97,767
	IOMLÁN	**95,250**	**97,767**

2.	Toghcheantar Phairlimint na hEorpa	Toghthóirí Eorpacha	Toghthóirí Féideartha Eorpacha
	Iarthuaisceart	97,957	964
	Iomlán	**97,957**	**964**

3.	Toghcheantair Áitiúla	Toghthóirí Rialtas Áitiúil
	Béal an Átha	19,653
	Baile an Róba	9,706
	Béal an Mhuirthead	11,233
	Caisleán an Bharraigh	21,479
	Clár Chlainne Mhuiris	11,956
	Béal Átha na Muice	12,667
	Cathair na Mart	12,829
	Iomlán	**99,523**

4.	Comhairle Baile	Toghthóirí Rialtas Áitiúil
	Comhairle Baile Bhéal an Átha	7,559
	Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh	7,958
	Comhairle Baile Chathair na Mart	3,477
	Iomlán	**18,994**

Cuid II – Vótóirí Poist							Cuid III – Vótóirí Speisialta
Dáilcheantar	**Gardaí**	**Fórsaí Cosanta**	**Taidhleoirí**	**Míchumas Fisiciúil**	**Gairm srl**	**Príosúnaigh**	**Vótóirí Speisialta**
Maigh Eo	4	100	2	139	14	0	277
Iomlán	**4**	**100**	**2**	**139**	**14**	**0**	**277**

Cuid IV – Clár Eagraithe				
Dáilcheantar	**Toghthóirí Uachtaránachta**	**Toghthóirí Dála**	**Toghthóirí Eorpacha**	**Toghcheantair Áitiúla**
Maigh Eo	8,621	9,273	9,333	9,995
Iomlán	**8,621**	**9,273**	**9,333**	**9,995**

Cuid V – Vótóirí Poist ar an gClár Eagraithe							Cuid VI – Vótóirí Speisialta ar an gClár Eagraithe
Dáilcheantar	**Gardaí**	**Fórsaí Cosanta**	**Taidhleoirí**	**Míchumas Fisiciúil**	**Gairm srl**	**Príosúnaigh**	**Vótóirí Speisialta**
Maigh Eo	1	7	0	10	0	0	14
IOMLÁN	**1**	**7**	**0**	**10**	**0**	**0**	**14**

Rochtain Uilíoch a Fhorfheidhmiú

Éilíonn an tAcht Míchumais 2005 ceithre Údarás Áitiúil Mhaigh Eo rochtain iomlán agus cothrom a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas dá seirbhísí ar fad. Tá Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo tiomanta dá n-oibligeáid a chomhlíonadh de réir an Achta sin. Tá prionsabail rochtana uilígh glactha againn agus táimid ag obair chun iad a chur i bhfeidhm. Cothaíonn agus spreagann an obair reatha atá ar siúl ag Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo deiseanna cothroma do dhaoine faoi mhíchumas. Cumasaíonn sin rannpháirtíocht níos fearr sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha ár bpobail. Mar thoradh ar an obair agus na hathruithe go dtí seo maidir le prionsabail rochtana uilíocha a fhorfheidhmiú, tá cúig mhórdhámhachtain buaite ag Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo in 2007.

- Dámhachtain Cumais O2 – buaiteoir don earnáil phoiblí.

- Dámhachtain ríomhRialtas dár suíomh gréasáin.
- Trí dhámhachtain Feabhas trí Inrochtaineachta ón Údarás Forbartha Náisiúnta in 2007.

Láithriú gradam Feabhas Trí Inrochtaineachta an Údarais Forbartha Náisiúnta d'Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh.

Láithriú gradam Feabhas trí Inrochtaineachta an Údarais Forbartha Náisiúnta do Leabharlann Bhéal an Átha

Láithriú gradam Excellence through Accessibility Údaras Forbartha Náisiúnta do Páirc Fóillíochta Chathair na Mart